

Treoirleabhar Praiticiúil maidir le Measúnú Aoise



Treoirleabhar Praiticiúil maidir le Measúnú Aoise

Mí na Samhna 2025

Le 19 janvier 2022, le Bureau européen d'appui en matière d'asile (EASO) est devenu l'Agence de l'Union européenne pour l'asile (EUAA). Toutes les références à l'EASO ainsi qu'aux ressources et organes de l'EASO doivent s'entendre comme des références à l'EUAA.



Tugadh an lámhscríbhinn chun críche i mí na Samhna 2025

An tríú heagrán

Níl Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) ná aon duine atá ag gníomhú thar a ceann freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis seo a leanas.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025

Leagan clóite ISBN 978-92-9418-402-3 doi:10.2847/0090227 BZ-01-25-063-GA-C

PDF ISBN 978-92-9418-401-6 doi:10.2847/3547031 BZ-01-25-063-GA-N

© Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), 2025

Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinsé.

Le haghaidh míreanna nach bhfuil faoi úinéireacht EUAA, d'fhéadfadh sé gur ghá cead a iarraidh go díreach ar shealbhóirí na gceart faoi seach. Níl cóipcheart ag EUAA maidir leis na heilimintí seo a leanas:

Grianghraf cumhdaigh: [Seventyfour](#), ID 571507909], © Adobe Stock, 2025.



Maidir leis an treoirleabhar

Cén fáth ar cruthaíodh an treoirleabhar seo? Is é misean Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) gníomhaíochtaí Bhallstáit an Aontais agus thíortha comhlachaithe Schengen (tíortha AE+ ⁽¹⁾) a éascú agus tacú leo maidir le cur chun feidhme an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn (CET). Glacadh an Comhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann ⁽²⁾ i mí na Bealtaine 2024. Déantar tagairt in Airteagal 25 den Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta ⁽³⁾ (RCI) don nós imeachta um measúnú aoise. Leis an nuashonrú seo, cuirtear leis an dara leagan den treoirleabhar a d'fhoilsigh an ghníomhaireacht i mí Mheán Fómhair 2018, agus léiríonn sé na hathruithe reachtacha a tugadh isteach leis an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann.

Conas a forbraíodh an treoirleabhar seo? Chun an treoraíocht a ailíniú leis an gcreat dlíthiúil nua, chomhoibrigh EUAA le saineolaí seachtrach agus fuair sé ionchur luachmhar ón gCoimisiún Eorpach, ó UNHCR agus ó UNICEF. Sular tugadh chun críche é, rinneadh comhairliúchán maidir leis an treoirleabhar le tíortha uile AE+ trí Lónra Saineolaithe EUAA maidir le Leochaileacht agus Lónra Próiseas Tearmainn EUAA. Ghlac Bord Bainistíochta EUAA an treoirleabhar i mí na Samhna 2025.

Cé air a bhfuil an treoirleabhar seo dírithe? Tá an treoirleabhar seo beartaithe go príomha do phearsana a bhfuil sé de chúram orthu an nós imeachta um measúnú aoise a iarraidh agus a chur i gcrích nuair a bhíonn amhras ann, a bhfuil bunús leis, faoi aois iarratasóra ar chosaint idirnáisiúnta. D'fhéadfadh sé go mbeadh na húdaráis atá freagrach as an bpróiseas measúnaithe aoise éagsúil ó thír go tír. I bhfianaise chineál comhoibríoch an mheasúnaithe aoise, tá sé tábhachtach go mbeadh grúpa ildisciplíneach gairmithe rannpháirteach ann. Dá bhrí sin, ba cheart an treoirleabhar seo a scaipeadh agus a chur ar fáil do na páirtithe uile a d'fhéadfadh a bheith rannpháirteach sa phróiseas measúnaithe aoise. Áirítear orthu sin iad siúd a bhfuil baint dhíreach acu mar mheasúnóirí, caomhnóirí, comhairleoirí dlí, dlíodóirí, oifigigh cosanta leanaí agus an lucht cinnteoireachta, chomh maith leo siúd a bhfuil baint indíreach acu mar chomhpháirtithe a tharchuireann an t-iarratasóir le haghaidh measúnú.

Conas an treoirleabhar seo a úsáid

Is féidir le cleachtóirí an treoirleabhar seo a úsáid chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cinneadh a dhéanamh i dtaobh an bhfuil gá le measúnú aoise agus an bhféadfadh sé a bheith éifeachtach chun deireadh a chur leis an amhras maidir le haois an duine aonair;

⁽¹⁾ Na 27 mBallstát den Aontas Eorpach, arna gcomhlánú ag an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis.

⁽²⁾ An Coimisiún Eorpach: An Ard-Stiúrthóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile, 'An Comhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann', suíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh, an 21 Bealtaine 2024, https://home-affairs.ec.europa.eu/policies/migration-and-asylum/pact-migration-and-asylum_en.

⁽³⁾ [Rialachán \(AE\) 2024/1348](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena mbunaítear nós imeachta coiteann le haghaidh cosaint idirnáisiúnta san Aontas agus lena n-aisghairtear Treoir 2013/32/AE (IO L, 2024/1348, 22.5.2024).



- a chinntiú go bhfuil na coimircí is gá i bhfeidhm agus go n-urramaítear cearta leanaí le linn an phróisis, lena n-áirítear an ceart éisteachta agus cúnamh ó chaomhnóir nó ó thuismitheoir(i) agus ó dhlíodóir nó ó chomhairleoir dlí;
- a chinntiú go bhfuil an próiseas measúnaithe aoise ag teacht le reachtaíocht an Aontais agus leis an reachtaíocht náisiúnta agus, dá bhrí sin, gur féidir é a aithint go frithpháirteach i measc thíortha AE+.

Tá an treoirleabhar seo ceaptha chun tacú le húdaráis inniúla agus le gníomhaithe eile a bhfuil baint acu le nósanna imeachta um measúnú aoise trí na nithe seo a leanas a sholáthar:

- faisnéis ghinearálta maidir leis an measúnú aoise agus na ceanglais dhlíthiúla de réir an Chomhshocraithe (féach [Caibidil 2 Cearta agus coimircí nós imeachta](#));
- breithnithe ginearálta a bhaineann le cur chun feidhme praiticiúil an phróisis measúnaithe aoise (féach [Caibidil 3 Cur chun feidhme praiticiúil an phróisis measúnaithe aoise](#));
- forbhreathnú ar an gcur chuige cascáide agus ildisciplíneach chun aois a mheasúnú, lena mínítear go sonrach bunú agus feidhmiú foirne ildisciplíneacha agus an ról atá ag na foirne sin a thacaíonn le scrúduithe leighis, i gcás inarb infheidhme (féach [Roinn 3.3.2 Measúnú leighis: tús áite a thabhairt don scrúdú is lú ionracht](#));
- míniú ar conas an measúnú aoise iarbhír a chur i bhfeidhm trí na modhanna éagsúla a chur i láthair (féach [Iarscríbhinn 1 – An t-agallamh um measúnú aoise](#) agus [Iarscríbhinn 2 – Measúnú síceasóisialta](#));
- breithnithe praiticiúla ginearálta atá le cur san áireamh (féach [Iarscríbhinn 3 – Seicliostaí – Caighdeán is infheidhme, Soláthar faisnéise, Cúram agus sábháilteacht](#)).

Conas a bhaineann an treoirleabhar seo le reachtaíocht agus cleachtas náisiúnta?

Is uirlis bhog chóineasaithe é an treoirleabhar seo. Níl sé ceangailteach go dlíthiúil. Ceapadh an treoirleabhar chun cóineasú cleachtas measúnaithe aoise ar fud AE+ a fheabhsú, chun cabhrú le cleachtóirí nósanna imeachta comhsheasmhacha atá bunaithe ar chearta a chur chun feidhme agus, ag an am céanna, rialacháin shonracha AE agus náisiúnta a chomhlíonadh. I ngach ionstraim den Chomhshocrú, déantar tagairt do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Linbh ⁽⁴⁾(CRC), do Chairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha ⁽⁵⁾ (an Chairt), don Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine ⁽⁶⁾(ECHR) agus don chreat um chearta bunúsacha, ar nithe iad nach mór a bhreithniú feadh na conaire tearmainn ar fad, ag tosú leis an scagadh. Laistigh den chreat sin, soláthraítear leis an Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta príomhchoimircí lena dtreoraítear ceapadh agus cur chun feidhme nósanna imeachta um measúnú aoise.

⁽⁴⁾ Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, [An Coinbhinsiún um Chearta an Linbh, Na Náisiúin Aontaithe](#), Sraith Conarthaí, Iml. 1577, Ich. 3, an 20 Samhain 1989, <https://www.refworld.org/legal/agreements/unga/1989/en/18815>.

⁽⁵⁾ An tAontas Eorpach, [Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh](#), an 26 Deireadh Fómhair 2012, 2012/C 326/02.

⁽⁶⁾ Comhairle na hEorpa, [An Coinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, arna leasú le Prótacail Uimh. 11 agus Uimh. 14](#), an 4 Samhain 1950, ETS 5.



Conas a bhaineann an treoirleabhar seo le huirlisí, treoraíocht, moltaí eile maidir le measúnú aoise?

Tá *Treoirleabhar Praiticiúil maidir le Measúnú Aoise – An tríú heagrán*, 2025 ó EUAA ina chuid de shraith níos leithne uirlisí um measúnú aoise, is iad sin:

- beochan EUAA do leanaí [‘All you need to know about age assessment’](#) [Gach Rud is gá a bheith ar eolas agat faoi mheasúnú aoise];
- an leabhrán: EUAA, [All You Need to Know about Age Assessment](#) [Gach Rud is gá a bheith ar eolas agat faoi mheasúnú aoise], mí Eanáir 2022;
- beochan EUAA do chleachtóirí [‘Age assessment - Why? When? How?’](#) [Measúnú aoise - Cén fáth? Cathain? Conas?], agus na hábhair soláthair faisnéise do leanaí atá ar fáil sa tairseach [Let’s speak asylum](#) [Labhramis faoi thearmann].

Ba cheart an treoirleabhar seo a úsáid i gcomhar le:

- EUAA/FRA, *The Asylum Procedure – Practical tool for guardians* [An Nós Imeachta Tearmainn – Uirlis phraiticiúil do chaomhnóirí], 2023 agus
- EUAA, *Practical Guide on the Best Interests of the Child – Second edition* [Treoirleabhar Praiticiúil maidir le Leas an Linbh – An dara heagrán, (le teacht in 2026)].

Foilseofar cuid de threoirleabhair agus uirlisí praiticiúla EUAA dá dtagraítear sa treoirleabhair praiticiúil seo agus/nó tabharfar cothrom le dáta iad de réir a chéile idir 2025 agus 2027. Leis na nuashonruithe, déanfar na foilseacháin sin a ailíniú le hionstraimí reachtacha an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann. A luaithe a fhoilseofar iad, beidh na foilseacháin ar fáil ar líne mar aon le gach táirge EUAA eile ar [shuíomh gréasáin EUAA](#).

Séanadh

Ullmhaíodh an treoirleabhar seo gan dochar don phrionsabal nach féidir ach le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh léirmhíniú údarásach a thabhairt ar dhlí an Aontais.





Clár

Liosta giorrúchán.....	8
Gluais 10	
1. An tábhacht a bhaineann le haois.....	13
2. Cearta agus coimircí nós imeachta	16
2.1. Leas an linbh	18
2.. An toimhde mionaoise	21
2.2.1. Measúnú ar an bhfianaise dhoiciméadach	25
2.2.2. An t-údar atá leis an measúnú aoise.....	27
2.3. Caomhnóireacht nó ionadaíocht	28
2.4. Ról an chomhairleora dlí	30
2.5. An ceart chun faisnéise, rannpháirtíocht agus toiliú	32
2.6. Measúnóirí aoise cáilithe	34
2.7. Neamhchlaontacht agus neamh-idirdhealú le linn an phróisis measúnaithe aoise	38
2.8. Sochar an amhrais.....	41
3. Cur chun feidhme praiticiúil an phróisis measúnaithe aoise.....	42
3.1. Riachtanais speisialta a shainaitint	44
3.2. Cinneadh measúnú aoise a thionscnamh nó gan é a thionscnamh	45
3.2.1. Coimircí a ráthú agus mí-úsáid an chórais a chosc ag an am céanna.....	48
Comhlíonadh ráthaíochtaí nós imeachta	51
3.3. An cur chuige cascáide agus ildisciplíneach i leith an mheasúnaithe aois.....	54
3.3.1. Modhanna neamhleighis chun measúnú a dhéanamh ar aois	56
3.3.2. Measúnú leighis: tús áite a thabhairt don scrúdú is lú ionracht.....	60
3.4. An cinneadh	63
3.5. Agóid a dhéanamh in aghaidh an chinnidh maidir leis an aois.....	65
3.5.1. Athbhreithniú ar chinneadh measúnaithe aoise i bhfianaise fianaise nua.....	65
4. Teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus teicneolaíochtaí nua.....	66
5. Acmhainní breise	68
Iarscríbhinní.....	69
Iarscríbhinn 1 – An t-agallamh um measúnú aoise	69
Iarscríbhinn 2 – Measúnú síceasóisialta.....	80





Iarscríbhinn 3 – Seicliostaí – Caighdeáin is infheidhme, Soláthar faisnéise, Cúram agus sábháilteacht.....	90
Iarscríbhinn 4 – Foirm thoilithe shamplach chun páirt a ghlacadh i measúnú aoise	94
Iarscríbhinn 5 – Forléargas ar na modhanna measúnaithe aoise ó eagrán 2018 den treoirleabhar	96
Treoraíocht maidir le modhanna a chur chun feidhme de réir a chéile.....	97





Liosta giorrúchán

Giorrúchán	Sainmhíniú
an Chairt	Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh
an Rialachán maidir le Scagadh	Rialachán (AE) 2024/1356 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena dtugtar isteach scagadh ar náisiúnaigh tríú tír ag na teorainneacha seachtracha agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240 agus (AE) 2019/817.
Ballstáit	Ballstáit den Aontas Eorpach
CET	an Comhchóras Eorpach Tearmainn
COI	faisnéis faoin tír thionscnaimh
CRC	Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh
EUAA	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann
Eurodac	An Bunachar Sonraí Eorpach um Dhachtalascópacht Tearmainn
FRA	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha
IS	intleacht shaorga
Leas an linbh	Leas an linbh
QR	an Rialachán Cáilitheachta — Rialachán (AE) 2024/1347 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le caighdeáin i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhith de chosaint idirnáisiúnta, i dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a dheonaítear, lena leasaítear Treoir 2003/109/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
RBTI	an Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce — Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bainistiú tearmainn agus imirce, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1147 agus (AE) 2021/1060 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 604/2013





Giorrúchán	Sainmhíniú
RCD (2024)	an Treoir maidir le Dálaí Glactha – Treoir (AE) 2024/1346 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena leagtar síos caighdeán a bhaineann le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a ghlacadh.
RCI	an Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta — Rialachán (AE) 2024/1348 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena mbunaítear nós imeachta coiteann le haghaidh cosaint idirnáisiúnta san Aontas agus lena n-aisghairtear Treoir 2013/32/AE
THB	gáinneáil ar dhaoine
UNHCR	Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe
UNICEF	Ciste Éigeandála Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe do Leanaí





Gluais

Amhras a bhfuil bunús leis: is ann d’amhras a bhfuil bunús leis nuair nach féidir aois dhearbhaite an duine aonair a fhionnadh nó nuair a bhréagnaítear í tar éis an fhóraithe aoise – lena n-áirítear éisteacht le mínithe na n-iarratasóirí, athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfianaise dhoiciméadach atá ar fáil, agus fianaise agus tásca ábhartha eile a mheas. I gcásanna den sórt sin, ní thacaíonn an fhaisnéis a bhailítear go leormhaith le creidiúnacht na haoise dearbhaite agus d’fhéadfadh sé go mbeadh gá le measúnú aoise.

An t-údarás cinntitheach: an t-údarás náisiúnta atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta ⁽⁷⁾ agus an t-eintiteas freagrach chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh an bhfuil measúnú aoise le déanamh nó nach bhfuil. Is é an comhlacht inniúil é freisin chun an cinneadh críochnaitheach a dhéanamh maidir le haois an iarratasóra a luaithe a bheidh an measúnú curtha i gcrích ⁽⁸⁾.

Aois bhitheolaíoch: staid iarbhrí próisis aosaithe coirp agus an acmhainneacht maidir le fad saoil, seachas díreach cé mhéad bliain a bhí duine beo (an aois chróineolaíoch) ⁽⁹⁾. Bíonn tionchar ag tosca amhail aiste bia, aclaíocht, géineolaíocht agus nochtadh comhshaoil ⁽¹⁰⁾ uirthi.

Aois chróineolaíoch ⁽¹¹⁾: aois arna tomhas i mblianta, i míonna agus i laethanta ón nóiméad a rugadh an duine.

Caomhnóir sealadach: an duine atá ag tacú leis an leanbh go dtí go gceapfar caomhnóir buan. Déantar foráil sa Chomhaontú maidir le duine den sórt sin a cheapadh cheana féin le linn an scagtha ⁽¹²⁾. Ainmnítear an duine sin a luaithe is féidir chun gníomhú go sealadach mar ionadaí don leanbh neamhthionlactha (nó don duine a bhfuil a aois faoi dhíos póid) go dtí go n-ainmneofar caomhnóir nó ionadaí. Ní mór oiliúint a chur ar an gcaomhnóir sealadach chun cabhrú leis an leanbh agus chun a leas agus a fholláine ghinearálta a chosaint, rud a chuirfidh ar a chumas don leanbh tairbhe a bhaint as na cearta dá bhforáiltear sa chreat dlíthiúil agus cosc a chur ar chásanna ina dtéann imircigh linbh ar iarraidh.

⁽⁷⁾ Airteagail 3(16) agus 4(1) RCI.

⁽⁸⁾ Airteagal 25(1) RCI.

⁽⁹⁾ Terry Smith & Laura Brownlees, *Age Assessment: A Technical Note*, UNICEF, mí Eanáir 2013, <https://www.refworld.org/reference/themreport/unicef/2013/en/90892>.

⁽¹⁰⁾ Cleveland Clinic. 2025. ‘Biological Age: What It Is and How You Can Measure It.’ *Health Essentials*, an 10 Eanáir 2025, https://health.clevelandclinic.org/biological-age?utm_source=chatgpt.com.

⁽¹¹⁾ UNICEF *Technical note on age assessment*, 2013, *op. cit.*, fn. 7.

⁽¹²⁾ Aithris 25 den Rialachán maidir le Scagadh: [Rialachán \(EU\) 2024/1356](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena dtugtar isteach scagadh ar náisiúnaigh tríú tír ag na teorainneacha seachtracha agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240 agus (AE) 2019/817 (*IO L*, 2024/1356, 22.5.2024).





Caomhnóir ⁽¹³⁾ nó **ionadaí** ⁽¹⁴⁾: duine neamhspleách arna cheapadh ag údarás inniúil chun leas agus folláine ghinearálta an linbh neamhthionlactha a chosaint. Chuige sin, déanann an caomhnóir ionadaíocht thar ceann an linbh agus gníomhaíonn sé thar a cheann, agus comhlánaíonn sé a inniúlacht dhlíthiúil nuair is gá. Meastar gur comhchiallaigh iad an dá théarma agus úsáidtear iad araon sa Chomhshocrú. Chun críoch praiticiúil sa treoirlabhar seo, is é ‘caomhnóir’ an téarma is fearr le EUAA.

Comhairleoir dlí: comhairleoir dlí a ligtear isteach nó a cheadaítear amhlaidh faoin dlí náisiúnta chun comhairle dlí a sholáthar, nó duine a bhfuil sé de chúram air comhairleoireacht dlí a sholáthar ⁽¹⁵⁾.

Fíorú aoise: an chéad chéim aimsithe fíoras a dhéanann an t-oifigeach inniúil le linn an fhíoraithe céannachta. Tarlaíonn an chéim seo de ghnáth le linn an phróisis aitheantais agus bíonn roinnt ceistanna spriocdhírthe i gceist chun faisnéis phearsanta bhunúsach agus aon doiciméadacht atá ar fáil a bhailiú. Ní agallamh iomlán é ach cuid de na seiceálacha céannachta nó leochaileachta, a bhfuil sé d’aidhm acu a mheas an bhfuil an aois dhearbhairthe inchreidte nuair a thagann amhras chun cinn ar dtús. Ba cheart an fiosrúchán ó bhéal ag an gcéim seo a bheith gearr agus comhréireach, agus ba cheart é a bheith dírithe ar fhaisnéis bheathaisnéiseach shimplí (amhail ainm, dáta agus áit bhreithe, comhdhéanamh teaghlaigh, doiciméid a d’fhéadfadh a bheith ag an iarratasóir agus ar féidir leis iad a roinnt, agus doiciméid a d’fhéadfaí a sholáthar agus ar cosúil go bhfuil siad brionnaithe nó go bhfuarthas/ gur úsáideadh go calaoiseach iad). Déantar é sin chun a fhíorú an bhféadfadh amhras tromchúiseach a bheith ann maidir leis an aois dhearbhairthe. De ghnáth déantar é le linn na seiceálacha tosaigh (e.g. scagadh ag an teorainn). Má tá amhras tromchúiseach ann fós, ní mór an cás a tharchur chuig an údarás cinntitheach chun a mheas an bhfuil bunús leis an amhras sin go deimhin agus an bhféadfadh údar a bheith le measúnú aoise foirmiúil.

Ionadaí dlíthiúil: comhairleoir dlí, dlíodóir a ligtear isteach nó a cheadaítear faoin dlí náisiúnta, a sholáthraíonn cúnamh dlíthiúil agus ionadaíocht dhlíthiúil chun achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh maidir le tearmann nó chun leigheas a fháil ar an gcinneadh sin. Ciallaíonn cúnamh dlíthiúil agus ionadaíocht dhlíthiúil ⁽¹⁶⁾ cúnamh aonair, domhain agus pearsantaithe chun na doiciméid a ullmhú le haghaidh achomhairc, chun páirt a ghlacadh san éisteacht etc. Chun feidhmiú éifeachtach an chirt chun leighis éifeachtaigh a áirithiú, ba cheart ionadaí dlíthiúil a chur ar fáil láithreach ar fhógra a thabhairt faoin gcinneadh diúltach. Chun feidhmiú éifeachtach an chirt chun leighis éifeachtaigh a áirithiú, ba cheart ionadaí dlíthiúil a chur ar fáil láithreach ar fhógra a thabhairt faoin gcinneadh diúltach.

⁽¹³⁾ I gcomhréir le hAirteagal 3(18) de [Rialachán \(AE\) 2024/1347](#) (an Rialachán Cáilitheachta): ‘ciallaíonn “caomhnóir” duine nádúrtha nó eagraíocht, lena n-áirítear comhlacht poiblí, arna ainmniú ag na húdaráis inniúla chun cúnamh a thabhairt do mhionaoiseach neamhthionlactha, chun ionadaíocht a dhéanamh dó nó di agus chun gníomhú thar a cheann nó thar a ceann, de réir mar is infheidhme, chun a áirithiú gur féidir leis an mionaoiseach neamhthionlactha leas a bhaint as na cearta agus na hoibleagáidí a chomhlíonadh faoin Rialachán seo, agus leasanna agus folláine ghinearálta an mhionaoisigh á gcoimirciú.’ Go praiticiúil, is minic a chomhshamhlaítear an caomhnóir mar an t-ionadaí nó an t-oibrí sóisialta.

⁽¹⁴⁾ Úsáidtear an téarma ‘ionadaí’ sna gníomhartha seo a leanas: an Treoir nua maidir le Dálaí Glactha (an Treoir maidir le Dálaí Glactha (2024)) ([Treoir \(AE\) 2024/1346](#)); RCI, RBTI ([Rialachán \(AE\) 2024/1351](#)), an Rialachán maidir le Scagadh ([Rialachán \(AE\) 2024/1356](#)) agus Rialachán Eurodac III ([Rialachán \(AE\) 2024/1358](#)). Úsáidtear an téarma ‘caomhnóir’ i gcomhthéacs an Rialacháin Cáilitheachta. De réir na sainmhínte faoi seach, beidh an ról céanna acu ach beidh cúraimí difriúla orthu. Mar sin féin, ar mhaithe le leanúnachas ionadaíochta an mhionaoisigh neamhthionlactha a áirithiú, is féidir an duine céanna a cheapadh mar an caomhnóir i gcomhthéacs an Rialacháin Cáilíochta agus mar an t-ionadaí a cheaptar i gcomhthéacs na Treorach maidir le Dálaí Glactha (2024) agus RCI.

⁽¹⁵⁾ Aithris 14 RCI.

⁽¹⁶⁾ Airteagal 17 RCI.





Ionrach ⁽¹⁷⁾ **nó cunórach:** úsáidtear an téarma ionrach go coitianta i ngnáthaimh leighis chun tabhairt isteach ionstraimí nó rudaí eile isteach sa chorp nó i gcuasa an choirp a léiriú, agus a thugann le tuiscint go bhfuil gearradh fíocháin i gceist. Nuair atá sé cunórach, is dócha go mbeidh tionchar diúltach nó tionchar nach bhfuil fáilte roimhe ag modh measúnaithe ar fholláine shíceasóisialta an duine. Níl sé sin teoranta d'idirghabhálacha leighis ach áirítear leis freisin cleachtais amhail scrúduithe lomnochta nó grianghraif a thógáil de chodanna den chorp (atá le cur san áireamh i gcomhad an iarratasóra). Cé nach bhfuil siad ionrach go fisiciúil sa chiall leighis, meastar go bhfuil na cleachtais sin cunórach agus d'fhéadfadh tionchar comhchosúil a bheith acu ar dhínit agus ar fholláine an iarratasóra.

Leanbh neamhthionlactha: a úsáidtear mar chomhchiall ar **mhionaoiseach neamhthionlactha**, ciallaíonn sé leanbh/mionaoiseach a shroicheann críoch AE+ gan duine fásta atá freagrach as, cibé acu de réir dhlí nó chleachtas náisiúnta an stáit lena mbaineann, agus chomh fada agus nach dtógfar go héifeachtach faoi chúram an duine/duine fásta sin é. Áirítear leis leanbh/mionaoiseach a fhágtar gan tionlacan tar éis dóibh teacht isteach i gcríoch AE+ ⁽¹⁸⁾. Cuimsítear leis an téarma **leanaí scartha** freisin, rud a chiallaíonn leanaí atá faoi thionlacan gaolta nó ball teaghlaigh fásta eile nach iad a dtuismitheoirí ná a gcaomhnóirí dlíthiúla iad.

Leanbh nó mionaoiseach: náisiúnach tríú tír nó duine gan stát faoi bhun 18 mbliana d'aois. Meastar gur comhchiallaigh iad na téarmaí sin chun tagairt a dhéanamh d'aon duine faoi bhun 18 mbliana d'aois; úsáidtear an dá cheann san fhoilseachán seo. Is é 'leanbh' an téarma is fearr le EUAA. Úsáidtear an téarma 'mionaoiseach' freisin, áfach, nuair a thagraítear go sainráite dó le foráil dhlíthiúil. Sa treoirleabhar seo, tugtar **iarratasóir** nó **duine aonair** ar dhuine atá ag déanamh iarratais ar chosaint idirnáisiúnta agus nár suíodh a aois nó a bhfuil a aois faoi cheist. Tá feidhm ag an treoirleabhar seo maidir le leanaí neamhthionlactha agus leanaí tionlactha araon, agus ionchorpraíodh tagairtí ábhartha dá réir.

Measúnóirí nó measúnóirí aoise: gairmithe a bhfuil sé de chúram orthu measúnú a dhéanamh ar aois daoine aonair a bhfuil amhras ann faoina n-aois dhearbhaithe, go háirithe i gcomhthéacsanna imirce agus tearmainn.

Painéal measúnaithe aoise: foireann ildisciplíneach a oibríonn le chéile chun an aois a mheas trí mheasúnú a dhéanamh ar thosca éagsúla, amhail tosca fisiciúla, síceolaíocha, forbartha, comhshaoil agus cultúrtha. Tá an painéal comhdhéanta de ghairmithe a bhfuil baint acu leis an measúnú aoise sonrach sin agus d'fhéadfadh oibríthe sóisialta, (eitnea)-antraipeolaí, síceolaithe leanaí, dochtúirí (péidiatraí nó speisialtóir leighis eile) agus idirghabhálaí cultúrtha a bheith ar an bpainéal.

Próiseas measúnaithe aoise: an nós imeachta a dhéanann na húdaráis inniúla chun aois (aois chróineolaíoch nó aoisghrúpa) iarratasóra a mheas chun a chinneadh an leanbh nó duine fásta é an t-iarratasóir.

⁽¹⁷⁾ Sainmhíniú de réir fhoclóir ar líne Oxford: <https://en.oxforddictionaries.com/definition/us/invasive>.

⁽¹⁸⁾ Airteagal 3(7) RCI agus Airteagal 3(11) den Rialachán Cáilitheachta.





1. An tábhacht a bhaineann le haois

Is gné bhunúsach den **chéannacht phearsanta** í aois agus sainítear léi an caidreamh idir an duine aonair agus an stát. Is grúpa ar leith iad leanaí a bhfuil cearta, riachtanais agus teidlíochtaí sonracha acu go dtí go sroicheann siad 18 mbliana d'aois, i gcomhréir le hAirteagal 1 CRC ⁽¹⁹⁾.



Airteagal 1 CRC

... ciallaíonn leanbh gach duine faoi bhun ocht mbliana déag d'aois mura rud é, faoin dlí is infheidhme maidir leis an leanbh, go mbaintear lán-aois amach níos luaithe.

I ngach Ballstát den Aontas Eorpach, is é 18 mbliana d'aois an lán-aois. Le dlíthe náisiúnta, d'fhéadfaí cearta agus oibleagáidí áirithe a dheonú ag aois níos óige, amhail pósadh, freagracht choiriúil nó inniúlacht dhlíthiúil i leith roinnt gníomhartha riaracháin. Aithníonn an tsochaí go foirmiúil gur ann do leanbh agus a chéannacht trí chlárú breithe, mar a bhunaítear in Airteagail 7 agus 8 CRC.

Nóta maidir le teastais bhreithe ⁽²⁰⁾: le teastas breithe, a fhaightear nuair a chláraítear breith, tugtar cruthúnas ar chéannacht dhlíthiúil do dhuine. Meastar gur 'doiciméad pórúcháin' é a bhfuil gá leis chun iarratas a dhéanamh ar dhoiciméid eile, lena n-áirítear pas. Tá sé fíor-riachtanach teastas breithe a chur ar fáil do leanaí díreach tar éis na breithe, seachas níos déanaí sa saol, chun a chinntiú gur féidir leo a gcearta a éileamh agus rochtain a fháil ar sheirbhísí amhail seirbhísí sláinte, slándáil shóisialta etc.

De réir UNICEF, tá leanbh amháin as gach ceathrar faoi bhun cúig bliana d'aois fós neamhchláraithe i dtíortha áirithe lena n-áirítear an tSomáil, an Eiritré, an Aetóip nó an Afganastáin ⁽²¹⁾. Cruthaítear dúshlán de bharr **rátaí ísle clárúcháin breithe** do fhormhór na leanaí sna tíortha sin i dtaca lena gcéannacht agus a n-aois a chruthú trí dhoiciméid, rud a d'fhéadfadh iad a fhágáil gan stát, gan chosaint agus a gcearta a bhaint díobh.

Chomh maith le clárú, leag UNICEF ⁽²²⁾ béim ar bhearna shuntasach idir líon na leanaí a bhfuil a mbreitheanna cláraithe agus iad siúd a bhfuil **teastas breithe** acu. Tá thart ar 508 milliún leanbh faoi bhun cúig bliana d'aois cláraithe ar fud an domhain, ach níl cruthúnas clárúcháin i bhfoirm teastais bhreithe ag thart ar 70 milliún díobh. I limistéir choinbhleachta, nuair a thagann gníomhaithe ceannairceacha nó neamhstáit i gceannas ar dhualgais clárúcháin shibhialta agus nuair a eisiúnn siad deimhnithe breithe, is minic nach n-aithníonn rialtais nó

⁽¹⁹⁾ Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, [Convention on the Rights of the Child, United Nations](#) [Coinbhinsiún um Chearta an Linbh, na Náisiún Aontaithe], *op. cit.*, fn. 4.

⁽²⁰⁾ UNICEF, *Birth Registration for Every Child by 2030: Are We on Track?*, Sonraí UNICEF, <https://data.unicef.org/resources/birth-registration-for-every-child-by-2030/>.

⁽²¹⁾ UNICEF, *Birth Registration*, Sonraí UNICEF, <https://data.unicef.org/topic/child-protection/birth-registration/>

⁽²²⁾ UNICEF, *Birth Registration for Every Child by 2030: Are We on Track?*, *op. cit.*, fn. 20.



nach n-aithnítear go hidirnáisiúnta na teastais nó na clárúcháin sin, nó féadfar iad a úsáid chun díriú ar dhaoine aonair a bhfuil baint líomhnaithe acu leis an bpáirtí eile i gcoinbhleacht (mar a thuairiscítear sa tSiria nó san Úcráin, mar shampla ⁽²³⁾).

Aithnítear sa Choinbhinsiún um Chearta an Linbh go bhfuil an ceart ag gach leanbh chun céannachta agus chun náisiúntachta.



Airteagal 7(1) CRC

Clárófar an leanbh díreach tar éis breithe agus beidh sé de cheart aige ó bhreith chun ainm ... náisiúntachta agus, a mhéid is féidir, ... chun aithne a bheith aige ar a thuismitheoirí agus go dtabharfadh a thuismitheoirí aire dó.

Má chailleann duine a chéannacht go neamhdhleathach, ní mór don stát é a athbhunú agus a chinntiú go n-aithnítear a chearta. Faoi Airteagal 8(2) CRC, is oibleagáid é **caomhnú agus athbhunú céannachta duine** a leathnaítear chuig gach Stát is Páirtí, ní hamháin chuig stát an duine féin.

D'fhéadfadh aois a bheith ina **fíoras ábhartha** in iarratais ar chosaint idirnáisiúnta ina ndéantar scrúdú ar eispéiris amhail pósadh leanaí, earcaíocht éigeantach, gáinneáil ar leanaí, nó cineálacha eile mí-úsáide agus idirdhealaithe mar chineálacha géarleanúna a bhaineann go sonrach le leanaí. Go deimhin, de réir an Rialacháin Cáilitheachta ⁽²⁴⁾, is féidir gníomhartha géarleanúna a bheith i bhfoirm gníomhartha de chineál inscne-shonrach nó leanbh-shonrach ⁽²⁵⁾. Sa chomhthéacs sin, agus iarratais ó leanaí á measúnú acu, ba cheart do na Ballstáit aird a thabhairt ar chineálacha géarleanúna a bhaineann go sonrach le leanaí amhail earcaíocht faoi aois, ciorrú ball giniúna, pósadh éigeantais, gáinneáil ar leanaí, saothar leanaí agus gáinneáil ar leanaí le haghaidh teacht i dtír gnéasach ⁽²⁶⁾.

Tá baint ag **coinbhleacht agus cogadh** le géarú na mbacainní atá ann cheana ar chlárú breithe, e.g. mar gheall ar scriosadh taifead, rochtain chontúirteach ar údaráis áitiúla nó cliseadh córas riaracháin. Mar sin féin, i limistéir choinbhleachta, is mó arís an gá atá le clárú breithe agus le doiciméadacht shibhialta. Tá na doiciméid sin fíor-riachtanach chun teaghligh a athaontú, chun rochtain a fháil ar chabhair dhaonnúil, agus chun seirbhísí bunúsacha amhail oideachas agus cúram sláinte a dhaingniú.

Is féidir le **tosca cultúrtha** ról a imirt freisin maidir le haois a chinneadh. I gcultúir áirithe, léirítear aosacht le hathruithe fisiciúla nó clocha míle sóisialta amhail pósadh, leanbh a thabhairt ar an saol, etc. seachas [aois chróineolaíoch](#). I gcomhthéacsanna áirithe, bíonn

⁽²³⁾ Hampton, K. (2019) *'Born in the twilight zone: Birth registration in insurgent areas'*, *International Review of the Red Cross*, 101(911), lgh. 507–536.

⁽²⁴⁾ [Rialachán \(AE\) 2024/1347](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le caighdeán i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhith de chosaint idirnáisiúnta, i dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaíthe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a dheonaítear, lena leasaítear Treoir 2003/109/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*IO L*, 2024/1347, 22.5.2024).

⁽²⁵⁾ Airteagal 9(2)(f) den Rialachán Cáilitheachta.

⁽²⁶⁾ Aithris 37 den Rialachán Cáilitheachta.





tionchar ag cleachtais neamhfhoirmiúla, amhail deasghnátha ionadachta, traidisiúin nó clocha míle cultúrtha a bhíonn ina léiriú ar an aistriú chuig an aosacht, ar an gcaoi a mbreathnaítear ar leanbh laistigh den phobal. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go measfaí leanbh a bheith 'aibí' agus go gcaithfí leis mar dhuine fásta mar thoradh ar deasghnátha áirithe aistrithe saoil. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh a n-aois bheacht ar eolas ag leanaí ó na réigiúin sin ná nach dtuigfidís an tábhacht a bhaineann léi i sochaí an iarthair, rud a d'fhágfadh go mbeadh ráitis dhoiléire ann maidir lena ndátaí breithe nó lena n-aois.

Maidir le **tosca** eile, amhail teacht ó cheantar tuaithe ina saolaítear leanaí go minic sa bhaile agus gan rochtain ar chláranna, stádas íseal-ioncain, nó duine a bheith de ghrúpa mionlaigh nó de ghrúpa sóisialta sonracha (e.g. treibh nó sainaicme), d'fhéadfadh sé go laghdófaí an fhéidearthacht a bhaineann le leanbh a chlárú mar gheall ar na tosca sin.

Ina theannta sin, d'fhéadfadh **easpa feasachta** maidir leis an tábhacht a bhaineann le clárú breithe nó easpa eolais maidir leis na rialacha mionsonraithe agus na ceanglais riaracháin (táillí, teorainneacha ama etc.) difear a dhéanamh do rátaí clárúcháin breithe.

Tábla 1. Céatadán de chlárúcháin breithe de na 5 náisiúntacht is mó i dtaca le leanaí neamhthionlactha a rinne iarratas ar thearmann i dtíortha AE+ in 2023

Tíortha	Clárú breithe (%)
An tSomáil	3 %
An Phacastáin	42 %
an Afganastáin	42 %
an Ghaimbia	59 %
an Ghuine	62 %

Foinse: [Anailís sonraí EUAA ar mhionaoisigh neamhthionlactha in 2023, Bileog Fíricí Uimh. 29](#) agus [Clárú breithe – SONRAÍ UNICEF](#).

Ina theannta sin, cuireann **idirdhealú inscnebhunaithe** atá leabaithe i ndlíthe clárúcháin breithe i dtíortha éagsúla bac ar chumas na mban breitheanna a leanaí a chlárú. I roinnt comhthéacsanna, ní cheadaítear ach d'aithreacha nó do bhaill teaghlaigh fhireanna eile breith a chlárú, agus an tráth céanna eisiatar máithreacha nó ní cheadaítear do mháithreacha breith a chlárú ach amháin i gcásanna eisceachtúla, e.g. nuair atá an t-athair marbh nó nach bhfuil sé ar fáil. Ina theannta sin, forchuireann roinnt tíortha coinníollacha lena gceanglaítear ar mháithreacha pósadh a chruthú le haghaidh clárú breithe. Déanann sé sin difear go háirithe do leanaí a rugadh lasmuigh den phósadh, rud a fhágann go bhfuil rioscaí méadaithe ann go bhfágfaí na leanaí sin gan stát (e.g. nuair nach féidir leis an máthair a náisiúntacht a chur ar aghaidh chuig a leanaí), agus go mbíonn rochtain theoranta ag na leanaí sin ar chearta agus ar sheirbhísí.



2. Cearta agus coimircí nós imeachta

Tá leanaí i dteideal coimircí nós imeachta breise agus dálaí glactha speisialta atá curtha in oiriúint dá riachtanais agus ba cheart dóibh tairbhiú díobh sin, chun a áirithiú go seastar lena gcearta agus lena bhfolláine.

Nuair a bhíonn amhras cuí-réasúnaithe ag údaráis faoi aois duine agus nuair a mheastar go bhfuil gá le measúnú aoise, ní mór cur chuige ildisciplíneach atá íogair do leanaí a leanúint.

- Ba cheart **cur chuige cascáide** ⁽²⁷⁾ a ghlacadh, ag tosú le measúnú ildisciplíneach lena gcuimsítear modhanna éagsúla neamhleighis amhail athbhreithniú ar fhianaise dhoiciméadach, agallaimh, meastóireacht shíceasóisialta agus measúnú amhairc bunaithe ar chuma fhisiceach nó ar tháscairí eile. Níor cheart breithniú a dhéanamh ar scrúduithe leighis ach amháin i gcás nach n-eascraíonn toradh conclúideach as céimeanna sin, agus ba cheart na scrúduithe leighis sin a dhéanamh de réir na loighce céanna, is é sin **tosú ón nós imeachta is lú cunórtas go dtí an nós imeachta is mó cunórtas**. Cinntítear leis an **modheolaíocht céim ar chéim** seo go mbeidh an measúnú aoise comhréireach i gcónaí, go n-urramófar leis dínit agus folláine an duine aonair agus go mbeidh sé ailínithe go hiomlán le príonsabal leas an linbh, agus ar an gcaoi sin go dtreiseofar cineál an phróisis a chomhlíonann cearta ⁽²⁸⁾.
- Is éard atá sa **mheasúnú aoise ildisciplíneach** meascán de mhodhanna neamhleighis um measúnú aoise a dhéanann gairmithe éagsúla. Is éard a bhíonn i gceist leis na modhanna sin de ghnáth:
 - agallaimh um measúnú aoise bunaithe ar chuimhneamh ar imeachtaí atá ar eolas agus athbhreithniú ar an bhfianaise atá ann cheana (tá tuilleadh faisnéise ar fáil in [larscríbhinn 1 – An t-agallamh um measúnú aoise](#));
 - measúnú síceasóisialta (ní i gcónaí; tá tuilleadh faisnéise ar fáil i [larscríbhinn 2 – Measúnú síceasóisialta](#));
 - modhanna neamhleighis eile.

Ba cheart do ghairmithe a bhfuil saineolas acu ar mheastachán aoise agus ar fhorbairt leanaí measúnú den sórt sin a dhéanamh, amhail oibrithe sóisialta, (eitnea-antraipeolaithe, síceolaithe nó péidiatraithe, chun measúnú a dhéanamh ar thosca éagsúla, cuir i gcás tosca fisiciúla, síceolaíocha, forbartha, comhshaoil, cultúrtha ⁽²⁹⁾, agus tuilleadh anailíse a dhéanamh ar fhianaise. Ba cheart an measúnú a dhéanamh i dtimpeallacht oiriúnach, trí úsáid a bhaint as cur chuige atá oiriúnach do leanaí, le cúnaimh ó ateangaire/idirghabhálaí cultúrtha agus i láthair an chaomhnóra.

⁽²⁷⁾ Úsáidtear an téarma cascáid toisc go bhfuil níos mó i gceist leis an gcur chuige ná seicheamh simplí dhá chéim: cuimsíonn sé an príonsabal maidir le tosú i gcónaí leis na modhanna is lú ionracht agus gan bogadh go modhanna níos cunóraí ach amháin nuair is fíorghá é sin a dhéanamh. Baineann an loighic sin leis an bpróiseas measúnaithe aoise ar fad — tosú le fianaise dhoiciméadach, ansin agallaimh agus measúnuithe síceasóisialta, agus breithniú a dhéanamh ar scrúduithe leighis mar rogha dheireanach amháin, agus tosaíocht á tabhairt do mhodhanna neamh-raideolaíocha roimh na modhanna sin lena mbaineann radaíocht. Dá bhrí sin, níl an ‘cur chuige cascáide’ reitriciúil ach léirítear leis tosaíocht a cheanglaítear de réir an dlí bunaithe ar ionradh agus ar chomhréireacht (féach aithris 37 RCI).

⁽²⁸⁾ Tá coincheap an ‘cur chuige cascáide’ seanbhunaithe sa chleachtas. Maidir leis an gcur chuige sin a tugadh isteach sa dara heagrán den treoirleabhar maidir le measúnú aoise, scaipeadh go forleathan é trí ábhair EUSA; féach [físeán EUSA maidir le measúnú aoise do chleachtóirí tearmainn](#).

⁽²⁹⁾ Aithris 37 RCI.



- I gcás ina bhfuil amhras ann fós a bhfuil bunús leis maidir le haois iarratasóra tar éis an mheasúnaithe ildisciplínigh, féadfar **scrúduithe leighis** a úsáid mar rogha dheireanach ⁽³⁰⁾; bainfear úsáid as na scrúduithe ‘is lú ionracht agus is féidir’ ⁽³¹⁾. Sa chleachtas, ciallaíonn sé sin gur cheart scrúduithe leighis a theorannú go docht don mhéid atá riachtanach agus comhréireach, agus nach mór an modh is lú cunórtas atá ar fáil ag an am a úsáid, agus dínit an duine aonair á hurramú go hiomlán.
- Ba cheart na torthaí a mheas le chéile i measúnú iomlánaíoch, rud a d’fhágfadh go bhféadfaí an toradh is iontaofa a bhaint amach ⁽³²⁾.
- Ní mór a chinntiú go **gcuirtear an leanbh ar an eolas agus go bhfaigheann sé** tacaíocht iomchuí (ar bhealach atá tráthúil agus oiriúnach do leanaí ⁽³³⁾), lena n-áirítear é a chur ar an eolas mar gheall ar an iarmhairt a bhaineann le diúltú an measúnú aoise a dhéanamh ⁽³⁴⁾. Ní mór don leanbh agus dá chaomhnóir **toiliú**.
- Rud tábhachtach, a luaithé a fhaightear fianaise leordhóthanach ag céim ar bith chun an t-amhras tosaigh faoi aois a réiteach, **ba cheart deireadh a chur leis an nós imeachta** agus an toradh a chur in iúl, gan aon ghá le gach céim fhéideartha a thriail. **Cinntíonn sé sin bainistiú cásanna atá inbhuanaithe agus éifeachtúil**.
- Ba cheart an deis a bheith ag an iarratasóir cur in aghaidh thorthaí an phróisis measúnaithe aoise, mar chuid den achomharc in aghaidh an chinnidh céadchéime nó ar leithligh, ag brath ar an gcreat náisiúnta is infheidhme.



Foilseachán gaolmhar de chuid EUAA

EUAA, [Practical Guide on Evidence and Risk Assessment](#) [Treoirleabhar Praiticiúil maidir le Fianaise agus Measúnú Riosca], mí Eanáir 2024.

Cé go dtugtar solúbthacht ann, ag brath ar an gcomhthéacs náisiúnta, leagtar síos leis an Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta gur ar an údarás cinntitheach atá an fhreagracht maidir le measúnú aoise a thionscnamh. Ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir na leanaí nach ndearna iarratas ar thearmann agus na leanaí a rinne iarratas ar thearmann cheana féin. Níl an t-údarás cinntitheach freagrach ach amháin as measúnú aoise a dhéanamh ar leanaí a bhfuil iarratas déanta acu ar thearmann. Is féidir le gairmithe cáilithe atá lasmuigh den údarás cinntitheach an measúnú aoise a dhéanamh; bunaithe ar thorthaí an mheasúnaithe aoise agus ar thorthaí na saineolaithe lena mbaineann, is é an t-údarás cinntitheach a dhéanann an cinneadh maidir leis an aois ansin. Leis an Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta, ní chuirtear cosc ar an údarás cinntitheach déanamh an mheasúnaithe a sheachfhoinsiú chuig comhlachtaí cáilithe eile ⁽³⁵⁾, ná ní chuirtear cosc ar an údarás cinntitheach féin— **a bhfuil an fhreagracht deiridh air as an gcinneadh aoise** — an measúnú a dhéanamh go díreach.

⁽³⁰⁾ Airteagal 25(2) RCI.

⁽³¹⁾ Airteagal 25(3) RCI.

⁽³²⁾ Ní iarrtar toiliú ach amháin don scrúdú leighis, ní don nós imeachta iomlán um measúnú aoise – Airteagal 25.4 RCI, mar choimirce chomhlántach moltar toiliú feasach a lorg freisin, i gcás inarb iomchuí agus i gcomhréir leis an gcleachtas náisiúnta, do chéimeanna eile den mheasúnú aoise (e.g. agallaimh shíceasóisialta).

⁽³³⁾ D’fhéadfadh sé a bheith i gceist leis sin úsáid a bhaint as ábhair scríofa ilteangacha atá curtha in oiriúint do leibhéil ísle litearthachta, chomh maith le tacaíocht ó idirghabhálaithe cultúrtha nó ó ateangairí. Tá na bearta sin fóir-riachtanach chun a chinntiú go dtuigeann an t-iarratasóir i ndáiríre cuspóir an mheasúnaithe aoise, na céimeanna atá i gceist, agus na hiarmhairtí a d’fhéadfadh a bheith ann dá ndiúltófaí páirt a ghlacadh.

⁽³⁴⁾ Airteagal 25(4) agus (5) RCI.

⁽³⁵⁾ Mar shampla, údarais inniúla eile amhail cúirt na n-óg, seirbhísí sóisialta nó soláthraithe seirbhíse eile.





Sula gcuireann duine aonair in iúl go bhfuil sé ar intinn aige iarratas a dhéanamh ar thearmann, ní bhíonn feidhm ag an Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta, agus dá bhrí sin ní bhíonn coinne leis go mbeidh baint ar bith ag an údarás cinntitheach leis. I gcásanna den sórt sin, tagann aon seiceáil nó aon chinneadh a bhaineann le haois faoi fhreagracht na n-údarás inniúil náisiúnta lasmuigh den nós imeachta tearmainn.

I gcomhthéacs an phróisis scagtha, fágann sé sin, i gcás iarrthóir tearmainn, **nach féidir leis an údarás scagtha dul ar aghaidh leis an measúnú aoise**. Nuair a bhíonn amhras ann faoi aois dhearbhairthe an iarratasóra, **ní mór don údarás scagtha an cas a tharchur chuig an údarás cinntitheach** a dhéanfaidh meastóireacht ar an amhras agus:

- a dhéanfaidh nós imeachta um measúnú aoise; nó
- a dhéanfaidh cinneadh an measúnú aoise a tharmligean chuig údarás eile; nó
- a thiocfaidh ar an gconclúid nach bhfuil gá le measúnú aoise ⁽³⁶⁾.

Ba cheart a mheas gur mionaoiseach é duine atá faoi mheasúnú aoise mura bhfuil sé fíoraithé gur duine fásta é. Go deimhin, ní féidir leis an údarás cinntitheach a chinneadh gur duine fásta é duine gan fianaise chun bunús a thabhairt leis an gcinneadh sin. Rud an-tábhachtach, ní féidir cinneadh den sórt sin a dhéanamh go heisiach ar bhonn na cuma fisicí.

2.1. Leas an linbh



Leas an linbh sa Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta

Aithris 37 – *I ngach cás, ba cheart measúnuithe aoise a dhéanamh ar bhealach lena gcuirtear leas an linbh san áireamh mar na dálaí is tábhachtaí le linn an nós imeachta.*

Airteagal 22(1) – *Beidh leas an linbh ar na dálaí is tábhachtaí atá le cur san áireamh ag na húdaráis inniúla agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm acu.*

Chun leas an linbh a chosaint, in éagmais duine fásta atá freagrach nó an tuismitheora/na dtuismitheoirí, ní mór don chaomhnóir ainmnithe nó don duine atá ag gníomhú go sealadach mar chaomhnóir ⁽³⁷⁾ tacú leis an leanbh toimhdithe agus cúnamh a thabhairt dó le linn an phróisis measúnaithe aoise.

Le huainiú, modhanna agus coinníollacha an mheasúnaithe, **ní mór** tús áite a thabhairt do chearta, dínit agus folláine an linbh thoimhdithe. Áirítear leis sin a riachtanais speisialta agus a dtuairimí a chur san áireamh, le tacaíocht ó ateangaire/idirghabhálaí cultúrtha nuair is gá, trí úsáid a bhaint as na modhanna is lú ionracht atá ar fáil. Ina theannta sin, i gcás ina bhfuil torthaí an mheasúnaithe aoise fós neamhchonclúideach nó ina bhfuil raon aoise faoi bhun 18

⁽³⁶⁾ Airteagal 25(1) agus aithris 36 RCI.

⁽³⁷⁾ Airteagal 23(2)(a) RCI.





mbliana d'aois i gceist leo, ní mór do na Ballstáit glacadh leis gur mionaoiseach é an t-iarratasóir ⁽³⁸⁾.



Pointe le cuimhneamh air

Ní gníomhaíocht aonuaire é **leas an linbh a chur san áireamh** ach **próiseas leanúnach** nach mór athbhreithniú a dhéanamh air nuair a dhéantar cinntí a dhéanann difear don leanbh in éagmais a thuismitheoirí nó an duine fásta atá freagrach as. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach treoirleabhar praiticiúil EUAA maidir le leas an linbh ⁽³⁹⁾.

Tugtar samplaí praiticiúla sna cásanna thíos de leas an linbh a chur san áireamh agus meastachán á dhéanamh ar aois.

Cás 1	Tagann iarratasóir chuig suíomh scagtha in éineacht le roinnt iarratasóirí eile. Cuireann staid ina bhfuil mórfhlódú isteach róbhrú ar acmhainneacht na n-údarás. Maíonn an t-iarratasóir gur duine fásta é, ach aontaíonn beirt oifigeach scagtha, tar éis breathnú air, gur cosúil gur leanbh é an t-iarratasóir. Tá táscairí ann a léiríonn go bhféadfadh baint a bheith ag an iarratasóir le gáinneáil ar dhaoine, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le haoisacht a mhaíomh. Tuairiscíonn na hoifigigh scagtha a mbarúlacha (táscairí gáinneála ar dhaoine) agus an t-amhras atá orthu maidir leis an aois (aosacht á maíomh) san fhoirm scagtha atá le roinnt le hoifigigh fhreagracha an údaráis chinntigh.
Breithnithe maidir leis na leasanna is fearr	Is é an breithniúchán príomha cosaint an linbh thiomhdithe. Ní mór an t-aonad/an t-údarás um chomhrac na gáinneála a bheith páirteach ⁽⁴⁰⁾ . Ba cheart measúnú riosca a dhéanamh chun a dheimhniú an íospartach gáinneála ar dhaoine é an t-iarratasóir iarbhír. Ceapann na húdaráis caomhnóir sealadach chun an t-iarratasóir a chur ar an eolas faoin nós imeachta tearmainn agus faoin nós imeachta um measúnú aoise.
Toradh féideartha	Iarrann an t-údarás cinntitheach measúnú aoise a dhéanfar tar éis an scagtha, a luaithe a chuirfear an t-iarratasóir i suíomh oiriúnach (ionad glactha agus/nó foscadh faoi chosaint ag brath ar an measúnú riosca a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine).

Cás 2	Soláthraíonn iarratasóir teastas breithe a léiríonn go bhfuil sí 16 bliana d'aois. Cuireann sí taifid scoile ar fáil freisin, ach ní chuireann sí aon doiciméid aitheantais ar fáil chun a céannacht a chruthú. Ar an gcúis sin, tá amhras ar na húdaráis ar dtús maidir leis an aois dhearbhaite.
--------------	--

⁽³⁸⁾ Airteagal 25(2) RCI.

⁽³⁹⁾ EASO, *Practical Guide on the Best Interests of the Child* [Treoirleabhar Praiticiúil maidir le Leas an Linbh], mí Feabhra 2019. Tá an t-eagrán nua den treoirleabhar sin i bhfianaise an Chomhshocraithe á fhorbairt faoi láthair agus beidh sé ar fáil in 2026.

⁽⁴⁰⁾ Airteagal 11(a) de [Threoir 2011/36/AE](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2002/629/CGB ón gComhairle, (IO L 101, 15.4.2011).



Breithnithe maidir leis na leasanna is fearr	Cinntíonn na húdaráis go bhfuil a ndóthain ama acu chun éisteacht leis an iarratasóir, ceisteanna ábhartha a chur chun fíorú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a roinneann an cailín agus a thugtar le fios sna doiciméid atá ar fáil agus a bhfuil an chuma orthu go bhfuil siad fíor.
Toradh féideartha	Glacann an t-údarás cinntitheach leis an aois a mhaíonn an t-iarratasóir agus mar a léirítear ina doiciméid agus cinneann sé nach bhfuil gá le nós imeachta um measúnú aoise.

Cás 3	Maíonn iarratasóir neamhthionlactha go bhfuil sé 17 mbliana agus 6 mhí d'aois. Níl aon doiciméadacht ag an iarratasóir agus is léir go bhfuil ciapadh síceolaíoch ag cur as dó. Tháinig táscairí maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach chun cinn le linn na seiceálacha sláinte agus leochaileachta.
Breithnithe maidir leis na leasanna is fearr	Sanntar caomhnóir sealadach don iarratasóir agus tarchuirtear é chuig measúnú leighis níos críochnúla (ar thoiliú an iarratasóra); cuirtear cóir shíceolaíoch ar fáil de réir mar is gá. I bhfianaise an ardleibhéil ciaptha shíceolaíoch, cinneann an t-údarás cinntitheach gan dul ar aghaidh le nós imeachta um measúnú aoise, ós rud é go bhféadfadh sé nach mbeadh an t-iarratasóir in ann páirt a ghlacadh ann go héifeachtach agus go fóinteach. Glacann an t-údarás cinntitheach leis an aois dhearbhaithe.
Toradh féideartha	Cuirtear an t-iarratasóir i gcóiríocht iomchuí atá oiriúnach dá riachtanais, áit ar féidir scrúdú leighis/ síceolaíoch leantach a dhéanamh (más infheidhme). Cuirtear caomhnóir buan in ionad an chaomhnóra shealadaigh. Ós rud é go bhfuil an t-iarratasóir gar do lán-aois, a luaithe a bhaineann sé staid mhothúcháinach níos cobhsaí amach, tá sé tábhachtach iad a chur ar an eolas go tráthúil faoi na hathruithe ar a chearta agus ar a oibleagáidí a mhéid a bhaineann le ráthaíochtaí nós imeachta agus dálaí glactha.

Cás 4	Tagann iarratasóir gan aon doiciméadacht lena gcruthaítear aois. Deir an t-iarratasóir go bhfuil sé 17 mbliana agus 7 mí d'aois, ach creideann an t-oifigeach scagtha go bhfuil sé níos sine. Measann oibrí sóisialta a bhuaill leis an iarratasóir le linn na seiceálacha leochaileachta go bhfuil an aois a mhaítear go hiomlán inchreidte ós rud é go dtagann forbairt ar bhuaillaillí den bhunadh eitneach sin ag aois níos luaithe. Tá coinne leis go mbuailfidh an t-iarratasóir lena theaghlach núicléach i dtír eile (agus RBTI á chur i bhfeidhm) agus go tacaítear leis an ngníomhaíocht sin trí mheasúnú ar leas an linbh a dhéantar ina leith sin.
Breithnithe maidir leis na leasanna is fearr	Ní dócha go gcuirfidh na modhanna measúnaithe aoise deireadh leis an amhras mar gheall ar an lamháil earráide a bhaineann le gach modh (± 1 bhliain). Chuirfeadh an nós imeachta um measúnú aoise moill ar an bpróiseas athaontaithe teaghlach a dtacaítear leis tríd an measúnú ar leas an linbh.



Toradh féideartha

Leanann an t-údarás cinntitheach moltaí na ngairmithe cáilithe (toradh na seiceála leochaileachta agus an mheasúnaithe ar leas an linbh) agus glacann sé leis gur mionaoiseach é an duine. Cinneann siad nach mbeadh tairbhe ag baint le nós imeachta um measúnú aoise, ós rud é go gcuirfeadh sé moill ar athaontú teaghlaigh agus go dtabharfadh sé neamhaird ar an bhfaisnéis a bailíodh mar chuid den mheasúnú ar leas an linbh, i gcás nár ardaíodh aon ábhar imní a bhaineann le haois. Léiríonn an cinneadh sin a thábhachtaí atá sé a chinntiú go leanfaidh nósanna imeachta de bheith comhréireach agus go dtabharfar tús áite do leas an iarratasóra — lena n-áirítear athaontú tráthúil teaghlaigh.



Foilseachán gaolmhar de chuid EUAA

EUAA, [Practical Guide on the Best Interests of the Child](#) [Treoirleabhar Praiticiúil maidir le Leas an Linbh], mí Feabhra 2019.

Tá an t-eagrán nua i bhfianaise an Chomhshocraithe á fhorbairt agus beidh sé ar fáil in 2026.

2.. An toimhde mionaoise

I gcás éiginnteachta, cinntíonn an toimhde mionaoise go **gcaitheann na húdaráis le hiarratasóir mar leanbh** nuair nach bhfuil a stádas mar sin deimhnithe fós ach nach féidir é a shéanadh ach oiread. **Caithfear leis an iarratasóir mar leanbh agus measfar gur leanbh é** fad agus a bheidh amhras ann fós; ní mór coimircí a bhaineann go sonrach le leanaí a chur i bhfeidhm chun a gcosaint agus a bhfolláine a chinntiú, agus chun a chinntiú go gcosnófar cearta an linbh.

Nuair a bhíonn neamhréireachtaí i gcuntas an duine ar a aois nó ar a stair phearsanta, níor cheart **toimhde a dhéanamh, gan smaoineamh, ar bhonn na neamhréireachtaí sin gur ag insint bréige atá sé** faoina aois. Ina ionad sin, ba cheart breithniú a dhéanamh ar thosca amhail tráma, strus, bacainní teanga nó éagsúlacht chultúrtha a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chomhsheasmhacht a ráiteas, agus soiléiriú a iarraidh. Thairis sin, cuirtear é sin i bhfeidhm i gcomhréir le **prionsabal na neamhdhíobhála** lena gceanglaítear ar údaráis rioscaí a íoslaghdú agus gníomhaíochtaí a sheachaint a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar fholláine an iarratasóra. Dá gcaithfí le leanbh féideartha mar dhuine fásta, d'fhéadfaí an duine aonair a nochtadh do dhálaí míchuí (e.g. é a chur i gcóiríocht do dhaoine fásta), d'fhéadfadh easpa coimircí riachtanacha a bheith mar thoradh air (e.g. gan cúnamh a fháil ó chaomhnóir) agus d'fhéadfadh leochaileacht mhéadaithe a bheith ann (trí gan aghaidh a thabhairt ar a riachtanais speisialta). Le prionsabal na neamhdhíobhála, féachtar le cosc a chur ar chásanna den sórt sin a tharlú. Is é is aidhm don nós imeachta um measúnú aoise amhras a mhaolú agus aois an iarratasóra a shuí. Go dtí go mbainfear é sin amach, ba cheart feidhm chomhsheasmhach a bheith ag an toimhde mionaoise: fágann sé sin gur cheart caitheamh leis an duine aonair mar leanbh, gach coimirce a chinntiú, agus dálaí glactha a chur ar fáil atá oiriúnach do leanaí. Go praiticiúil, ní féidir leis an riarachán neamhaird a thabhairt ar ráiteas an iarratasóra maidir lena aois ag an bpointe aitheantais. Ní mór an dáta breithe dearbhaithe a chlárú go cuí de réir mar a chuireann an t-iarratasóir ar fáil é. Má tá amhras cuí-réasúnaithe ag





na húdaráis, ba cheart dóibh nós imeachta um measúnú aoise a thionscnamh agus a dhéanamh chun a shuí go dleathach ar cheart an fhaisnéis chláráithe a leasú; murach sin, beidh orthu glacadh le dearbhú an duine. Dá bhrí sin, ní mór aon athrú ar na sonraí oifigiúla clárúcháin nó aitheantais a bheith bunaithe ar thoradh an mheasúnaithe aoise, rud a chinntíonn cothroime nós imeachta agus deimhneacht dhlíthiúil araon.

Leagtar síos le hAirteagal 23 den Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta nach mór d'údaráis **caomhnóir** a ainmniú freisin d'aon duine aonair neamhthionlactha a mhaíonn gur mionaoiseach é nó a bhfuil forais ann chun a chreidiúint gurb amhlaidh atá. Ba cheart don chaomhnóir a bheith ar fáil don leanbh toimhdithe le linn an phróisis measúnaithe aoise ⁽⁴¹⁾ agus ba cheart leanúint den chaomhnóireacht ina dhiaidh sin má dheimhnítear gur mionaoiseach atá ann. Ba cheart breithniú a dhéanamh ar an mbeart céanna freisin i gcásanna ina bhfuil cuma réasúnta ar dhuine gur mionaoiseach é ach ina ndearbhaíonn sé gur duine fásta é. Molann Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus Comhairle na hEorpa freisin **an toimhde mionaioise** a chur chun feidhme go ginearálta.

*Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go nglactar leis gur **leanbh é duine a ndéantar measúnú aoise air mura gcinntear a mhalairt agus go dtí go gcinntear a mhalairt** trí phróiseas measúnaithe aoise ⁽⁴²⁾.*

Tá sé tábhachtach a choinneáil i gcuimhne gur ar na húdaráis atá an **dualgas cruthúnais**.

Cé go bhfuil an **próiseas measúnaithe aoise ar siúl**, ba cheart an duine a chur faoi na socruithe cúraim céanna, faoi na dálaí céanna agus faoi na coimircí nós imeachta céanna agus a chuirtear leanaí eile (neamhthionlactha) ⁽⁴³⁾.

Cé go mbaineann **dúshláin chosanta** le haosaigh óga (féideartha) a mhaíonn gur leanaí iad a chur i gcóiríocht in éineacht le leanaí, is féidir na rioscaí sin a bhainistiú go ginearálta trí **mhaoirseacht agus faireachán leordhóthanach**. Is éard a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin na nithe seo a leanas a chinntiú:

- cóimheas iomchuí idir an fhoireann agus an líon cónaitheoirí,
- baill foirne atá oile i réimse na cosanta leanaí a bheith i láthair,
- breathnóireacht rialta ar dhinimic an ghrúpa,
- cód iompair soiléir d'iarratasóirí, agus
- sásraí prasa chun teagmhais a thuairisciú agus chun aghaidh a thabhairt orthu.

D'fhéadfaí a áireamh ar bhearta breise **socruithe codlata ar leithligh** de réir aoisghrúpa agus inscne, gnáthaimh laethúla struchtúrtha, agus cruinnithe leantacha rialta aonair le hoibríthe sóisialta nó le caomhnóirí chun teannas nó leochaileachtaí a bhrath ag céim luath.

⁽⁴¹⁾ Aithris 35 RCI.

⁽⁴²⁾ Treoirlíne 2 sa mholadh ó Chomhairle na hEorpa, *Recommendation CM/Rec(2022)22 of the Committee of Ministers to member States on human rights principles and guidelines on age assessment in the context of migration* [Moladh CM/Rec(2022)22 ó Choiste na nAírí chuig na Ballstáit maidir le prionsabail um chearta an duine agus treoirlínte maidir le measúnú aoise i gcomhthéacs na himirce], 2022, <https://rm.coe.int/0900001680a96350>.

⁽⁴³⁾ Mar a leagtar síos in Airteagal 27(9)(c) agus (d) den Treoir maidir le Dálaí Glactha (2024).





Ós rud é gur féidir a dheimhniú sa deireadh gur leanaí iad iarratasóirí a bhfuil measúnú aoise á dhéanamh orthu, tá sé **tábhachtach nach ngearrfar pionós orthu le linn na tréimhse sin**. Ar an gcúis sin, **níor cheart breathnú ar sheomraí tiomnaithe mar leithscaradh**: ba cheart d'iarratasóirí a bhfuil measúnú aoise á dhéanamh orthu leanúint de rochtain a bheith acu ar limistéir choiteanna agus ar ghníomhaíochtaí coiteanna, faoi mhaoirseacht na foirne glactha, agus ar an gcaoi sin cuimsiú a chur chun cinn agus timpeallacht shábháilte a choinneáil do chách ag an am céanna. Nuair a chinntear sa mheasúnú aoise gur duine fásta é an duine, ba cheart iad a chur ar an eolas faoin athrú ar chóiríocht agus iad a aistriú chuig saoráid chuí a luaithe is féidir.

I gcodarsnacht leis sin, má chuirtear leanaí (féideartha) i saoráidí do dhaoine fásta, cruthaítear ábhair imní chosanta atá i bhfad níos tromchúisí, agus nochtar iad do rioscaí méadaithe foréigin, mí-úsáide, dúshaothraithe, faillí agus atráimaithe. Bhainfeadh sé an bonn de chaighdeán idirnáisiúnta um chosaint leanaí agus de phrionsabal leas an linbh. Dá bhrí sin, ba cheart é a sheachaint go docht. Ní mór d'údaráis a bheith ar an eolas i gcónaí gur mó agus gur díobhálaí an riosca a bheadh ann dá gcaithfí le leanaí mar dhaoine fásta ná an riosca a bheadh ann dá ndéanfaí aosaigh óga a chur i gcóiríocht ar bhonn sealadach i suíomhanna atá oiriúnach do leanaí agus an mhaoirseacht ábhartha a chur ar fáil.



Foilseachán gaolmhar de chuid EUAA

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi dhálaí glactha do leanaí neamhthionlactha, féach EASO, [*Guidance on Reception Conditions for Unaccompanied Children: Operational standards and indicators*](#) [Treoraíocht maidir le Dálaí Glactha do Leanaí Neamhthionlactha: Caighdeán agus táscairí oibríochtúla], mí na Nollag 2018.





Caighdeán agus dlí-eolaíocht lena múnlaítear nósanna imeachta um measúnú aoise

Cé nach sainordaítear go sainráite é mar phrionsabal sa Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta, is minic a mheabhraítear an toimhde mionaoise le caighdeán idirnáisiúnta agus le dlí-eolaíocht chun na coimircí nós imeachta atá le cur i bhfeidhm a chur in iúl.

CRC: maidir le cóir leighis a chur ar leanaí neamhthionlactha agus scartha lasmuigh dá dtír thionscnaimh, cuireann an Coiste um Chearta an Linbh i bhfios go láidir nach mór leanaí a shainaithint go pras ar theacht isteach dóibh, agus gur cheart measúnuithe aoise a dhéanamh ‘ar bhealach atá eolaíoch, sábháilte, agus atá íogair ó thaobh an linbh agus inscne de, agus aon riosca sáraithe ar shláine choirp an linbh á sheachaint; agus urraim chuí á tabhairt do dhínt an duine; agus, i gcás na héiginnteachta atá fágtha, ba cheart sochar an amhrais a thabhairt don duine aonair lena linn sa chaoi is go bhféadfadh an duine aonair a bheith ina leanbh.’⁽⁴⁴⁾.

Breithiúnas *Darboe agus Camara v. an Iodáil*⁽⁴⁵⁾: shuigh an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine gur gné bhunúsach den chosaint atá dlite do dhaoine neamhthionlactha a dhearbhaíonn gur mionaoisigh iad an toimhde mionaoise. **Tionscnaítear coimircí nós imeachta mar gheall ar an toimhde**, ar coimircí iad nach mór a bheith ag gabháil le nósanna imeachta um measúnú aoise, rud a chinntíonn nach mbíonn sáruithe ar chearta mar thoradh ar shainaithint mhícheart mar dhuine fásta.

Breithiúnas *Hämäläinen v. An Fhionlainn*⁽⁴⁶⁾: leag an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine béim ar a thábhachtaí atá sé coimircí a ráthú do leanaí neamhthionlactha agus d’aithin sí go bhfuil an toimhde mionaoise fíor-riachtanach chun iad sin a ráthú.

⁽⁴⁴⁾ An Coiste um Chearta an Linbh, [Barúil Ghinearálta Uimh. 6 \(2005\) Treatment of unaccompanied and separated children outside their country of origin](#), 2005. Is iad seo a leanas cásanna eile a tugadh os comhair Choiste CRC: J.A.B. v an Spáinn: arna chur isteach os comhair Choiste CRC ag cúigear imirceach ógánach agus iarrthóirí tearmainn: A.L., ón Ailgéir (16/2017), M.T., ó Chósta Eabhair (17/2017), J.A.B., ó Chamarún (22/2017), agus M.A.B. agus R.K., ón nGuine (24 agus 27/2017) araon. Na cinntí uile a ghlac an Coiste idir mí Iúil 2019 agus mí Feabhra 2020, tá siad bunaithe ar an túsphointe céanna: nós imeachta um chinneadh aoise. I ngach cás, scrúdaíonn an Coiste an sáraíonn an nós imeachta sin aon fhoráil den Choinbhinsiún, agus dá bhrí sin, an sáraítear cearta leanaí eile mar thoradh ar an nós imeachta - agus ar thoradh an nós imeachta.

⁽⁴⁵⁾ an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, breithiúnas an 21 Deireadh Fómhair 2022, [Darboe agus Camara v. An Iodáil](#), 5797/17, ECLI:CE:ECHR:2022:0721JUD000579717. Tá achoimre ar fáil i [mBunachar Sonraí Cásdlí EUAA](#).

⁽⁴⁶⁾ an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, breithiúnas an 16 Iúil 2014, [Hämäläinen v an Fhionlainn](#), 37359/09, ECLI:CE:ECHR:2022:0721JUD000579717.





Breithiúnas *F.B. v. an Bheilg* ⁽⁴⁷⁾: bhain an cás le cinneadh deireadh a chur le teidlíocht iarratasóra chun tacaíocht a fháil mar mhionaoiseach neamhthionlactha tar éis measúnú aoise. Gan rialú a dhéanamh ar iontaofacht na dtástálacha cnámh ná ar stádas mionaoisigh an iarratasóra, chinn an Chúirt nach raibh coimircí leordhóthanacha chun críocha Airteagal 8 ECHR ag gabháil leis an bpróiseas cinnteoireachta as ar eascair an cinneadh deireadh a chur le teidlíocht an iarratasóra chun tacaíocht a fháil mar mhionaoiseach neamhthionlactha, agus dá bhrí sin, chinn sí d'aon toil go ndearnadh sárú ar an Airteagal sin. Go háirithe, thug sí dá haire nach raibh aon ní sa chomhad a thabharfadh le fios gur cuireadh in iúl don iarratasóir go raibh gá lena toiliú chun an tástáil leighis a dhéanamh. Ina theannta sin, chuir sí i dtábhacht, i bhfianaise a gcineáil ionraigh, nár cheart scrúduithe leighis a dhéanamh ach mar rogha dheireanach, i gcás inar tháinig torthaí neamhchonclúideacha as bealaí malartacha chun deireadh a chur le hamhras maidir le haois an duine lena mbaineann. I ndáil leis sin, thug sí dá haire nár chuir fostaí de chuid na hoifige caomhnóireachta atá oile go sonrach i dtaca le glacadh mionaoiseach an t-iarratasóir faoi agallamh go dtí go ndearnadh na tástálacha cnámh. Mar sin féin, le réamh-agallamh d'fhéadfadh sé go mbeifí in ann a fháil amach an bhféadfaí deireadh a chur leis an amhras maidir lena stádas mar mhionaoiseach ar bhealach nach bhfuil chomh cunórach céanna, agus go mbeadh sí in ann an fhaisnéis uile ba ghá a fháil chun a cearta a chosaint go héifeachtach.

O.Y.K.A. v. an Danmhairg ⁽⁴⁸⁾: chuir Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine i bhfios go láidir, nuair a chláraíonn daoine aonair mar dhaoine fásta ar dtús ach a mhaíonn ina dhiaidh sin gur mionaoisigh iad, gur cheart a n-aois a athmheasúnú go cúramach fós, agus nár cheart an maíomh a dhíbhe go huathoibríoch gan cosaintí iomchuí ná breithniú iomchuí a dhéanamh air.

2.2.1. Measúnú ar an bhfianaise dhoiciméadach

Nuair a thagann amhras chun cinn maidir le mionaois fhéindearbhairthe iarratasóra, ba cheart do na húdaráis breithniú a dhéanamh ar dtús ar an **bhfianaise thacaíochta** uile is féidir leis an duine a sholáthar chun a aois dhearbhairthe a fhíorú. Áirítear leis sin, mar shampla: pas, doiciméad aitheantais, cárta cónaithe, doiciméid taistil amhail an ceann a chuireann UNHCR ar fáil, deimhnithe reiligiúnacha nó sibhialta lena gcruthaítear an stádas sibhialta (pósadh, breitheanna, leabhrán teaghlaigh), teastais scoile, taifid vacsaínithe an iarratasóra nó aon duine den teaghlach ina ndéantar tagairt d'aois an iarratasóra.

Níor cheart a mheas go bhfuil na doiciméid a chuirtear i láthair neamhbhailí ach amháin más féidir a chruthú go bhfuarthas go calaoiseach iad, go ndearnadh ionramháil orthu nó gur brionnaíodh iad.

⁽⁴⁷⁾ an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, Breithiúnas an 6 Márta 2025, *F.B. V. An Bheilg*, 47836/21, ECLI:CE:ECHR:2025:0306JUD004783621 (i bhFraincis). Tá achoimre ar fáil i [mBunachar Sonraí Cásdlí EUAA](#).

⁽⁴⁸⁾ Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, *Tuairimí arna nglacadh ag an gCoiste faoi Airteagal 5(4) den Phrótocal Roghnach, a bhaineann le Teachtaireacht Uimh. 2770/2016*, CCPR/C/121/D/2770/2016, an 7 Samhain 2017.





Airteagal 25(1) APR

Chun críocha an mheasúnaithe ar aois, measfar gur fíordhoiciméid iad na doiciméid atá ar fáil mura bhfuil fianaise ar a mhalairt ann, agus cuirfear ráitis ó mhionaoisigh san áireamh.

Má tá amhras ar na húdaráis náisiúnta go bhfuil doiciméad brionnaithe, féadfaidh siad fóirú a iarraidh. Mar sin féin, ní hamháin go bhfuil ualach trom ag baint le doiciméid a fhíordheimhniú ón tír thionscnaimh ach d'fhéadfadh riosca a bheith ann fiú don iarratasóir atá i gceist ó thaobh cosanta de. Maidir leis sin, féach Airteagal 7(2)(b) den Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta lena leagtar síos 'ní dhéanfaidh na húdaráis [...] aon fhaisnéis a fháil ó na daoine a bhfuil sé líomhnaithe gur gníomhaithe géarleanúna nó díobhála tromchúisí iad ar bhealach a d'fhágfadh go gcuirfí in iúl do na gníomhaithe sin go bhfuil iarratas déanta ag an iarratasóir atá i gceist'. Ní féidir a iarraidh ar an tír thionscnaimh fóirú a dhéanamh ar dhoiciméid más rud é gur chuir an t-iarratasóir in iúl gur mian leis cosaint idirnáisiúnta a iarraidh, má thagann gá féideartha le cosaint idirnáisiúnta chun cinn, nó dá bhféadfadh baol géarleanúna a bheith ann.

Ós rud é go bhféadfadh sé go dtiocfadh iarratasóirí ó limistéir choinbhleachta agus ó limistéir ina bhfuil an chogaíocht i réim, is coitianta nach ndéanann siad ach grianghraif dá ndoiciméid a iompar ar a bhfóin phóca nó a stóráil i gcuntas ríomhphoist.

Nuair is amhlaidh an cás, ba cheart measúnú a dhéanamh ar na grianghraif/na scanacháin agus aird chuí á tabhairt ar a luach cruthúnais. Cé nach mór aitheantas a thabhairt do réaltacht phraiticiúil na n-iarratasóirí a bhíonn ag brath go minic ar mhacasamhlacha digiteacha, ba cheart do na húdaráis a bheith airdeallach ar an mbaol a bhaineann le brionnú nó ionramháil. Dá bhrí sin, ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar chóipeanna nó ar scanacháin den sórt sin in éineacht le ráitis an iarratasóra.



Sampla praiticiúil

Cuireann iarratasóir na doiciméid seo a leanas i láthair:

- **grianghraf de phas** atá sábháilte ar fhón póca, i gcás inar cailleadh an bhunchóip le linn an turais;
- **teastas breithe scanta** atá seolta trí ríomhphost ag ball teaghlaigh ar an gcoigríoch;
- fótachóip de **chárta clárúcháin UNHCR**;
- **leabhrán teaghlaigh** agus grianghraf glactha de leathanach ar leathanach;
- **dioplóma scoile nó cárta vacsaínithe** i bhformáid dhigiteach.





Is féidir iontaofacht doiciméad den sórt sin a mheasúnú trí bhreathnú ar ghnéithe amhail comhsheasmhacht sonraí pearsanta ar fud na ndoiciméad, stampaí nó sínithe oifigiúla infheicthe, meiteashonraí (e.g. an dáta a glacadh an grianghraf), nó féachaint an bhfuil an doiciméad ag teacht leis an bhfaisnéis atá ar eolas cheana féin faoin iarratasóir. Ag an am céanna, ba cheart do na húdaráis a bheith ar an airdeall i gcónaí maidir le brionnú nó ionramháil a d'fhéadfadh a bheith ann amhail séalaí bearrtha, clófhoirne neamh-chomhoiriúnaithe, nó comharthaí infheicthe den eagarthóireacht dhigiteach. I gcás ina bhfuil amhras réasúnta ann fós, is féidir luach na gcóipeanna sin a mheas i gcomparáid le fianaise eile (e.g. agallaimh, ráitis ó fhinné nó faisnéis ó eagraíochtaí aitheanta). Níor cheart céimeanna fíorúcháin a dhéanamh ach amháin mura gcuireann siad an t-iarratasóir i mbaol; ba cheart prionsabal na rúndachta a urramú ⁽⁴⁹⁾.

Dá bhrí sin, **níor cheart fíordheimhniú a bheith ag teastáil** ⁽⁵⁰⁾ i gcás ina bhfuil fianaise imthoisceach eile ar fáil chun comhthacú leis an mionaais.

2.2.2. An t-údar atá leis an measúnú aoise

Ní féidir measúnú aoise a bheith ina ghnáthchleachtas; níor cheart é a thionscnamh ach amháin **nuair a bhíonn amhras réasúnaithe ann, faoi** aois dhearbhaithe an duine aonair. D'fhéadfadh amhras den sórt sin teacht chun cinn nuair nach féidir an aois dhearbhaithe a dheimhniú nó nuair a bhréagnaítear í leis an bhfianaise atá ar fáil tar éis éisteacht leis an iarratasóir, doiciméid agus faisnéis ábhartha a bhailiú, agus táscairí eile a bhreithniú.

Mar a leagtar amach sa Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta, nuair nach féidir deireadh a chur le hamhras na n-údarás leis an bhfaisnéis a fhaightear tar éis éisteacht leis an iarratasóir agus an fhianaise atá ar fáil nó tásca eile a bhailiú (mar gheall ar neamhréireachtaí nó contrárthachtaí), **'féadfaidh** an t-údarás cinntitheach measúnú ildisciplíneach a dhéanamh, lena n-áirítear measúnú síceasóisialta' ⁽⁵¹⁾ chun aois an iarratasóra a mheas.

Mar fhoráil ina luaitear **'féadfaidh'**, léirítear in Airteagal 25(1) den Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta go bhfuil an cinneadh nós imeachta um measúnú aoise a thionscnamh **lánroghnach** agus **nach oibleagáid é**. Is féidir le húdaráis cinneadh a dhéanamh sochar an amhrais a chur i bhfeidhm, agus is féidir **a dhearbhu gur mionaiseach é an t-iarratasóir gan measúnú aoise** a dhéanamh (féach an roinn [cásanna](#) thuas).

Mar sin féin, má tá amhras cuí-réasúnaithe ag na húdaráis faoi aois iarratasóra a bheadh, más duine fásta é, faoi réir an nós imeachta éigeantaigh teorann, ní mór an duine a chur (go sealadach) sa **nós imeachta teorann um thearmann** agus ní mór dálaí glactha a chur ar fáil dó atá oiriúnaithe do leanaí neamhthionlactha; sa chás sin, tá an measúnú aoise éigeantach ⁽⁵²⁾. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach ar an treoraíocht atá le teacht ón gCoimisiún Eorpach maidir leis na nósanna imeachta teorann um thearmann agus um fhilleadh.

⁽⁴⁹⁾ Airteagal 7(1) RCI.

⁽⁵⁰⁾ Airteagal 25(1) RCI.

⁽⁵¹⁾ Airteagal 25(1) RCI.

⁽⁵²⁾ Airteagal 53(1), an dara habairt, den Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta.





Achoimre

- D'fhéadfadh amhras tosaigh teacht as doiciméid atá ar iarraidh, as neamhréireachtaí beaga nó as tuairimí suibiachtúla i leith aoise. Féadfar nó ní fhéadfar an t-amhras sin a réiteach trí réamhfhóru aoise. Má réitítear é, níl gá le haon mheasúnú aoise.
- D'fhéadfadh amhras a bhfuil bunús leis a bheith ann mar thoradh ar chontrárthachtaí fórasacha, ar chontrárthachtaí i ndearbhuite an iarratasóra, ar thaifid oifigiúla neamhréireacha, nó i gcás nach féidir neamhréireachtaí a shoiléiriú le linn an réamhfhóraithe aoise. D'fhéadfaí nós imeachta um measúnú aoise a iarraidh mar thoradh air sin.

2.3. Caomhnóireacht nó ionadaíocht

Ní mór caomhnóir ⁽⁵³⁾ nó, i gcás nach féidir caomhnóir buan a shannadh go tapa, [caomhnóir sealadach](#) ⁽⁵⁴⁾ do leanaí neamhthionlactha a ainmniú a luaithe is féidir. Is coimirce riachtanach í sin chun leas an linbh a chinntiú le linn an nós imeachta tearmainn agus an phróisis measúnaithe aoise (féach [Roinn 2.1 Leas an linbh](#)). Ní fhéadfar eagraíochtaí nó daoine nádúrtha a bhfuil a leasanna i gcoinbhleacht nó a d'fhéadfadh a leasanna a bheith i gcoinbhleacht le leasanna an mhionaoisigh neamhthionlactha a cheapadh mar chaomhnóirí. Leagtar béim sa Chomhshocrú freisin ar a thábhachtaí atá an dlúthchomhar leis na húdaráis náisiúnta cosanta leanaí ón tráth a dhéantar an scagadh, agus tugtar sainordú ann go gceapfar duine a bhfuil an saineolas ábhartha aige chun cabhrú leis an leanbh a luaithe is féidir ⁽⁵⁵⁾.

Ceapfar caomhnóir **laistigh de 15 lá** ⁽⁵⁶⁾ tar éis iarratas a dhéanamh. I gcásanna eisceachtúla, lena n-áirítear líon díreireach iarratas, is féidir síneadh **10 lá oibre** ⁽⁵⁷⁾ a chur leis an tréimhse sin.

⁽⁵³⁾ Airteagal 2(12) RBTI, Airteagal 3(18) agus Airteagal 33 den Rialachán Cáilitheachta, Airteagal 11(3) den Rialachán maidir le Scagadh, Airteagal 23(2) an Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta, Airteagal 14(1) de [Rialachán \(AE\) Uimh. 603/2013](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le bunú Eurodac chun méarloirg a chur i gcomparáid lena chéile ar mhaithe le cur i bhfeidhm éifeachtach Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát agus maidir le hiarrataí ó údaráis forghníomhaithe dlí na mBallstát agus ó Europol ar chomparáidí le sonraí Eurodac chun críocha forghníomhaithe dlí, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach le haghaidh bainistiú oibríochtúil córas TF ar mhórscaála sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais (athmhúnlú) (IO L 180, 29.6.2013).

⁽⁵⁴⁾ Airteagal 23(2)(a) RCI.

⁽⁵⁵⁾ Airteagal 23(2) RCI.

⁽⁵⁶⁾ Airteagal 23(2) RCI.

⁽⁵⁷⁾ Airteagal 23(3) den Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta agus Airteagal 23 RBTI.



Cúraimí an chaomhnóra i ndáil le measúnú aoise

Sula gcuirfeadh tús leis an bpróiseas measúnaithe aoise, ní mór a dhóthain ama a bheith ag an gcaomhnóir (sealadach) ullmhú, an t-iarratasóir a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle le comhairleoir dlí i gcás inar gá. Moltar go mbeadh an deis ag an gcaomhnóir agus ag an iarratasóir, le tacaíocht ó chomhairleoir dlí, plé a dhéanamh leis na húdaráis ar an amhras sonracha a d'eascair as doiciméid, ráitis nó tásca ábhartha eile. Cinntíonn sé sin trédhearcacht agus is féidir soiléiriú a dhéanamh nó fianaise bhreise a chur isteach a d'fhéadfadh neamhchinnteachtaí a réiteach gan gá a bheith le tuilleadh gníomhaíochta.

Ba cheart don chaomhnóir, in éineacht leis an gcomhairleoir dlí más infheidhme, a mhíniú don iarratasóir cad atá i gceist leis an measúnú aoise, is é sin:

- na modhanna a fhéadfar a úsáid;
- na nithe ar cheart a bheith ag súil leo agus an méid a tharlódh le linn na gcéimeanna;
- dualgas an iarratasóra comhoibriú, agus na hiarmhairtí a bhaineann le neamh-chomhoibriú (mar shampla, nach foras ann féin é diúltú dul faoin nós imeachta um measúnú aoise – bíodh sé sin an measúnú ildisciplíneach nó na tástálacha leighis – chun diúltú don iarratas, ach d'fhéadfadh na húdaráis glacadh leis gur duine fásta é an duine ⁽⁵⁸⁾)

Is pointe ama cinniúnach é sin, ós rud é gur féidir le faisnéis shoiléir atá fabhrach do leanaí muinín a chothú, eagla a laghdú agus comhar a spreagadh agus, ag an am céanna, spreagadh a thabhairt don iarratasóir faisnéis bhreise nó doiciméid bhreise a sholáthar lena dtacaítear lena n-aois dhearbhaíthe.

Le linn an mheasúnaithe aoise, tá an caomhnóir nó an duine fásta freagrach i dteideal ceisteanna a chur chun críoch soiléirithe agus/nó chun barúlacha a thabhairt chun tacú leis an iarratasóir. Tá ról fíor-riachtanach ag an gcaomhnóir freisin maidir le haire a thabhairt do leas an iarratasóra le linn an phróisis: ba cheart dó a chinntiú go ndéanfar folláine an iarratasóra a chosaint, agus féadfaidh sé sosanna a iarraidh má bhíonn an t-iarratasóir suaite nó trína chéile nó más cosúil go bhfuil mearbhall air; féadfaidh an caomhnóir/an duine fásta freagrach idirghabháil a dhéanamh freisin i gcás inar gá chun a chinntiú go leanfaidh an próiseas de bheith measúil, tacúil agus oiriúnaithe do riachtanais an iarratasóra. Chun a ról maidir le tacú leis an iarratasóir a chomhlíonadh i gceart, tá sé tábhachtach go mbeadh rochtain thráthúil ag an gcaomhnóir (sealadach) agus, i gcás inarb infheidhme, ag an gcomhairleoir dlí, ar thoradh an mheasúnaithe aoise agus ar an réasúnaíocht is bonn leis an gcinneadh. Tá an caomhnóir i dteideal rochtain a fháil ar ábhar na ndoiciméad ábhartha i gcomhad an iarratasóra (ní mór na doiciméid go léir a bhaineann leis an scrúdú leighis a bheith san áireamh ann). Cinntíonn sé sin gur féidir leis an t-iarratasóir a chur ar an eolas go leormhaith agus feidhmiú an chirt chun leighis éifeachtaigh a chumasú chun achomharc a dhéanamh in aghaidh thoradh an chinnidh measúnaithe aoise i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, bíodh sé sin mar achomharc neamhspleách nó mar chuid den achomharc in aghaidh an chinnidh céadchéime.

⁽⁵⁸⁾ Airteagal 25(6) den Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta: ‘... Ní fhéadfar diúltú den sórt sin a mheas mar thoisimhe infhrisnéise nach mionaoiseach é an t-iarratasóir.’





Uirlisí gaolmhara EUAA

EUAA/Comhairle na hEorpa, [Measúnú Aoise do Leanaí - YouTube](#) (ar fáil i 13 theanga).

EUAA, [All You Need to Know about Age Assessment](#) [Gach rud is ga a bheith ar eolas agat faoi Mheasúnú Aoise], mí Eanáir 2022. Is leabhrán faisnéise é sin atá oiriúnach do leanaí maidir le measúnú aoise a chomhlánaíonn an bheochan físe thuas.

EASO, [Measúnú Aoise do Leanaí - YouTube](#) (ar fáil in 23 teanga). Is beochan fhaisnéiseach é sin do chleachtóirí ina mínítear na cúiseanna atá le measúnú aoise, an áit a dtarlaíonn sé agus an chaoi ar cheart é a dhéanamh.

EUAA, [Practical Guide on the Best Interests of the Child](#) Treoirleabhar Praiticiúil maidir le Leas an Linbh], mí Feabhra 2019. Tá an t-eagrán nua den treoirleabhar sin i bhfianaise an Chomhshocraithe á fhorbairt faoi láthair agus beidh sé ar fáil in 2026.

EUAA/FRA, [Introduction to International Protection: Practical tool for guardians](#) [Réamhrá ar Chosaint Idirnáisiúnta: Uirlis phraiticiúil do chaomhnóirí], mí Dheireadh Fómhair 2023.

EUAA/FRA, [The Asylum Procedure: Practical tool for guardians](#) [An Nós Imeachta Tearmainn: Uirlis phraiticiúil do chaomhnóirí], mí Dheireadh Fómhair 2023.

EASO, [Age Assessment Practices in EU+ Countries: Updated findings](#) [Cleachtais Measúnaithe Aoise i dTíortha AE+: Torthaí nuashonraithe], mí Mheán Fómhair 2021.

2.4. Ról an chomhairleora dlí

Leis an Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta, leagtar síos go bhfuil sé de cheart ag iarratasóirí dul i gcomhairle le comhairleoir dlí maidir le nithe a bhaineann lena n-iarratas ag gach céim den nós imeachta riaracháin ⁽⁵⁹⁾. Is féidir **comhairleoireacht dhlíthiúil** saor in aisce a iarraidh a luaithe a chláraítear gur mian le duine iarratas a dhéanamh ar chosaint idirnáisiúnta, lena n-áirítear leanaí ⁽⁶⁰⁾.

Más féidir é sin a dhéanamh de réir an dlí náisiúnta, is féidir leis an duine céanna comhairleoireacht dhlíthiúil agus cúnamh dlí a sholáthar. Ní hionann comhairleoireacht dhlíthiúil agus cúnamh dlí agus áirítear léi treoraíocht, cúnamh agus míniú ar an nós imeachta iomlán: cearta, oibleagáidí, rialacha maidir leis na nósanna imeachta éagsúla, agus faisnéis maidir le conas agóid a dhéanamh in aghaidh cinneadh diúltach. Tá sé saor in aisce, agus ba cheart an t-iarratasóir a chur ar an eolas faoin bhféidearthacht comhairleoireacht dhlíthiúil a iarraidh tráth an chláráithe ar a dhéanaí.

⁽⁵⁹⁾ Airteagal 15(1) RCI.

⁽⁶⁰⁾ Airteagal 33(1), an dara fómhír, den Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta: 'Beidh feidhm ag an gcéad fómhír den mhír seo gan dochar do cheart mionaoiseach neamhthionlactha comhairleoireacht dhlíthiúil agus cúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil a fháil i gcomhréir le hAirteagail 15 agus 16.'





Is féidir le duine amháin **comhairleoireacht dhlíthiúil** saor in aisce a chur ar fáil do roinnt iarratasóirí ag an am céanna nó ina n-aonar. Is éard atá i gceist le ról an chomhairleora dlí treoraíocht agus cúnamh ginearálta a chur ar fáil le linn an nós imeachta riaracháin um chosaint idirnáisiúnta ⁽⁶¹⁾ lena n-áirítear nuair a dhéantar measúnú aoise. Mar sin féin, cé go bhféadfadh seisiúin soláthair faisnéise grúpa a bheith úsáideach le haghaidh réamhfheasachta, ní féidir iad a chur in ionad comhairleoireacht ‘duine ar dhuine’, rud atá riachtanach chun leas an linbh thiomhdithe atá ag dul faoi nós imeachta um measúnú aoise a chosaint. Tacóidh comhairleoirí dlí leis an gcaomhnóir nó le tuismitheoirí/cúramóirí (linbh thionlactha) chun an leanbh toimhdithe a chur ar an eolas agus cabhrú leis freisin maidir leis an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag toradh an mheasúnaithe aoise ar a n-iarratas agus ar phróisis ghaolmhara eile.

Chun an ról sin a chomhlíonadh, ní mór comhairleoirí dlí aonair nó eagraíochtaí sochaí sibhialta a sholáthraíonn an tseirbhís sin a ligean isteach nó a cheadú chun é sin a dhéanamh faoin nós imeachta náisiúnta agus ní mór rochtain a thabhairt dóibh ar an iarratasóir. Ina theannta sin, níor cheart an comhairleoir dlí a bheith i staid coinbhleachta leasa riamh agus comhairle á cur ar fáil don iarratasóir.

Cé nach ndéantar foráil sa Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta i dtaca leis an gceart chun achomharc a dhéanamh in aghaidh cinneadh measúnaithe aoise ar leithligh ón gcinneadh maidir le cosaint idirnáisiúnta, ní chuirtear bac leis ar na Ballstáit é sin a dhéanamh faoin dlí náisiúnta.

I gcás ina gceadaítear achomharc a dhéanamh ar an measúnú aoise ar leithligh leis an reachtaíocht náisiúnta, tá an **ceart chun leigheas éifeachtach a fháil** a bunaíodh leis an Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta agus leis an gCairt fós ábhartha. I ngach cás, ba cheart **faisnéis shoiléir a chur ar fáil** d’iarratasóirí, do chaomhnóirí (sealadacha) agus do chomhairleoirí dlí **maidir leis na roghanna atá ar fáil chun achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh**, maidir leis na nósanna imeachta agus na hamlínthe is infheidhme, chomh maith leis an bhfaisnéis ábhartha a bhí bunaithe ar an gcinneadh a rinneadh maidir leis an aois.

Ba cheart **comhairleoireacht dhlíthiúil agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce** a bheith inrochtana i gcás inar mian le hiarratasóir achomharc a dhéanamh nó agóid a dhéanamh in aghaidh cinneadh maidir le haois, bíodh sé sin mar chuid den achomharc in aghaidh an chinnidh maidir leis an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta nó mar ghníomh ar leith faoi nós imeachta náisiúnta. I gcás ina ndéantar foráil maidir le hachomharc dlíthiúil ar leith in aghaidh an chinnidh measúnaithe aoise faoin reachtaíocht náisiúnta, tá an rochtain ar chomhairleoireacht dlí saor in aisce faoi réir na rialacha agus na nósanna imeachta arna mbunú ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear iad siúd lena rialaítear infheidhmeacht na hionadaíochta *pro bono*. Chuige sin, ní mór an fhaisnéis is gá a chur ar fáil don chaomhnóir nó do tuismitheoirí agus don iarratasóir maidir le conas achomharc a dhéanamh agus maidir leis na hamlínthe atá le breithniú.

⁽⁶¹⁾ Airteagal 16(2) RCI.





Uirlisí gaolmhara EUAA

- EUAA, [Practical Guide on Free Legal Counselling: Organisation of the provision of free legal counselling](#) [Treoirleabhar Praiticiúil maidir le Comhairleoireacht Dhlíthiúil Saor in Aisce: Soláthar na comhairleoireachta dlíthiúla saor in aisce a eagrú], mí Dheireadh Fómhair 2025.
- [Comhairleoireacht dhlíthiúil agus cúnamh dlí | Let's Speak Asylum.](#)

2.5. An ceart chun faisnéise, rannpháirtíocht agus toiliú

D'fhéadfadh sé a bheith mearbhlach agus scanrúil d'iarratasóirí má iarrtar orthu dul faoi mheasúnú aoise ⁽⁶²⁾ toisc go mb'fhéidir nach dtuigfidís cén fáth a bhfuil gá le nós imeachta den sórt sin. D'fhéadfadh sé go mbraithfidís freisin nach bhfuil muinín á cur iontu, agus d'fhéadfadh roinnt iarratasóirí a bhrath go bhfuiltear á chur ina leith go bhfuil siad mímhacánta seachas a bhrath gur céim nós imeachta chaighdeánach atá ann. Tá sé fíor-riachtanach a chinntiú go ndéantar iarratasóirí **a chur ar an eolas i gceart**, go bhfuil siad rannpháirteach, agus go dtugtar an deis dóibh toiliú a thabhairt chun a gcearta agus a bhfolláine a chosaint ó thús go deireadh an phróisis.

Cuirfear faisnéis maidir le cuspóir agus próiseas an mheasúnaithe aoise ar fáil go tráthúil, sula gcuirfear tús leis an bpróiseas, ar bhealach atá oiriúnach ó thaobh aoise agus cultúir de agus atá oiriúnach do leanaí ⁽⁶³⁾. Ní mór a sheiceáil faoi dhó go dtuigeann an t-iarratasóir a bhfuil i gceist agus ní mór an deis a thabhairt don iarratasóir ceisteanna a chur. D'fhéadfadh idirghabhálaithe cultúrtha, ateangairí, an caomhnóir agus/nó tuismitheoirí a bheith páirteach le linn an phróisis. Is féidir leis an gcaomhnóir tacú leis an iarratasóir i gcomhthéacs an phróisis measúnaithe aoise trí aghaidh a thabhairt ar neamhréireachtaí trína mhíniú don iarratasóir cén fáth nach nglactar leis an aois dhearbhaithe nó cén fáth nach leor an fhianaise a sholáthraítear. Cuidíonn sé sin leis an iarratasóir tuiscint níos fearr a fháil ar an bpróiseas agus spreagann sé comhoibriú lena n-áirítear trí fhaisnéis bhreise a sholáthar.

Tá sé tábhachtach go mbeadh **an deis ag na hiarratasóirí a dtuairimí a chur in iúl** agus a smaointe a chur in iúl maidir leis na hábhair go léir a phléitear mar chuid den nós imeachta um measúnú aoise. Ba cheart, dá bhrí sin, a rannpháirtíocht ghníomhach ⁽⁶⁴⁾ a ráthú ⁽⁶⁵⁾. Ba cheart do na húdaráis foráil a dhéanamh maidir le héisteacht ó bhéal le haghaidh na n-iarratasóirí agus a dtuismitheoirí aon uair a bhíonn aon amhras orthu maidir leis an aois dhearbhaithe nó nuair a shainnítear neamhréireachtaí. Is minic gur féidir le tuismitheoirí faisnéis thábhachtach a chur ar fáil faoi chúlra, faoi thógáil agus faoi imthosca teaghlach an

⁽⁶²⁾ Argyriou, Dr A., *The psychological impact of the age dispute process on unaccompanied children seeking asylum in the UK*, 2024.

⁽⁶³⁾ Airteagal 5(2) den Treoir maidir le Dáláí Glactha (2024), Airteagal 23(5) den Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta, Airteagal 11(3) den Rialachán maidir le Scagadh.

⁽⁶⁴⁾ I gcomhréir le [MOLADH ÓN gCOIMISIÚN an 23.4.2024 maidir le córais chomhtháite cosanta leanaí a fhorbairt agus a neartú ar mhaithe le leas an linbh](#), (C/2024/2680 final).

⁽⁶⁵⁾ Aithnítear ceart éisteachta an linbh i roinnt ionstraimí dlí amhail: Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, Barúil Ghinearálta Uimh. 12 (2009): Ceart éisteachta an linbh, CRC/C/GC/12, an 20 Iúil 2009, <https://www.refworld.org/legal/general/crc/2009/en/70207>; aithris 23 den Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta; Airteagal 23(3) RBTI.





iarratasóra, rud a d'fhéadfadh cabhrú le neamhchinnteachtaí a shoiléiriú agus tacú le haois an iarratasóra a shuí. Trí ról a thabhairt do thuismitheoirí ar an mbealach sin, cinntítear cothroime níos imeachta freisin, urramaítear ceart éisteachta an linbh i gcomhar lena gcúramóirí, agus cuidíonn sé le leas an linbh a chosaint trí pheirspictíocht an teaghlaigh a chur san áireamh.

Ní mór an deis a thabhairt don iarratasóir, don chaomhnóir nó do thuismitheoirí **toiliú** nó gan páirt a ghlacadh sa mheasúnú aoise, agus go háirithe ag céim na scrúduithe leighis i gcás ina bhfuil siad ag tarlú (féach [Iarscríbhinn 4 – Foirm thoilithe shamplach chun páirt a ghlacadh i measúnú aoise](#)). Ní mór toiliú a thabhairt gan aon bhrú ná ionramháil sheachtrach, go háirithe i gcás na ndaoine sin a d'fhulaing dúshaothrú, comhéigean, foréigean bunaithe ar inscne nó mí-úsáid roimhe sin.

I gcomhréir leis an Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta ⁽⁶⁶⁾, **ní mór don iarratasóir agus dá chaomhnóir araon toiliú le measúnuithe leighis**: tugann sé seo le tuiscint go bhfuil an **ceart acu diúltú**. Ba cheart a chur in iúl don iarratasóir agus dá thuismitheoirí nó dá chaomhnóir nach féidir an diúltú do scrúduithe leighis amháin a bheith ina chúis le diúltú don **iarratas ar chosaint idirnáisiúnta** agus nach féidir a mheas gur toimhde infhrisnéise é nach mionaoiseach é an t-iarratasóir ⁽⁶⁷⁾.

Ós rud é go gceanglaítear go sainráite leis an reachtaíocht go mbeidh toiliú ann **le haghaidh na comhpháirte leighis amháin** den mheasúnú aoise ⁽⁶⁸⁾, níl aon bhunús dlí foirmiúil ann chun diúltú don mheasúnú ildisciplíneach. Mar sin féin, sa chleachtas, féadfaidh iarratasóir diúltú go héifeachtach páirt a ghlacadh – mar shampla, trí gan freastal ar an meastóireacht shíceasóisialta nó trí bheith ciúin ar feadh an agallaimh. Cuireann sé sin i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé a chinntiú go bhfuil an t-iarratasóir ar an eolas go leormhaith agus go dtuigeann sé cuspóir agus raon feidhme an phróisis measúnaithe aoise ar fad, lena n-áirítear gnéithe ildisciplíneacha an phróisis sin. Tá cumarsáid shoiléir agus inrochtana fíor-riachtanach chun comhoibriú a chothú agus chun cothroime agus trédhearcacht sa nós imeachta a chinntiú.

I gcás diúltú, **ní mór na cúiseanna le diúltú an duine a fhiosrú**. D'fhéadfadh tuiscint a fháil ar na cúiseanna leis an diúltú agus faisnéis níos saincheaptha a chur ar fáil a bheith ina chuidiú le haghaidh a thabhairt ar ábhair inní thosaigh agus comhoibriú a chothú.

Rud atá tábhachtach, i gcás nach é toradh an mheasúnaithe aoise an toradh a bhfuil an t-iarratasóir ag súil leis, tá sé ríthábhachtach go dtuigeann sé a cheart chun agóid a dhéanamh in aghaidh an toraidh trí **na sásraí achomhairc nó athbhreithnithe atá ar fáil**. I gcás ina ndéantar foráil i gcórais náisiúnta maidir le hachomharc ar leithligh a dhéanamh in aghaidh cinneadh aoise, ba cheart a chur in iúl go sainráite don iarratasóir nach mbeidh tionchar diúltach ag achomharc den sórt sin a dhéanamh ar an scrúdú a dhéanfar ar a iarratas ar chosaint idirnáisiúnta.

Tá feidhm chomhionann ag an gcoimircé sin i gcomhthéacs an tsoláthair faisnéise agus an toilithe agus na rannpháirtíochta, rud a chinntíonn gur féidir le hiarratasóirí a gcearta a fheidhmiú gan eagla a bheith orthu roimh iarmhairtí. Is ar an gcásoifigeach a bhíonn an fhreagracht an t-iarratasóir a chur ar an eolas faoi na hiarmhairtí dlíthiúla a bhaineann le diúltú.

⁽⁶⁶⁾ Airteagal 25(5) RCI.

⁽⁶⁷⁾ Airteagal 25(6) RCI.

⁽⁶⁸⁾ Ní iarrtar toiliú ach amháin don scrúdú leighis, ní don nós imeachta um measúnú aoise ina iomláine (Airteagal 25(4) den Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta).





Mar sin féin, ba cheart don ghairmí leighis aghaidh a thabhairt ar ábhair inmí a bhaineann leis an nós imeachta scrúdúcháin féin le tacaíocht ón gcaomhnóir, chun muinín a chothú agus chun an t-iarratasóir a chur ar a shuaimhneas.

2.6. Measúnóirí aoise cáilithe

Ní mór do na húdaráis a chinntiú go bhfuil an **saineolas/speisialtóireacht is gá** ag na daoine a cheaptar chun an measúnú aoise a dhéanamh. Déantar tagairt shoiléir leis an Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta do **ghairmithe cáilithe** a bhfuilaineolais acu ar mheastachán aoise agus ar fhorbairt leanaí amhail oibríthe sóisialta, síceolaithe nó péidiatraithe, chun measúnú a dhéanamh ar thosca éagsúla, mar shampla tosca fisiciúla, síceolaíocha, forbartha, comhshaoil agus cultúrtha ⁽⁶⁹⁾.

Maidir leis an gcoincheap sin ‘gairmithe cáilithe’ a bhfuil baint aige leis an measúnú aoise, ní dhéantar sainmhíniú air go sainráite sa Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, ba cheart tagairt a dhéanamh don **reachtaíocht náisiúnta** ábhartha, a bhféadfadh sé go sonrúfaí inti na cáilíochtaí nó na próifílí gairmiúla is gá chun a mheas go bhfuil duine inniúil i réimsí an **mheastacháin aoise agus na forbartha leanaí**.

Cé nach bhfuil caighdeán aonfhoirmeach leagtha síos sa Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta, **moltar ann gur cheart d’oibríthe sóisialta, do shíceolaithe nó do phéidiatraithe** a bheith ina gcuid den fhoireann ildisciplíneach. Dá réir sin, d’fhéadfadh sé gur mhian leis na Ballstáit **na ceanglais náisiúnta cháilíochta a fhíorú** do na gairmeacha sin chun a chinntiú go mbeidh anaineolais agus na dintiúir iomchuí ag na daoine a bhfuil baint acu leis an bpróiseas measúnaithe.

I gcomhréir le cineál ildisciplíneach an mheasúnaithe aoise, is faoi na Ballstáit atá sé an lánrogha a bheith acu na gairmithe a bheidh páirteach a ainmniú, bunaithe ar a scileanna, a gcáilíochtaí agus a n-oiliúint shonrach. Ní eisiatar sa chreat aon phróifíl ghairmiúil, e.g. baill foirne leighis (e.g. altraí, péidiatraithe, dochtúirí), gairmithe síceasóisialta nó gairmithe ó réimsí eile amhail eitnea-antraipeolaithe nó idirghabhálaithe cultúrtha, ar choinníoll go bhfuil a rannchuidiú agus a gcúlra gairmiúil ábhartha agus fóinteach don phróiseas. Leis an tsolúbthacht sin, is féidir leis na húdaráis náisiúnta comhdhéanamh na foirne ildisciplíní a chur in oiriúint dá struchtúir riaracháin agus donaineolais atá ar fáil dóibh, agus cáilíocht agus iontaofacht an mheasúnaithe á gcosaint ag an am céanna.

Mar sin féin, tá sé fíor-riachtanach go ngníomhóidh na gairmithe atá ag gabháil do chomhpháirteanna neamhleighis an phróisis go docht laistigh de raon feidhme a gcáilíochtaí agus aaineolais. Mar shampla, féadfaidh altra cur leis an measúnú ildisciplíneach trí bharúlacha a chur ar fáil maidir le folláine ghinearálta, sláinteachas nó forbairt ghinearálta an iarratasóra, agus é ag tarraingt ar a thaithí ghairmiúil. Mar sin féin, níor cheart dó dul níos faide agus scrúduithe leighis nó cliniciúla a dhéanamh, ar scrúduithe iad sin a bhaineann le céim leighis an mheasúnaithe aoise, agus ba cheart do dhochtúir cáilithe iad a dhéanamh.

Ach anaineolais is gá a bheith acu, bíonn coinne leis freisin go bhfaighidh measúnóirí aoise **oiliúint shonrach maidir le modheolaíochtaí agus nósanna imeachta um measúnú aoise** sa

⁽⁶⁹⁾ Airteagal 25(1) agus aithris 37 RCI.





bhreis ar a bprómhchúlra gairmiúil. Ba cheart a chumhdach faoin oiliúint sin na gnéithe dlíthiúla, forbartha, leighis agus nós imeachta a bhaineann le measúnú aoise i gcomhthéacs an tearmainn chun a chinntiú go ndéanfar meastóireachtaí ar bhealach atá íogair ó thaobh an linbh de, atá íogair ó thaobh cultúir de agus ar bhealach lena gcomhlíontar cearta.

Ba cheart do na húdaráis inniúla náisiúnta an oiliúint a eagrú nó a chreidiúnú, i gcomhar (i gcás inarb ábhartha) le comhlachtaí an Aontais Eorpaigh amhail EUAA. D'fhéadfadh institiúidí acadúla nó gairmiúla aitheanta eile a bheith páirteach freisin.

Ba cheart an méid seo a leanas a chumhdach faoin oiliúint:

- oibleagáidí dlíthiúla faoin Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta agus faoi dhlí gaolmhar an Aontais;
- forbairt leanaí;
- gnéithe leighis, síceolaíocha agus síceasóisialta i measúnú aoise;
- teicnící agallaimh atá curtha in oiriúint do leanaí;
- coimircí chun atrámú a chosc; agus
- caighdeán nós imeachta chun a chinntiú go mbeidh meastóireachtaí ildisciplíneach, íogair ó thaobh leanaí de agus i gcomhréir le cearta.

Ba cheart cúrsaí athnuachana agus forbairt ghairmiúil leantach a chur ar fáil freisin chun saineolas a choinneáil agus a thabhairt cothrom le dáta.

B'fhéarr go mbeadh saineolas leordhóthanach ag measúnóirí aoise i réimse na cosanta leanaí. Go háirithe ba cheart dóibh:

- a bheith eolach ar chaighdeání dhlíthiúla idirnáisiúnta agus náisiúnta, lena n-áirítear CRC agus coimircí nós imeachta i measúnuithe aoise ⁽⁷⁰⁾;
- a bheith in ann cumarsáid éifeachtach agus thuisceanach a dhéanamh le hiarratasóirí ó chultúir éagsúla, rud a chinntíonn gur féidir leis an duine aonair a bhfuil an measúnú aoise á ndéanamh air a thuairimí a chur in iúl;
- tuiscint bhunúsach a bheith acu ar conas comharthaí agus siomptóim de chiapadh síceolaíoch a shainaithint;
- a bheith oile chun cásanna a láimhseáil ina nochtann iarratasóir taithí ar fhoréigean agus ar mhí-úsáid, agus a bheith ar an eolas faoi na conairí tarchuir atá ar fáil sna cásanna sin;
- a bheith neamhchlaonta agus saor ó aon choimbheacht leasa;
- rúndacht, neamh-idirdhealú agus meas ar dhínit an duine aonair a chinntiú le linn an phróisis measúnaithe aoise; agus

⁽⁷⁰⁾ UNHCR, *UNHCR observations on the use of age assessments in the identification of separated or unaccompanied children seeking asylum*, mí an Mheithimh 2015, <https://www.refworld.org/jurisprudence/amicus/unhcr/2015/en/93634>; Comhairle na hEorpa, *Human rights principles and guidelines on age assessment in the context of migration: Recommendation CM/Rec(2022)22 and Explanatory Memorandum* [Prionsabail um chearta an duine agus treoirínte maidir le measúnú aoise i gcomhthéacs na himirce: Moladh CM/Rec(2022)22 agus Meabhrán Míniúcháin] (Strasbourg: Comhairle na hEorpa, mí Aibreáin 2023), <https://rm.coe.int/cm-rec-2022-22-and-explanatory-memorandum-on-human-rights-principles-a/1680ab501f>; UNICEF *Technical note on age assessment*, *op. cit.*, fn. 7.





- a bheith ar an eolas faoi sholáthraithe seirbhísí ábhartha agus faoin gcóras tarchuir i gcás ina dtiocfaidh riachtanais láithreacha eile chun cinn le linn an mheasúnaithe (e.g. sláinte fhisiciúil, riachtanais chosanta nó a leithéid).

Ba cheart eolas maith a bheith ag measúnóirí aoise a dhéanann **agallamh um measúnú aoise** ar fhaisnéis faoin tír thionscnaimh atá ábhartha don chás, mar aon le cleachtais chultúrtha, noirm agus dinimic shochoáioch. Tá an t-eolas sin ríthábhachtach le haghaidh torthaí iontaoifa. Is féidir le heolas faoi [Thairseach na faisnéise faoin tír thionscnaimh EUAA](#) agus faoi shuíomhanna gréasáin nó foinsí ábhartha eile tacú le measúnóirí a thuilleadh chun rochtain a fháil ar fhaisnéis atá cruinn agus cothrom le dáta.

Ní mór do mheasúnóirí aoise a dhéanann **measúnú síceasóisialta** na scileanna a bheith acu chun measúnú a dhéanamh ar phatrúin fáis fhisiciúla, shíceolaíoch agus mhothúchána i leanaí agus meastóireacht a dhéanamh orthu siúd i bhfianaise chomhthéacs sóisialta an linbh. Tá inniúlachtaí idirchultúrtha ríthábhachtach freisin chun oibriú le leanaí a bhfuil cúlra imirceach acu. De ghnáth, cuirtear de chúram ar shíceolaithe nó ar oibríthe sóisialta atá speisialaithe i bhforbairt chognaíoch leanaí agus atá oilte i measúnú aoise an measúnú síceasóisialta a dhéanamh.

Ní mór do liachleachtóirí a bhfuil saineolas acu ar leanaí agus ar mheastachán aoise **scrúduithe leighis** a dhéanamh. De ghnáth, is iad péidiatraithe agus raideolaithe a dhéanann measúnú ar mharcanna forbartha leanaí agus ar íomhánna cnámharlaigh. Ba cheart eolas comhthéacsúil a bheith ag na saineolaithe leighis sin freisin, lena n-áirítear cur amach ar tháscairí fáis a bhaineann go sonrath le faisnéis faoin tír thionscnaimh (e.g. táblaí tagartha péidiatraiceacha atá ábhartha d'eitneachas sonrath), agus ba cheart feacht a bheith acu ar thosca cultúrtha a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chuma fhisiceach, ar aibíocht agus ar stíleanna cumarsáide.

Cé gur léiriú é an méid thuas ar phróifíl idéalach measúnóirí aoise, aithnítear go bhféadfadh dúshlán a bheith roimh na Ballstáit sa chleachtas líon leordhóthanach saineolaithe a chomhlíonann na ceanglais go léir a shainnítear. Chun dúshlán den sórt sin a d'fhéadfadh a bheith ann a shárú agus chun cáilíocht agus comhlíonadh a chinntiú, is féidir le húdaráis infheistíocht a dhéanamh sna gnéithe seo a leanas.

- **Fothú acmhainní forchéimnitheach:** féadfaidh gairmithe na croícheanglais a chomhlíonadh ar dtús (caighdeán dhlíthiúla, neamhchlaontacht, cumarsáid atá íogair ó thaobh leanaí de) agus scileanna breise a neartú (e.g. nothaí maidir le foréigean a láimhseáil, ciapadh síceolaíoch a aithint) trí fhorbairt ghairmiúil leantach.
- **Oiliúint speisialaithe spriocdhírthe:** is féidir le húdaráis náisiúnta modúil oiliúna atá gearr agus dírithe ar chleachtas a fhorbairt (mar shampla maidir le cineálacha cur chuige bunaithe ar thráma, idirghabháil chultúrtha nó coimircí). D'fhéadfadh **curaclam oiliúna EUAA** ⁽⁷⁾ a bheith ina thagairt úsáideach do chlár oiliúna.
- **Scéimeanna creidiúnaithe agus deimhniúcháin:** cuidíonn bunú uainchlár náisiúnta de mheasúnóirí aoise oilte a bhfuil oiliúint éigeantach curtha i gcrích acu le hinfhaighteacht agus cáilíocht a ráthú.
- **Saineolas seachtrach a úsáid:** i gcás ina bhfuil bearnaí fós ann, is féidir leis na Ballstáit conradh a dhéanamh nó comhoibriú le ENRanna speisialaithe, le comhlachtaí cosanta

⁽⁷⁾ EUAA, [Training Catalogue](#) [Catalóg Oiliúna], mí Lúnasa 2022.





leanaí, nó le saineolaithe neamhspleácha chun tacú le gnéithe sonracha den mheasúnú.

- **Piarfhoghlaim agus malartú:** trí mheasúnóirí a spreagadh chun taithí agus aincheisteanna a roinnt trí phlé rialta cásanna nó trí mhaoirseacht rialta, cinntítear go dtagann forbairt ar shaineolas, fiú amháin i gcomhthéacsanna atá teoranta ó thaobh acmhainní de.

Is féidir bealaí comhair idir údarais éagsúla agus eagraíochtaí seachtracha a chruthú chun a chinntiú go bhfuil líon leordhóthanach gairmithe cáilithe ar fáil.



Samplaí de dhea-chleachtas chun feabhas a chur ar cháilíocht na nósanna imeachta um measúnú aoise

- Seisiúin rialta idir piaraí agus malartuithe a eagrú i measc measúnóirí aoise chun dúshlán agus réitigh choiteanna a d'fhéadfadh a bheith ann a phlé.
- I gcás inarb infheidhme, a chinntiú gur féidir leis an iarratasóir inscne an chleachtóra a dhéanann an measúnú a roghnú. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin i gcás riachtanais speisialta iomadúla (e.g. marthanóir féideartha ó fhoréigean gnéasach agus inscnebhunaithe, mí-úsáid nó gáinneáil). Tríd an rogha sin a chur ar fáil, is féidir timpeallacht níos sábháilte agus níos compordaí a chruthú, lena n-éascaítear iontaobh agus oscailteacht le linn an phróisis.
- Córas faireacháin a bhunú chun cáilíocht agus foghlaim ó thaithe a chinntiú.



Dea-chleachtais maidir le nósanna imeachta um measúnú aoise i dtíortha AE+

- Tá córas láidir bunaithe ag Institiúid Náisiúnta na hIodáile um Shláinte, Imirce agus Bochtaineacht chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an phrótacail náisiúnta le haghaidh measúnú aoise ar leanaí neamhthionlactha ⁽⁷²⁾.
- D'eagraigh an Grúpa Staidéir um Dhiagnóisic Fhóirínseach Aoise de Chumann Míochaine Dlí na Gearmáine tástálacha inniúlachta bliantúla le haghaidh dearbhú cáilíochta leanúnach ⁽⁷³⁾.

⁽⁷²⁾ An Institiúid Náisiúnta um Shláinte, Imirce agus Bochtaineacht (INMP), [Primo rapporto sull'attuazione del protocollo per la determinazione dell'età dei minori stranieri non accompagnati](#) (An chéad tuarascáil maidir le cur chun feidhme an phrótacail chun aois mionaoiseach eachtrach neamhthionlactha a chinneadh), mí Mheán Fómhair 2022, <https://www.inmp.it/index.php/ita/Pubblicazioni/Libri/Primo-rapporto-sull-attuazione-del-protocollo-per-la-determinazione-dell-eta-dei-minori-stranieri-non-accompagnati>.

⁽⁷³⁾ An Grúpa Staidéir um Dhiagnóisic Fhóirínseach Aoise de Chumann Míochaine Dlí na Gearmáine, [Criteria for age estimation in living individuals](#), 2008, https://www.mezizin.uni-muenster.de/fileadmin/einrichtung/agfad/empfehlungen/empfehlung_strafverfahren_eng.pdf.



2.7. Neamhchlaontacht agus neamh-idirdhealú le linn an phróisis measúnaithe aoise

Tá sé de cheart ag gach duine atá faoi mheasúnú aoise go ndéanfaí a n-aois a mheasúnú go neamhchlaonta, gan claontacht bunaithe ar náisiúntacht, eitneachas nó tosca eile. Ní mór do mheasúnóirí a bheith ar an eolas faoina gclaontaí féin agus measúnuithe aoise á ndéanamh acu.

Is féidir an chlaontacht a bheith sna foirmeacha a thuairiscítear thíos (liosta neamh-uileghabhálach).

- Ginearálú ó chásanna roimhe seo: dá bhfaighfí amach gur inis iarratasóirí roimhe seo ó thír nó ó phobal áirithe bréag faoina n-aois, d'fhéadfadh sé go ndéanfadh measúnóirí toimhdí go neamh-chomhfhiósach maidir le hiarratasóirí nua isteach den bhunadh céanna.
- Claontacht deimhniúcháin: díriú ar fhianaise a thacaíonn le coincheapa réamhcheaptha (tús a chur leis an measúnú agus á cheapadh gur duine fásta/mionaoiseach é an duine aonair cheana féin). D'fhéadfadh sé sin a bheith ina chúis le ró-ualú a dhéanamh ar thréithe nó iompraíochtaí braite a d'fhéadfadh bunús a thabhairt leis an gcreideamh sin (e.g. aibíocht ó thaobh cainte nó cuma fhisiceach de) agus neamhaird á déanamh ag an am céanna ar thosca a léiríonn a mhalairt de chonclúid (e.g. freagraí an iarratasóra nó stair dhoiciméadaithe).
- D'fhéadfaí neirbhís, leisce, faisnéis scaipthe nó neamhshuim le linn an agallaimh a léiriú mar chomhartha meabhlaireachta nó aosachta agus ní mar fhrithghníomhartha nádúrtha ar chineál an-tábhachtach an phróisis, ar a bheith curtha faoi agallaimh iomadúla nó ar thaithí a bheith ag an duine ar thráma san am atá caite.
- D'fhéadfadh sé go ndíreodh measúnóirí go díreireach ar shaintréithe fisiceacha amhail airde, gnéithe aghaidhe nó mais matán, agus go mbainfidís an chiall astu sin mar léiriú ar aosacht agus neamhaird á tabhairt ar fhianaise go bhféadfadh tionchar suntasach a bheith ag eitneachas, strus comhshaoil nó géineolaíocht ar fhorbairt fhisiceach.

Trí threoraíocht a chur ar fáil do mheasúnóirí maidir leis **na claontachtaí sin a aithint agus a mhaolú, trí chur chuige ildisciplíneach** a úsáid agus gairmithe cáilithe éagsúla a bheith páirteach ann, cuirtear feabhas ar chothroime agus ar chruinneas an mheasúnaithe aoise agus cinntítear leis go gcaitear le hiarratasóirí le dínit agus le meas.

Baineadh úsáid as na bearta thíos chun na críche sin roimhe seo agus bhí siad úsáideach:

- athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí na measúnuithe éagsúla a rinneadh;
- malartuithe a dhéanamh i measc na ngairmithe a bhfuil baint acu le measúnú;
- níos mó ná measúnóirí aoise amháin a bheith ann chun measúnú comhpháirteach a dhéanamh ar chás.

Is féidir an **chomhghleacaíocht** sin a bheith ina cuidiú freisin leis an mbrú atá ar na measúnóirí atá i mbun cúram casta amhail measúnú aoise a laghdú, tríd an bhfreagracht as cinneadh a bhfuil iarmhairtí suntasacha ag baint leis don iarratasóir a roinnt.



Breithnithe praiticiúla

Chun seasamh le neamhchlaontacht an phróisis measúnaithe aoise, tá sé fíor-riachtanach go n-oibreodh na measúnóirí nó an painéal measúnaithe aoise **go neamhspleách** orthu siúd atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta nó as dálaí glactha a bhainistiú. Trí dheighilt institiúideach den sórt sin, cinntítear go mbíonn oibiachtúlacht ann agus maolaítear coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann agus a d'fhéadfadh leas an linbh a chur i mbaol.

I gcomhthéacsanna áirithe, d'fhéadfadh brúnna oibríochtúla indíreacha a bheith roimh ghairmithe atá ag obair laistigh den chóras glactha – mar shampla, acmhainneacht theoranta chóiríochta nó sriantacht acmhainní – rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt go neamhaireach ar thoradh measúnaithe aoise. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh brú institiúideach a bheith mar thoradh ar bhreithnithe airgeadais a bhaineann le dálaí glactha a sholáthar do leanaí i gcomparáid le daoine fásta. Tá na gnéithe sin chomh hábhartha céanna i gcásanna ina ndéanann eintitis phríobháideacha bainistiú ar ghlacadh, ar eintitis iad a bhféadfadh leasanna airgeadais a bheith acu atá nasctha leis an líon leanaí/daoine fásta a dtugtar cóiríocht dóibh. I gcásanna ina ndéanann gairmithe atá ag obair don údarás cinntitheach nó don údarás glactha an measúnú aoise, moltar **ráthaíochtaí a bheith i bhfeidhm** chun a chinntiú go bhfuil a measúnú go hiomlán neamhspleách. Sheachnódh sé sin aon choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann (e.g. níor cheart baint a bheith ag na measúnóirí lena mbaineann leis an scrúdú ar an iarratas).

Tá feidhm ag breithnithe comhchosúla maidir leis na caomhnóirí: ba cheart ról an chaomhnóra a leanúint de bheith éagsúil leis an bpróiseas measúnaithe aoise.



Breithnithe praiticiúla maidir le measúnú aoise i gcásanna a bhaineann le tuismitheoirí, gaolta nó daoine fásta i bhfochair

Níor cheart measúnú aoise a iarraidh agus a dhéanamh ach amháin nuair is fíor-riachtanach é, is é sin nuair a bhíonn amhras ann a bhfuil bunús leis maidir leis an aois dhearbhaite. Mar sin féin, d'fhéadfadh cásanna teacht chun cinn ina dtagann leanaí faoi thionlacan daoine fásta a mhaíonn gur gaolta nó tuismitheoirí de chuid an linbh iad, agus ina sainithnítear táscairí maidir le gáinneáil ar dhaoine, pósadh leanaí, nó ábhair inmí eile i dtaca le cosaint — ar theacht isteach dóibh nó tar éis measúnú ar leas an linbh a bheith curtha i gcrích. I gcásanna den sórt sin, sa bhreis ar ghníomhaíochtaí slándála a eascraíonn as na táscairí sin, féadfar measúnú aoise a thionscnamh chun an cás a shoiléiriú a thuilleadh agus chun é a chur ar a gcumas do na húdaráis na bearta coimirce iomchuí a dhéanamh go tráthúil.

- **Ábhair inmí maidir le gáinneáil ar dhaoine:** d'fhéadfadh sé go mbeadh iarrthóirí ar thearmann faoi thionlacan daoine fásta a mhaíonn go bréagach gur tuismitheoirí nó baill teaghlaigh eile iad agus a bhféadfadh leas a bheith acu an t-iarratasóir a aithint mar mhionaoiseach nó mar dhuine fásta (ag brath ar a gcuspóirí). Mar shampla, d'fhéadfadh sé go ndéanadh gáinneálaithe ar dhaoine iad féin a chur i láthair mar tuismitheoirí nó mar gharghaolta chun a smacht ar leanbh a dhlísteánu nó, ós a choinne sin, d'fhéadfadh sé go dtabharfaidís treoir don leanbh a dhearbhu go bhfuil sé ina dhuine fásta chun coimirce nó seiceálacha breise a sheachaint.
- **Pósadh leanaí:** cásanna ina gcuireann céile é féin i láthair mar an duine fásta i bhfochair ach ina bhféadfadh sé nach n-aithneofaí an caidreamh go dlíthiúil agus ina bhfuil leas ag an duine fásta a dhearbhu go bhfuil lán-aois bainte amach ag an leanbh. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh freisin nuair a dhéanann tuismitheoirí (nó gaolta) iarracht pósadh (éigeantach) a shocrú, nó nuair a bhíonn socrú déanta acu cheana féin, sa tír óstach agus, chun é sin a cheilt, dearbhaíonn siad go bhfuil lán-aois bainte amach ag a leanbh.
- **Ábhair inmí maidir le slándáil nó cosaint:** tagann siad sin chun cinn nuair a thagann amhras chun cinn nach bhféadfadh an duine fásta i bhfochair gníomhú ar mhaithe le leas an linbh. Mar shampla, d'fhéadfadh an bheirt daoine a dhearbhu gur daoine fásta iad ach tá amhras ar na húdaráis gur leanbh é duine acu i ndáiríre. Sna cásanna sin, is féidir le measúnú aoise soiléireacht a sholáthar agus é a chur ar a chumas don Bhallstát na daoine a scaradh óna chéile agus bearta cosanta a dhéanamh, rud a chuireann cosc ar dhúshaothrú nó ar mhí-úsáid a d'fhéadfadh a bheith ann. I gcás ina dtagann ábhair inmí maidir le slándáil nó cosaint chun cinn, ba cheart an duine fásta i bhfochair líomhnaithe agus an leanbh a chur faoi agallamh ar leithligh, chun dálaí a chruthú a chuirfidh ar a chumas don leanbh labhairt gan bhac agus chun dúshaothrú, mí-úsáid nó míchothromaíochtaí cumhachta a d'fhéadfadh a bheith ann a bhrath. I gcásanna den sórt sin, is gá caomhnóir (sealadach) a cheapadh chun leas an linbh a chosaint agus chun a chinntiú go gcuirfear an nós imeachta i gcrích le tacaíocht chuí. Tá an choimirce sin fíor-riachtanach chun barántúlacht an chaidrimh dhearbhaite a chinneadh agus chun a mheas an bhfuil an duine fásta i bhfochair ag gníomhú ar mhaithe le leas an linbh.



Ba cheart aghaidh a thabhairt go príomha ar amhras faoi bharántúlacht nasc teaghlaigh nó ábhair imní maidir le gáinneáil ar dhaoine, dúshaothrú nó cosaint trí bhealaí iomchuí cosanta agus nósanna imeachta sábháilteachta. D'fhéadfaí a áireamh orthu sin tarchuir chuig údaráis cosanta leanaí nó chuig an aonad náisiúnta um chomhrac na gáinneála, chuig na húdaráis um fhorfheidhmiú an dlí nó údaráis inniúla eile. Níor cheart déileáil le **measúnú aoise** mar an uirlis réamhshocraithe chun amhras den sórt sin a réiteach ach mar **ghné amháin de chur chuige níos leithne maidir le cosaint leanaí agus bainistiú cásanna**, nach n-úsáidfear **ach amháin nuair atá sé fíor-riachtanach** agus i gcomhréir iomlán leis na coimircí is infheidhme.

Ba cheart an measúnú aoise a leanúint de bheith **eisceachtúil agus ba cheart saintréithe aonair gach cáis a chur san áireamh**; níor cheart é a bheith ina ghnáthchleachtas riamh agus ní mór an úsáid a bhaintear as a leanúint de bheith i gcomhréir leis na coimircí agus na teorainneacha dá bhforáiltear sa reachtaíocht. Sna samplaí thuas, d'fhéadfadh measúnú den sórt sin a bheith ina uirlis bhreise chun an leanbh a chosaint.

Go ginearálta, ní bhíonn sé chomh coitianta céanna go ndéantar measúnú aoise ar leanaí a thagann in éineacht le tuismitheoirí nó le baill teaghlaigh, toisc gur minic gur féidir ráitis na mball teaghlaigh a bheith ina gcuidiú chun comhthacú le haois dhearbhaithé an linbh nó an aois sin a shoiléiriú.

2.8. Sochar an amhrais

Ní mór sochar an amhrais a chur i bhfeidhm nuair nach bhfuil an measúnú aoise dochloíte ⁽⁷⁴⁾. Ciallaíonn sé sin go praiticiúil gur cheart a mheas go bhfuil an aois a dhearbhaigh an t-iarratasóir bailí.



Airteagal 25(2), an dara habairt, den Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta

I gcás nach toradh dochloíte atá i dtoradh an mheasúnaithe ar aois dá dtagraítear sa mhír seo a mhéid a bhaineann le haois an iarratasóra nó go gcuimsíonn sé raon aoise faoi bhun 18 mbliana, glacfaidh na Ballstáit leis gur mionaoiseach é an t-iarratasóir.

Léirítear leis an gcoimirce sin prionsabal leas an linbh agus cinntítear leis nach gcaitear go mícheart le haon iarratasóir mar dhuine fásta, agus ar an gcaoi sin, caomhnaítear an rochtain ar na cearta agus ar na coimircí a thugtar do leanaí.

⁽⁷⁴⁾ Airteagal 25(2) RCI.






3. Cur chun feidhme praiticiúil an phróisis measúnaithe aoise

Sa chaibidil seo tugtar treoraíocht maidir le conas na hoibleagáidí dlíthiúla a leagtar amach sa Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta agus in ionstraimí gaolmhara a oibríochtú, agus aird ar leith á tabhairt ar riachtanais speisialta a shainnithint go luath, ar an gcinneadh measúnú aoise a thionscnamh, ar mhodh ildisciplíneach a úsáid agus ar choimircí nós imeachta a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna nós imeachta éagsúla, lena n-áirítear ag an teorainn.



Fíor 1. Sreabhchart ina ndéantar achoimre ar an bpróiseas measúnaithe aoise



3.1. Riachtanais speisialta a shainaithe

Ba cheart comharthaí infheicthe, táscairí leochaileachta, ráitis agus iompar an iarratasóra agus aon doiciméad ábhartha a chur san áireamh agus riachtanais speisialta á sainaithe. Ina theannta sin, is féidir breithniú a dhéanamh ar fhaisnéis a chuireann cúramóir/cúramóirí, ball/baill teaghlaigh nó caomhnóir an iarratasóra ar fáil, go háirithe a mhéid a bhaineann sí le folláine fhoriomlán an linbh agus le riachtanais shonracha chosanta. Ní mór riachtanais speisialta luath-shainaitheanta chomh maith le leochaileachtaí agus riachtanais thrasnacha (e.g. laguithe, riachtanais chosanta) a thagann chun cinn le linn an mheasúnaithe aoise a dhoiciméadú. I gcás inarb ábhartha, ba cheart an cás a tharchur chuig an údarás atá i gceannas ar mheasúnú a dhéanamh ar leochaileachtaí ina dhiaidh sin chun a chinntiú gur féidir ráthaíochtaí nós imeachta speisialta iomchuí agus dálaí glactha a mheas. Ós rud é go n-aithnítear gur leochaileacht é a bheith i do leanbh ann féin, tá measúnú aoise le tuiscint mar (chuid den) mheasúnú leochaileachta. Ciallaíonn sé sin, i dtaca leis an sprioc-am 30 lá tar éis iarratas a dhéanamh ⁽⁷⁵⁾ chun an measúnú leochaileachta a thabhairt chun críche, go bhfuil feidhm ag an sprioc-am sin maidir le measúnú aoise freisin ⁽⁷⁶⁾. Ina theannta sin, ní mór do **bhaill foirne oilte agus cháilithe cúnamh a chur ar fáil**, agus iad ag obair i ndlúthchomhar leis na húdaráis náisiúnta um chosaint leanaí. Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar an measúnú leochaileachta i gcás athruithe ábhartha ar imthosca an iarratasóra nó i gcás inar léir go bhfuil gá le ráthaíochtaí nós imeachta speisialta tar éis an measúnú a chur i gcrích.



Airteagal 20 APR

1. *Déanfaidh na húdaráis inniúla a mheas, ar bhonn aonair, an bhfuil sainráthaíochtaí nós imeachta de dhíth ar [an iarratasóir], le cúnamh ó ateangaire, i gcás inar gá sin. **Féadfar an measúnú sin a chomhtháthú le nósanna imeachta náisiúnta atá ann cheana nó leis an measúnú dá dtagraítear in Airteagal 25 de Threoir (AE) 2024/1346** agus ní gá go mbeadh sé i bhfoirm nós imeachta riaracháin. I gcás ina gceanglaítear sin leis an dlí náisiúnta, féadfar an measúnú a chur ar fáil, agus féadfar torthaí an mheasúnaithe a tharchur, chuig an údarás cinnitheach, faoi réir thoiliú an iarratasóra.*
2. *Tionscnófar an measúnú dá dtagraítear i mír 1 a luaithe is féidir tar éis iarratas a bheith déanta trína shainaithe an gcuirtear in iúl nó nach gcuirtear leis na chéad tásca go bhféadfadh sainráthaíochtaí nós imeachta a bheith de dhíth ar iarratasóir. [...]*
3. *[...]*
Cuirfead an measúnú dá dtagraítear i mír 1 i gcrích a luaithe is féidir agus, in aon chás, laistigh de 30 lá. Déanfar é a athbhreithniú i gcás aon athruithe ábhartha ar imthosca an iarratasóra nó i gcás inar léir go bhfuil gá le sainráthaíochtaí nós imeachta tar éis an measúnú a bheith curtha i gcrích.

⁽⁷⁵⁾ Airteagal 25 den Treoir maidir le Dálaí Glactha (2024).

⁽⁷⁶⁾ Aithris 36 den Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta: ‘... I bhfianaise leochaileacht ar leith mionaoiseach neamhthionlactha, ar dócha nach mbeidh doiciméid aitheantais nó doiciméid eile acu, tá sé ríthábhachtach go mbeidh coimircí láidre ann chun a áirithiú nach mbeidh iarratasóirí den sórt sin faoi réir nósanna imeachta measúnaithe aoise atá mícheart nó míréasúnta’.





3.2. Cinneadh measúnú aoise a thionscnamh nó gan é a thionscnamh

Nuair a bhíonn neamhréireachtaí nó bearnaí i gcuntas an duine ar a aois nó ar a stair phearsanta, **d'fhéadfadh amhras tosaigh teacht chun cinn**. Mar sin féin, níor cheart **toimhde** a dhéanamh gan smaoineamh, ar an mbonn sin, go bhfuil an duine ag insint bréige faoina aois. Mar chéadchéim i gcás amhras, ní mór na neamhréireachtaí a chur i láthair an duine lena mbaineann, dá chaomhnóir agus don chomhairleoir dlí, an deis a thabhairt tuilleadh faisnéise nó fianaise a shoiléiriú agus a bhailiú, agus na teorainneacha ama á gcur san áireamh nuair is féidir.

Sula ndéantar an duine a tharchur chuig measúnú aoise, is féidir leis na húdaráis, agus ba cheart dóibh, iniúchadh a dhéanamh ar fhoinsí breise faisnéise a d'fhéadfadh a bheith úsáideach chun deireadh a chur leis an amhras tosaigh.

Ós rud é gur gné de chéannacht an duine í aois, déanann na húdaráis inniúla **réamhfhíorú aoise** mar chuid den fhíorú céannachta foriomlán. Is é is aidhm don réamhfhíorú aoise soiléirithe nó faisnéis bhreise a fháil ón iarratasóir agus fianaise bhreise agus tásca ábhartha eile maidir le haois an iarratasóra a bhailiú (amhail ráitis ó bhaill teaghlaigh nó faisnéis ó bhunachair sonraí nó ó fhoinsí eile). D'fhéadfadh sé gur leor an fhaisnéis sin agus, dá bhrí sin, nach mbeadh gá le measúnú aoise.

Baineann Airteagal 4(5) den Rialachán Cáilitheachta le measúnú a dhéanamh ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta go ginearálta, agus ní bhaineann sé go sonrach le measúnú aoise. Go deimhin, d'fhéadfadh aois iarratasóra a bheith ina cuid de na ráitis fhoriomlána a chumhdaítear leis an bhforáil sin. Mar sin féin, d'fhéadfadh an fhoráil sin a bheith ina pointe tagartha freisin chun **a chinneadh an bhfuil nó nach bhfuil gá le fianaise bhreise** faoi chuimsiú an **mheasúnaithe aoise**. I gcás ina gcomhlíonann cuntas an iarratasóra maidir le haois critéir inchreidteachta agus chomhsheasmhachta atá cosúil leis na critéir a thuairiscítear san airteagal, agus ina dtugtar míniú sásúil ar an easpa doiciméadachta, **féadfaidh na húdaráis a chinneadh go réasúnta nach bhfuil aon fhianaise bhreise ag teastáil** chun an aois dhearbhaithé a shuí.





Airteagal 4(5) QR

I gcás nach bhfuil fianaise dhoiciméadach ná fianaise eile ann le tacú le gné amháin ar leith nó níos mó de ráitis an iarratasóra, ní éileofar aon fhianaise bhreise maidir leis na gnéithe ar leith sin i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

- a) *tá iarracht dháiríre déanta ag an iarratasóir bunús a thabhairt lena iarratas nó lena hiarratas ar chosaint idirnáisiúnta;*
- b) *cuireadh isteach na heilimintí ábhartha uile atá ar fáil don iarratasóir agus tugadh míniú sásúil ar an bhfáth a bhfuil aon eilimintí ábhartha eile in easnamh;*
- c) *meastar go bhfuil ráitis an iarratasóra comhleanúnach agus inchreidte agus nach bhfuil siad ag teacht salach ar an bhfaisnéis shonrach agus ghinearálta atá ar fáil faoi chás an iarratasóra;*
- d) *tá creidiúnacht ghinearálta an iarratasóra suite, agus, inter alia, an t-am a chuir an t-iarratasóir iarratas ar chosaint idirnáisiúnta isteach á chur san áireamh.*

D'fhéadfadh torthaí an fhíoraithe aoise a bheith **míshásúil**. Mar shampla, d'fhéadfadh sé nach leor ráitis an iarratasóra, an fhianaise dhoiciméadach atá ar fáil nó tásca eile a bhaineann le haois chun deireadh a chur le hamhras nó d'fhéadfadh na nithe sin a bheith i gcoinbhleacht le fíorais atá ar eolas faoi shaol an iarratasóra. Sa chás sin, **d'fhéadfadh sé go mbeadh amhras ar na húdaráis a bhfuil bunús leis** maidir le haois dhearbhaithe an iarratasóra agus d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le measúnú aoise ildisciplíneach.

I gcomhréir le hAirteagal 25(1) den Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta, nuair a bheidh iarratas ar chosaint idirnáisiúnta déanta ag an duine a bhfuil a aois faoi dhíospóid, is é **an t-údarás cinnitheach** atá inniúil chun cinneadh a dhéanamh measúnú aoise a thionscnamh. Má thagann táscairí chun cinn as a n-eascaíonn amhras a bhfuil bunús leis faoi aois iarratasóra, féadfaidh údaráis eile amhail na húdaráis scagtha nó ghlactha an cás a tharchur chuig an údarás cinnitheach, a bhfuil sé de fhreagracht air cinneadh a dhéanamh maidir le measúnú aoise a thionscnamh ⁽⁷⁷⁾.

Nuair a bhíonn **amhras** ann faoi aois iarratasóra tráth an scagtha, **a d'fhéadfadh a fhágáil gur gá measúnú aoise a dhéanamh**, ba cheart na **réamhchéimeanna** thíos a ghlacadh.

1. **Maíomh aoise an iarratasóra a chlárú:** maíonn an t-iarratasóir gur mionaoiseach nó duine fásta é agus tá **amhras ann faoin maíomh sin**.
2. **Caomhnóir a cheapadh** nó duine atá ag gníomhú go sealadach mar chaomhnóir a cheapadh.
3. **Rochtain ar chomhairleoireacht dhlíthiúil saor in aisce a chinntiú.**

⁽⁷⁷⁾ Tá an t-údarás cinnitheach freagrach as measúnuithe aoise a dhéanamh ach féadfaidh sé an cúram sin a tharmligeán chuig comhlacht speisialaithe. Ag brath ar an struchtúr riaracháin náisiúnta, féadfaidh comhlacht den sórt sin feidhmiú faoin údarás cinnitheach nó mar eintiteas neamhspleách. Leis an Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta, tugtar solúbthacht ina leith sin: féadfaidh an t-údarás cinnitheach féin an measúnú a dhéanamh nó é a chur de chúram ar chomhlachtaí cáilithe eile, agus an fhreagracht deiridh á coinneáil aige ag an am céanna as an gcinneadh aoise.





4. **Doiciméadacht tacaíochta a bhailiú agus a fhíorú:** d'fhéadfadh amhras a bheith ann mar gheall ar an easpa doiciméadachta a thacaíonn le haois dhearbhaithe an iarratasóra, agus/nó má tá fianaise ann gur féidir an doiciméadacht a bhrionnú nó a fháil/a úsáid go calaíseach. D'fhéadfadh amhras teacht chun cinn freisin i gcás nach ndeimhnítear i ráitis an iarratasóra agus/nó san fhianaise atá ar fáil an aois dhearbhaithe nó i gcás ina bhfuil an chuma ar na ráitis sin go bhfuil siad ag teacht salach ar a chéile.
5. **Fíorú aoise a dhéanamh mar chuid den tseiceáil leochaileachta le linn an scagtha:** is é is aidhm dó sin **a chinneadh an féidir glacadh leis an aois dhearbhaithe** nó an bhfuil amhras réasúnta ann fós. Is éard atá i gceist leis an bhfíorú sin:
 - a) a iarraidh ar an iarratasóir agus ar an gcaomhnóir soiléiriú a fháil maidir leis an amhras;
 - b) fianaise dhoiciméadach bhreise a bhailiú agus anailís a dhéanamh uirthi, amhail doiciméid phearsanta, faisnéis faoi bhaill teaghlaigh (e.g. aois siblíní, vacsaíniú agus taifid scoile) i gcás ina bhfuil siad ar fáil;
 - c) bunachair sonraí ábhartha nó foinsí faisnéise ábhartha a cheadú (an Córas Faisnéise Víosaí, Eurodac, Córas Faisnéise Schengen etc.).

Má chuirtear deireadh leis an amhras, **níl gá le haon mheasúnú aoise**. Má tá amhras ann fós, ní mór **tarchur** a dhéanamh chuig an **údarás cinntitheach chun a chinneadh** an bhfuil gá le measúnú aoise. Áirítear leis an tarchur na céimeanna thíos:
6. **Amhras a bhfuil bunús leis a thaifeadadh:** nuair a bhíonn amhras ann fós, meastar gur amhras é sin a bhfuil bunús leis agus ba cheart é a thaifeadadh go cuí sa cháschomhad.
7. **An t-amhras a bhfuil bunús leis a chur in iúl don údarás cinntitheach:** cuireann an t-údarás scagtha nó glactha in iúl gan mhoill don údarás cinntitheach an t-amhras a bhfuil bunús leis maille leis na torthaí ón bhfíorú aoise agus na breithnithe gaolmhara maidir le leas an linbh.
8. **Cinneadh ón údarás cinntitheach:** cinneann an t-údarás cinntitheach, gan moill mhíchuí, an bhféadfadh próiseas measúnaithe aoise a bheith éifeachtach agus moltar é don chás sin. Ba cheart do bhreithnithe maidir le leas an linbh a bheith mar bhonn eolais don chinneadh sin. Nuair a mholtar é, cuirtear tús leis an nós imeachta um measúnú aoise.



Breithnithe praiticiúla maidir le seiceálacha tosaigh a nascadh leis an nós imeachta um measúnú aoise

Ní bhaineann seiceálacha sláinte, slándála agus céannachta go díreach le measúnú a dhéanamh ar aois. Mar sin féin, d'fhéadfadh na seiceálacha tosaigh sin **faisnéis úsáideach** nó **tásca a chur ar fáil** a thugann le fios go bhféadfadh gá a bheith le measúnú aoise (nó nach bhféadfadh gá a beith leis). Chun athrá ar cheisteanna a chuir oifigigh eile cheana féin a sheachaint, is dea-chleachtas é **naisc a bhunú** idir na seiceálacha tosaigh sin agus an tseiceáil leochaileachta. Is féidir le barúlacha nó eilimintí ábhartha a bhailítear le linn na seiceálacha sláinte, slándála agus céannachta **bonn eolais a chur faoin bhfíorú aoise** agus a bheith ina gcuid den chinneadh maidir le measúnú aoise a tharchur agus/nó a thionscnamh, rud a dhéanann nósanna imeachta a chuíchóiriú agus éifeachtúlacht á coinneáil ar bun agus rialacha cosanta sonraí á n-urramú ag an am céanna.





3.2.1. Coimircí a ráthú agus mí-úsáid an chórais a chosc ag an am céanna

D'fhéadfadh cásanna a bheith ann ina maíonn daoine aonair go bréagach go bhfuil siad faoi aois chun díolúintí a fháil ón nós imeachta teorann nó rochtain a fháil ar sheirbhísí speisialaithe. Ní mór aghaidh a thabhairt ar na cásanna sin agus na cearta agus na coimircí ba cheart a thabhairt do leanaí á n-urramú ag an am céanna.

(a) Idirdhealú a dhéanamh idir fíor-neamhábaltacht comhoibriú agus mí-úsáid an chórais

Ní bhíonn sé éasca i gcónaí idirdhealú a dhéanamh idir meabhlaireacht d'aon ghnó agus fíormheabhlaireacht nó neamhábaltacht comhoibriú. D'fhéadfadh fíor-neamhchinnteacht a bheith ann maidir lena n-aois chróineolaíoch mar thoradh ar chúlra cultúrtha, stair phearsanta nó easpa doiciméadacht oifigiúil an duine aonair. Ina theannta sin, d'fhéadfadh neamhréireachtaí i ndoiciméid oifigiúla a bheith mar thoradh ar chleachtais neamhréireacha maidir le taifid a choimeád i dtíortha tionscnaimh áirithe, rud a d'fhágfadh go mbeadh sé níos casta arís cinneadh aoise a dhéanamh. Mar shampla

- easpa doiciméadacht oifigiúil,
- noirm chultúrtha nó cúlra pearsanta a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don chaoi a dtuigtear aois nó a gcuimhneofar ar aois, nó
- neamhchinnteacht maidir le taifid bhreithe

d'fhéadfadh **fíor-neamhchinnteacht** a bheith ann mar thoradh ar aois chróineolaíoch duine. I gcás ina ndearnadh cinneadh go bhfuil duine os cionn 18 mbliana d'aois d'ainneoin gur dhearbhaigh sé go raibh sé níos óige, **ní fianaise ann féin é sin go ndearna sé iarracht na húdaráis a chur ar míthreoir d'aon ghnó.**

Thairis sin, is féidir le **tosca síceasóisialta** amhail tráma roimhe seo, eagla roimh fhigiúirí údaráis, nó tuiscint theoranta ar nósanna imeachta tearmainn difear a dhéanamh don chaoi a dtuairiscíonn iarratasóir a aois, agus uaireanta bíonn neamhréireachtaí **neamhbheartaithe** mar thoradh orthu.

Ciallaíonn mí-úsáid shoiléir go bhfuil **fianaise shoiléir ann go bhfuil rún meabhlach ann**, amhail **doiciméid fhalsaithe a chur i láthair go feasach** nó **cruthúnas aoise a cheilt nó a scríosadh d'aon ghnó**. Ní mí-úsáid ann féin é neamhréireacht i ndoiciméadacht nó toimhde mhícheart faoi aois an duine.

(b) Fíorú aoise i gcásanna mí-úsáide soiléire

I gcás ina bhfuil **fianaise** shoiléir ann go bhfuil iarratasóir ag baint mí-úsáid d'aon ghnó as a aois, ba cheart do na Ballstáit **fíorú aoise láithreach** a dhéanamh. Más rud é, ar bhonn na





fianaise láidre sin ⁽⁷⁸⁾ gur féidir le Ballstát teacht ar an gconclúid go bhfuil an t-iarratasóir ‘gan aon amhras’ níos sine ná 18 mbliana d’aois, ní gá dul ar aghaidh le measúnú aoise iomlán ⁽⁷⁹⁾ ná caomhnóir a cheapadh ⁽⁸⁰⁾.

D’fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh, mar shampla, i gcás ina bhfuil na Ballstáit in ann faisnéis a bhailiú nó a fhóru ó na nithe seo a leanas:

- **iarratais ar víosa** a rinneadh roimhe seo tríd an **gCóras Faisnéise Víosaí (VIS)**;
- **Eurodac nó bunachair sonraí náisiúnta tearmainn** lena léirítear clárú roimh ré mar dhuine fásta;
- **doiciméid aitheantais nó taistil oifigiúla** (pas, cárta aitheantais, ceadúnas tiomána) a fuarthas tar éis dhearbhu an iarratasóra nó a chuir gaolta/baill teaghlaigh ar fáil;
- **taifid riaracháin nó bhreithiúnacha a bhí ann roimhe** agus atá ar fáil do na húdaráis.

Sna cásanna sin, féadfar an dáta breithe atá le taifeadadh chun críoch riaracháin agus nós imeachta **a dhíorthú go díreach ón doiciméadacht fhíoraithe nó ón bhfaisnéis fhíoraithe arna bailiú**, ar choinníoll go n-eisítear an cinneadh i scríbhinn, go bhfuil sé cuí-réasúnaithe agus doiciméadaithe i gceart, agus go gcuirtear in iúl don iarratasóir é i gcomhréir le prionsabail an dea-riaracháin agus leis an gceart chun leigheas éifeachtach a fháil ⁽⁸¹⁾.

I gcodarsnacht leis sin, ní mór caitheamh ar bhealach éagsúil le cásanna atá bunaithe ar chuma fhisiceach amháin – mar shampla **cásanna ‘féasóg bháin’**, mar a thugtar orthu, toisc go bhféadfadh sé go mbeadh gá fós le measúnú aoise chun dáta breithe an iarratasóra a chinneadh. Cé go gceadaítear leis an Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta don údarás inniúil gan caomhnóir a cheapadh i gcás inar shuigh sé ‘gan amhras’ go bhfuil an t-iarratasóir os cionn 18 mbliana d’aois ⁽⁸²⁾, **ní féidir leis an gcuma fhisiceach amháin an tairseach fhianaiseach sin a bhaint amach**, ach d’fhéadfadh sí a bheith ina táscaire lena spreagtar tuilleadh measúnaithe. Go deimhin, d’fhéadfadh tionchar a bheith ag **raon tosca**, lena n-áirítear **crútan roimhe seo, strus, míchothú nó riochtaí leighis**, ar thréithe fisiceacha amhail gruaig atá ag éirí liath, gnéithe den aghaidh nó cuma fhoriomlán, agus dá bhrí sin, **ní féidir a mheas gur cruthúnas dochloíte é ar aosacht**. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann bunús a thabhairt le haon chonclúid maidir le haosacht trí fhianaise infhíoraithe agus trí réasúnaíocht shoiléir **seachas ar bhonn na cuma amháin**.

Ina theannta sin, ó **dhearcadh praiticiúil**, tá dualgas riaracháin ar na Ballstáit dáta breithe an iarratasóra a athshuí nó a cheartú i gcás ina bhfuil sé sin cláraithe go mícheart. Chuige sin, ní mór **cinneadh foirmiúil réasúnaithe i scríbhinn** a eisiúint ina léirítear an **dáta breithe**

⁽⁷⁸⁾ D’fhéadfaí fianaise láidir a thuiscint mar fhaisnéis iontaofa agus infhíoraithe lena féidir aois duine a shuí go hoibiachtúil. D’fhéadfaí a áireamh léi sin, mar shampla, doiciméid oifigiúla a deimhníodh a bheith barántúil agus lena suitear dáta breithe, e.g. doiciméid aitheantais, meaitseálacha bithmhéadracha deimhnithe in Eurodac, amais in VIS nó bunachair sonraí oifigiúla eile, nó cinneadh aoise dochloíte roimh ré ag Ballstát eile. I gcodarsnacht leis sin, ní hionann eilimintí amhail cuma fhisiceach, tuairimí nó ráitis neamhfhíoraithe agus fianaise láidir má bhreithnítear iad ina n-aonar, cé go bhféadfaidís a bheith ina dtáscairí a spreagann tuilleadh measúnaithe.

⁽⁷⁹⁾ Airteagal 27(1) den Treoir maidir le Dálaí Glactha (2024): ‘[...] I gcás ina bhfuil measúnú déanta ag Ballstát, maidir le duine a mhaíonn gur mionaoiseach é nó í agus nach bhfuil aon amhras ná go bhfuil an duine sin os cionn 18 mbliana d’aois, ní gá don Bhallstát sin ionadaí a cheapadh nó duine a ainmniú atá oiriúnach chun gníomhú go sealadach mar ionadaí [...]’.

⁽⁸⁰⁾ Airteagal 23(2) RCI.

⁽⁸¹⁾ I gcomhréir leis na prionsabail atá cumhdaithe sa Chairt, Airteagal 41 – An ceart chun dea-riaracháin, agus Airteagal 47 – An ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach córa.

⁽⁸²⁾ Airteagal 23(2)(b) RCI.



measúnaithe. Tá gá leis sin chun **doiciméid riaracháin a eisiúint** amhail cead cónaithe nó cárta sláinte, agus chun faisnéis an iarratasóra a chlárú go cruinn i mbunachair sonraí ábhartha (e.g. Eurodac, CFS agus córais náisiúnta).

Chun dáta breithe a chinneadh nó a athbhunú chun críoch riaracháin, **tá gá le nós imeachta um measúnú aoise** chun a chinntiú go bhfuil an cinneadh **bunaithe ar phróiseas trédhearcach, doiciméadaithe agus iontaofa.** Dá bhrí sin, fiú amháin i gcásanna ina dtoimhdítear go bhfuil siad ina ndaoine fásta mar gheall ar chuma fhisiceach, **ní féidir leis na húdaráis neamhaird a thabhairt ar mhaíomh an iarratasóra gur mionaoiseach é.** Ní mór dóibh cinneadh réasúnaithe i scríbhinn a eisiúint lena gconspóidfead aois dhearbhaithe an iarratasóra, agus lánurraim á tabhairt don cheart chun dea-riaracháin agus don cheart chun leigheas éifeachtach a fháil, rud a chinntíonn go mbeidh an deis ag an iarratasóir achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh ⁽⁸³⁾. Ós rud é nach féidir le nósanna imeachta um measúnú aoise ach aois mheasta a sholáthar seachas aois chróineolaíoch chruinn, ní shuítear dáta breithe sonrach leis an toradh. Mar sin féin, chun críoch riaracháin agus doiciméadachta, ní mór do na húdaráis chinntitheacha dáta breithe beacht a thaifeadadh ag deireadh an mheasúnaithe aoise chun doiciméid aitheantais nó chónaithe a eisiúint agus chun comhsheasmhacht a chinntiú ar fud na gcóras ⁽⁸⁴⁾.



Measúnú aoise sa nós imeachta teorann

De bhun Airteagal 53(1) den Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta, tá mionaoisigh neamhthionlactha díolmhaithe ón nós imeachta teorann ach amháin i gcásanna ina bhfuil ábhair inmí thromchúiseacha ann a bhaineann leis an tslándáil náisiúnta nó leis an ord poiblí (Airteagal 42(3)(b) RCI) agus, dá bhrí sin, ní mór iad a threorú isteach sa ghnáthnós imeachta tearmainn. Tá feidhm ag an díolúine sin maidir leis na nósanna imeachta teorann roghnacha agus éigeantacha araon.

Mar sin féin, i gcás ina gcomhlíonann iarratasóir na coinníollacha maidir leis an **nós imeachta teorann éigeantach** ach ina maíonn sé go bhfuil sé faoi bhun 18 mbliana d'aois agus ina dtagann **amhras cuí-réasúnaithe** chun cinn maidir lena aois, ceanglaítear le hAirteagal 53 den Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta go ndéanfar measúnú aoise a thionscnamh go pras. Sna cásanna sin, cuirfead an t-iarratasóir go sealadach faoin nós imeachta teorann go dtí go bhfaighfead toradh an mheasúnaithe.

Leanann an toimhde mionaoise de bheith i bhfeidhm agus **ba cheart don iarratasóir tairbhe a bhaint as na coimircí agus na ráthaíochtaí uile is infheidhme maidir le leanaí** (lena n-áirítear dálaí glactha, caomhnóireacht agus ráthaíochtaí nós imeachta) fad agus atá an measúnú ar siúl. Tá feidhm aige sin go háirithe i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha maidir leis an nós imeachta teorann éigeantach thíos ⁽⁸⁵⁾:

⁽⁸³⁾ I gcomhréir leis na prionsabail atá cumhdaithe sa Chairt, Airteagal 41 – An ceart chun dea-riaracháin, agus Airteagal 47 – An ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach córa.

⁽⁸⁴⁾ I gcásanna den sórt sin, úsáideann roinnt údarás an 1 Eanáir den bhliain bhreithe mheasúnaithe nuair nach féidir an lá agus an mhí bheacht a chinneadh, ionas nach luafar dáta breithe níos déanaí.

⁽⁸⁵⁾ Airteagal 45 RCI.





- **na húdaráis a chur ar míthreoir nó doiciméid a scríosadh/a cheilt** (Airteagal 42(1)(c) den Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta);
- **bagairtí ar an tslándáil náisiúnta nó ar an ord poiblí** (Airteagal 42(1)(f)); tá feidhm aige sin freisin maidir le mionaoisigh neamhthionlactha faoi Airteagal 42(3)(b) RCI);
- **náisiúntacht ag a bhfuil ráta íseal aitheantais** (Airteagal 42(1)(j) den Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta).

Cinntíonn sé sin nach féidir an córas a sheachaint trí mhaíomh mionaoise neamhfhíoraíthe.

Os a choinne sin, nuair atá **an nós imeachta teorann roghnach** (Airteagal 43(1) den Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta), ní cheanglaítear ar an mBallstát de réir dlí measúnú aoise a thionscnamh agus **féadfaidh siad cinneadh a dhéanamh dul ar aghaidh leis an ngnáthnós imeachta tearmainn** agus an measúnú aoise a dhéanamh más iomchuí, nó an t-iarratasóir a chur sa nós imeachta teorann go sealadach agus an measúnú aoise a dhéanamh a luaithe is féidir.

Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach ar an treoraíocht atá le teacht ón gCoimisiún Eorpach maidir leis na nósanna imeachta teorann um thearmann agus um fhilleadh.



Aithris 62 den Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta

[...] ag féachaint don tábhacht a bhaineann le cearta an linbh agus don ghá atá le leas an linbh a chur san áireamh, níor cheart, de ghnáth, mionaoisigh neamhthionlactha a bheith faoi réir an nós imeachta teorann ach amháin má tá forais réasúnacha ann lena mheas go bhfuil an mionaoiseach ina chontúirt nó ina contúirt do shlándáil náisiúnta nó beartas poiblí an Bhallstáit nó gur díbríodh an t-iarratasóir le forneart ar chúiseanna tromchúiseacha a bhaineann leis an tslándáil náisiúnta nó leis an mbeartas poiblí faoin dlí náisiúnta.

Comhlíonadh ráthaíochtaí nós imeachta

Ceanglaítear leis an **toimhde mionaoise** ⁽⁸⁶⁾ go mbeidh **coimircí leordhóthanacha** ag gabháil le nósanna imeachta um measúnú aoise chun sáruithe ar chearta bunúsacha a sheachaint.

Cé go bhféadfadh sé a bheith incheadaithe ó thaobh dlí iarratasóir a chur sa nós imeachta teorann go sealadach, ní mór **na coinníollacha thíos a chomhlíonadh i gcónaí** chun comhoiriúnacht d'oibleagáidí maidir le cearta bunúsacha a chinntiú.

- Urramaítear **coimircí nós imeachta** faoi Airteagail 16, 17, 21, 22 agus 23 den Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta, lena n-áirítear caomhnóir a cheapadh go tráthúil,

⁽⁸⁶⁾ Mar a léirigh an an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine in *Darboe agus Camara v an Iodáil*, op. cit., fn. 45.



comhairleoireacht dhlíthiúil saor in aisce, cúnamh dlí saor in aisce agus ionadaíocht dhlíthiúil le haghaidh achomhairc agus aontú teaghlaigh a choinneáil ar bun ⁽⁸⁷⁾.

Ciallaíonn sé sin inter alia: go gceaptar caomhnóir gan mhoill agus go bhfuil sé de chumas aige ionadaíocht éifeachtach a dhéanamh don leanbh; nach ndéantar siblíní nó dlúthbhaill teaghlaigh eile a scaradh ach amháin má tá sé sin ar mhaithe le leas an linbh; go bhfuil rochtain ag an leanbh ar fhaisnéis agus go bhfuil an deis aige éisteacht a fháil i gcomhréir lena aois agus lena aibíocht; go dtugtar tús áite don nós imeachta, rud a fhágann go ndéantar an cás a phróiseáil gan moill mhíchuí agus go dtugtar tús áite don chás thar iarratais eile, chun a chinntiú go ndéanfar riachtanais chosanta an linbh a shainiú go tapa agus neamhchinnteacht fhada a sheachaint.

- Déantar **measúnú aoise** i gcomhréir le hAirteagal 25 den Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta agus cuirtear i gcrích é laistigh de 30 lá, mar a léirítear freisin in Airteagal 23(3) den Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta agus in Airteagal 25(1) den Treoir maidir le Dálaí Glactha (2024). Ciallaíonn sé sin inter alia: go bhfuil an measúnú ildisciplíneach, go ndéanann gairmithe oilte é agus go n-úsáideann sé na modhanna is lú ionracht; go gcuirtear an t-iarratasóir agus an caomhnóir ar an eolas agus go dtugann siad a dtuairimí; go mbeidh feidhm ag an toimhde mionaoise go dtí go ndéanfar cinneadh críochnaitheach.

- Tá **dálaí glactha atá oiriúnach do leanaí** ar fáil laistigh de shuíomh an nós imeachta teorann, i gcomhréir le caighdeáin na Treorach maidir le Dálaí Glactha (2024).

Ciallaíonn sé sin inter alia: go bhfuil an chóiríocht sábháilte, oiriúnach do leanaí agus go bhfuil sí ar leithligh ó dhaoine fásta neamhghaolmhara; go gcuirtear rochtain ar oideachas, ar ghníomhaíochtaí fóillíochta agus ar thacaíocht shíceasóisialta ar fáil; go bhfuil na baill foirne oilte i réimse na cosanta leanaí; go bhfuil sásraí gearáin agus faireachán i bhfeidhm.



Aithris 36 RCI

Chun a áirithiú go ndéantar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a phróiseáil agus aird chuí á tabhairt ar chearta an linbh, tá coimircí sonracha nós imeachta atá íogair do leanaí agus dálaí glactha speisialta le soláthar do mhionaoisigh. I gcás, tar éis ráitis ó iarratasóir, ina bhfuil forais amhrais ann i dtaobh an mionaoiseach an t-iarratasóir nó nach bhfuil, ba cheart don [údarás] cinntitheach a bheith in ann measúnú aoise a dhéanamh ar an duine lena mbaineann. D'fhéadfadh amhras a bheith ann maidir le haois iarratasóra nuair a éilíonn an t-iarratasóir gur mionaoiseach é nó í ach nuair a mhaíonn siad gur duine fásta é nó í freisin. I bhfianaise leochaileacht ar leith mionaoiseach neamhthionlactha, ar dócha nach mbeidh doiciméid aitheantais nó doiciméid eile acu, tá sé ríthábhachtach go mbeidh coimircí láidre ann chun a áirithiú nach mbeidh iarratasóirí den sórt sin faoi réir nósanna imeachta measúnaithe aoise atá mícheart nó míréasúnta.

Ina theannta sin, mar a leagtar amach in Airteagal 53(2) den Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta, **níor cheart do na Ballstáit an nós imeachta teorann a chur i bhfeidhm sna himthosca thíos.**

⁽⁸⁷⁾ Airteagal 45(2) RCI.





- Measann an t-údarás cinntitheach nach bhfuil feidhm a thuilleadh ag na forais chun diúltú d'iarratas mar iarratas neamh-inghlactha nó chun an nós imeachta scrúdúcháin brostaithe a chur i bhfeidhm.
- Ní féidir an tacaíocht ghlactha is gá d'iarratasóirí a bhfuil riachtanais speisialta ghlactha acu, lena n-áirítear leanaí, a sholáthar ag an suíomh teorann ainmnithe (de réir Chaibidil IV den Treoir maidir le Dálaí Glactha (2024) agus Airteagal 54 den Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta).
- Níl an tacaíocht is gá d'iarratasóirí a bhfuil sainráthaíochtaí nós imeachta de dhíth orthu ar fáil ag an suíomh teorann.
- Fágann cúiseanna leighis, lena n-áirítear fadhbanna meabhairshláinte, nach iomchuí an nós imeachta teorann a chur i bhfeidhm.
- Ní chomhlíontar na coinníollacha coinneála (Airteagail 10-13 den Treoir maidir le Dálaí Glactha (2024)) nó ní chomhlíontar iad a thuilleadh, agus d'fhágfadh an nós imeachta teorann gur ghá coinneáil a úsáid de shárú ar na coinníollacha sin.

Mura féidir ráthaíochtaí den sórt sin a chinntiú i gcomhréir le hAirteagal 53 den Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta, **ní féidir an t-iarratasóir a threorú isteach sa nós imeachta teorann um thearmann agus, ina ionad sin, ba cheart é a aistriú láithreach chuig an ngnáthnós imeachta tearmainn** chun a chinntiú go n-urramófar go hiomlán a chearta agus a ráthaíochtaí nós imeachta.

Mura seastar leis na ráthaíochtaí sin, e.g. iarratasóirí a chur i saoráidí do dhaoine fásta ar feadh tréimhse fhada gan coimircí iomchuí, d'fhéadfadh sárúithe ar Airteagal 8 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine ⁽⁸⁸⁾ a bheith mar thoradh air sin, mar atá deimhnithe in *Darboe agus Camara v an Iodáil* ⁽⁸⁹⁾ agus an cásdlí gaolmhar *A.C. v an Fhrainc* ⁽⁹⁰⁾ agus *F.B. v an Bheilg* ⁽⁹¹⁾.

D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh freisin i gcásanna eisceachtúla, e.g. insreabhadh ard imirceach ag pointí díbhordála, i gcás nach féidir na coimircí is gá a ráthú go hiomlán leis na hacmhainní atá ar fáil.

Ní mór an nós imeachta teorann um thearmann, idir tráth chlárú an iarratais agus tráth dhéanamh an chinnidh (an t-achomharc san áireamh) a chur i gcrích laistigh de 12 sheachtain. Tar éis na tréimhse sin, ní mór an t-iarratasóir a údarú chun dul isteach ar chríoch an Bhallstáit ⁽⁹²⁾.

⁽⁸⁸⁾ Comhairle na hEorpa, [An Coinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, arna leasú le Prótacail Uimh. 11 agus Uimh. 14](#), an 4 Samhain 1950, ETS 5.

⁽⁸⁹⁾ an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, [Darboe agus Camara v An Iodáil](#), 2022, op. cit. fn. 45.

⁽⁹⁰⁾ an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, breithiúnas an 16 Eanáir 2025, [A.C. v An Fhrainc](#), 15457/20, ECLI:CE:ECHR:2025:0116JUD001545720 (i bhFraincis).

⁽⁹¹⁾ an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, breithiúnas an 6 Márta 2025, [F.B. v An Bheilg](#), 47836/21, ECLI:CE:ECHR:2025:0306JUD004783621 (i bhFraincis). Tá achoimre ar fáil i [mBunachar Sonraí Cásdlí EUAA](#).

⁽⁹²⁾ Airteagal 51(2) RCI.



3.3. An cur chuige cascáide agus ildisciplíneach i leith an mheasúnaithe aois

Ba cheart measúnú aoise a dhéanamh ar bhealach a thugann tús áite do leas an linbh le linn an nós imeachta ⁽⁹³⁾. Leis an Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta, déantar cur chun feidhme de réir a chéile a chur chun cinn sa mheasúnú aoise, rud ar a dtugtar an cur chuige cascáide nó an cur chuige céimnithe. Is é is aidhm don chur chuige cascáide an riosca maidir le hionracht atá intuigthe i modhanna leighis a mhaolú.

Agus an cur chuige céimnithe sin á leanúint, úsáidtear modhanna neamhleighis ar dtús. I gcás torthaí neamhchonclúideacha, agus sa chás sin amháin, is féidir leis na húdaráis leanúint ar aghaidh agus úsáid a bhaint as modhanna liachta, mar rogha dheireanach.


Nuair a d'fhéadfadh scrúduithe leighis a bheith éifeachtach, ní mór tús áite a thabhairt do mhodhanna atá **saor ó radaíocht**. Ní mór do theicnící radaíochtbhunaithe, amhail X-ghathanna, cloí go docht leis an **bprionsabal 'chomh híseal agus is indéanta le réasún' (ALARA)** agus níor cheart iad a úsáid ach amháin nuair a bheidh triail bainte as na céimeanna roimhe sin.

Ní mór feidhm a bheith ag coimircí speisialta i gcás cailíní agus mná óga, ós rud é go bhféadfadh X-ghathanna dochar a dhéanamh do leanbh gan bhreith. Roimh aon nochtadh, ní mór do ghairmithe gach beart réasúnach a dhéanamh chun a fháil amach an bhféadfadh an t-iarratasóir a bheith torrach, agus é á chur san áireamh go bhféadfadh sé nach mbeadh a fhios ag an gcailín í féin nó nach mbeadh sí ag iarraidh é sin a nochtadh mar gheall ar íogaireachtaí cultúrtha, stiogma nó tairbhí ar mhí-úsáid nó ar fhoréigean.

Ní féidir breathnóireacht aibíochta gnéis (lomnochtacht) a úsáid riamh chun críoch measúnaithe aoise ós rud é go bhfuil an cleachtas sin an-ionrach agus nach bhfuil sé d'fheidhm aige meastachán a dhéanamh ar aois chróineolaíoch.

⁽⁹³⁾ Aithris 37 agus Airteagal 25(3) den Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta.

Fíor 2. Sreabhchart lena léirítear an cur chuige cascáide agus ildisciplíneach



3.3.1. Modhanna neamhleighis chun measúnú a dhéanamh ar aois

Ós rud é **nach féidir le modhanna reatha aois chróineolaíoch duine a chinneadh go cinnte**, moltar teaghlaim modhanna a úsáid. **Féachann an cur chuige cascáide le cunórtas a íoslaghú** trí thosaíocht a thabhairt do na modhanna is lú ionracht ar dtús. I gcodarsnacht leis sin, leis an **gcur chuige ildisciplíneach tugtar aghaidh ar na teorainneacha cruinnis** trí pháirt a thabhairt do ghairmithe ó réimsí éagsúla – amhail obair shóisialta, síceolaíocht agus péidiatraic – a dhéanann measúnú ar aois ó pheirspictíochtaí éagsúla. Cuidíonn an modh sin leis an raon aoise measta a chúngú le haghaidh toradh níos iontaoifa. Áirítear leis an gcur chuige ildisciplíneach ⁽⁹⁴⁾, de ghnáth, modhanna neamhleighis um measúnú aoise a dhéantar i gcomhar chun tuiscint chuimsitheach a chothú ar aois an iarratasóra, mar a leagtar amach thíos (neamh-uileghabhálach).

- **Anailís ar fhianaise bhreise.** Nuair nach n-áirítear aon tagairt d'aois sna doiciméid a bailíodh ar dtús nó san fhaisnéis atá ar fáil, ba cheart seiceáil/anailís bhreise a thionscnamh go réamhghníomhach ar dhoiciméid eile. Is féidir faisnéis faoi aois an iarratasóra a bhailiú trí bhreathnú ar thaifid scoile, ar dhoiciméid reiligiúnacha, ar chártaí vacsaínithe teaghlaiigh nó ar thaifid leighis eile, ach freisin ó ghrianghraif a bhfuil stampa ama orthu, ó phostálacha ar na meáin shóisialta a bhfuil dátaí beachta luaite orthu agus ó aon ghné chabhrach eile a mheastar a bheith fíor. Mar a luaitear i [Roinn 2.2.1 Measúnú ar an bhfianaise dhoiciméadach](#), agus an fhianaise thacaíochta á meas, níor cheart gá a bheith ann doiciméid a fhíordheimhniú i gcás ina bhfuil fianaise imthoisceach eile ar fáil chun comhthacú leis an mionaois. Má tá amhras ar na húdaráis náisiúnta go bhfuil doiciméad brionnaithe, féadfaidh siad fíorú a iarraidh. Cuimhnigh, áfach, nach bhféadfaidh iarratasóirí ach cóipeanna agus/nó grianghraif dá ndoiciméid a iompar ar a bhfóin phóca. Más leor anailís den sórt sin ar dhoiciméid bhreise chun glacadh go hoibiachtúil leis an aois a mhaíonn an t-iarratasóir, ba cheart deireadh a chur leis an bpróiseas measúnaithe aoise ansin.
- **Agallamh um measúnú aoise:** déantar iarracht lena linn seicheamh croineolaíoch d'imeachtaí saoil a athchruthú chun tacú leis an meastachán ar aois. Má tá an t-agallamh um measúnú aoise faisnéiseach go leor agus más féidir teacht ar thorthaí dochloíte, ní gá leanúint ar aghaidh le measúnú síceasóisialta. Mura leor na torthaí agus má tá an t-amhras faoin aois dhearbhaithe fós ann, ba cheart an measúnú síceasóisialta a leanúint. Le haghaidh tuilleadh eolais, féach [Iarscríbhinn 1 – An t-agallamh um measúnú aoise](#).
- **Measúnú síceasóisialta:** scrúdaítear lena linn réimsí de shaol an duine, a aibíocht shíceolaíoch agus mhothúcháinach, a fhorbairt agus a iompar. Tagraíonn forbairt sa chomhthéacs sin nach amháin d'fhás cognaíoch agus mothúcháinach, ach d'iompraíochtaí inbhraite freisin amhail an cumas dul i mbun gníomhaíochtaí atá oiriúnach d'aois, an cumas freagracht a ghlacadh as cúraimí laethúla, an chaoi a gcuirtear neamhspleáchas in iúl, bainistiú mothúcháin, agus idirghníomhaíocht le piaraí agus le daoine fásta.

Déanann measúnóirí agallaimh agus úsáid á baint as ceisteanna neamhiata agus, i gcás inarb iomchuí, uirlisí cosúil le líníochtaí chun cabhrú leis an duine é féin a chur in iúl. Ní mór do mheasúnóirí a bheith aireach ar dhifríochtaí cultúrtha, tráma féideartha, agus staid

⁽⁹⁴⁾ Féach Airteagal 25(1) agus aithris 37 den Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta.





mhothúchánach an duine ⁽⁹⁵⁾. Ba cheart do ghairmithe a bhfuil saineolas acu ar mheastachán aoise agus ar fhorbairt leanaí measúnú den sórt sin a dhéanamh, amhail oibrithe sóisialta, síceolaithe nó pédiatraithe, chun measúnú a dhéanamh ar thosca éagsúla, cuir i gcás tosca fisiciúla, síceolaíocha, forbartha, comhshaoil agus cultúrtha ⁽⁹⁶⁾, agus tuilleadh anailíse a dhéanamh ar fhianaise. Le haghaidh tuilleadh eolais, féach [Iarscríbhinn 2 – Measúnú Síceasóisialta](#).

Mar a mhínítear sa [bhosca breithnithe praiticiúla](#), chun dúbláil agus ceistiú atriallach a sheachaint, ba cheart comhordú a dhéanamh ar chomhroinnt faisnéise áirithe a bailíodh le linn an scagtha agus atá ábhartha don phróiseas measúnaithe aoise, leis na saineolaithe sin atá ina gcuid den fhoireann ildisciplíneach um measúnú aoise.

Ag an am céanna, is féidir faisnéis a fhaightear laistigh den mheasúnú ildisciplíneach a chomhroinnt, i gcás inarb ábhartha agus inarb iomchuí, leis na húdaráis ábhartha (e.g. i gcás táscairí leochaileachta trasnacha don mheasúnú leochaileachta nó i gcás tarchur). Cuidíonn an malartú dhá bhealach sin le nósanna imeachta a chúchóiriú, neartaíonn sé cineál iomlánaíoch an chur chuige ildisciplínigh agus cosnaíonn sé cineál an phróisis atá íogair ó thaobh leanaí de.

Ba cheart an cinneadh críochnaitheach maidir le haois an iarratasóra a bheith bunaithe ar thorthaí na measúnuithe sin agus ar na conclúidí gairmiúla ar thángthas orthu.

Tábla 2. Na príomhdhifríochtaí idir an measúnú síceasóisialta agus an t-agallamh um measúnú aoise

	Agallamh um measúnú aoise	MEASÚNÚ SÍCEASÓISIALTA
An Bhéim	Cuimhneamh ar imeachtaí agus stair phearsanta atá ar eolas.	Meastóireacht níos leithne ar aibíocht, forbairt chognaíoch agus fhisiciúil, idirghníomhaíochtaí sóisialta agus timpeallacht.
Modheolaíocht	Formáid an treoircheistneora ⁽⁹⁷⁾ .	Breathnaitheach ⁽⁹⁸⁾ , comhthéacsúil agus comhoibríoch.
Measúnóirí	Gairmithe oilte (e.g. oibrithe sóisialta nó oifigigh eile atá neamhspleách agus nach bhfuil baint acu le hagallamh an iarratasóra maidir le tearmann).	Foireann ildisciplíneach (e.g. síceolaithe, oibrithe sóisialta, pédiatraithe), le hionchur ó oifigigh ghlactha, ó mhúinteoirí agus ó ghairmithe eile a bhíonn i dteagmháil leis an iarratasóir.

⁽⁹⁵⁾ Bunaithe ar UNICEF *Technical note on age assessment, op. cit.*, fn. 7.

⁽⁹⁶⁾ Aithris 37 RCI.

⁽⁹⁷⁾ Is modh bailithe sonraí cáilíochtúil é an treoircheistneoir ina gcomhcheanglaítear gnéithe d'agallaimh struchtúrtha agus neamhstruchtúrtha araon. Is éard atá i gceist leis sraith ullmhaithe ceisteanna neamhiata, agus solúbthacht á tabhairt ag an am céanna don agallóir chun topaicí nua a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn an chomhrá a fhiosrú.

⁽⁹⁸⁾ Breathnóireachtaí oibiachtúla ('feicim', 'cloisim'); ní mór an bhreathnóireacht a theorannú do ghnéithe a bhaineann leis an aois chríoineolaíoch.



Cuspóir	An aois dhearbhaite a fhíorú nó an neas-aois a fháil amach trí chuimhní a bhaineann le dátaí agus imeachtaí sonracha a mheabhrú (laethanta saoire náisiúnta, imeachtaí stairiúla amhail toghcháin, tubaistí nádúrtha, imeachtaí spóirt, etc.).	Measúnú a dhéanamh ar aibíocht mhothúcháin agus shóisialta an duine aonair agus ar fhorbairt chognaíoch agus fhisiciúil an duine aonair.
----------------	--	--



Leid phraiticiúil – Samhlacha chun Measúnuithe Aoise Ildisciplíneacha a Chomhordú

I gcás ina bhfuil saineolaithe éagsúla rannpháirteach agus i gcás ina ndéanann siad a measúnú go neamhspleách, tá sé ríthábhachtach **comhordú a dhéanamh i measc na ngairmithe éagsúla** chun torthaí a thiomsú. Fágann sé sin gur féidir léargais a chomhroinnt, rud a chuireann ar a gcumas do na gairmithe lamháil earráide na dtorthaí faoi seach a mhíniú agus an próiseas a chúchóiriú.

Go praiticiúil, d'fhéadfadh an comhordú sin a bheith i bhfoirm gairmithe a mhalartaíonn tuairimí maidir leis na torthaí tar éis dóibh a measúnuithe aonair a thabhairt i gcrích. Tríd is tríd, tá dhá phríomhbhealach ann chun comhordú den sórt sin a eagrú:

- **Painéal ildisciplíneach.** Nuair is féidir, is féidir measúnú aoise a chomhordú freisin trí sheisiún measúnaithe amháin a eagrú, ina mbuaileann roinnt gairmithe i gcomhpháirt leis an iarratasóir. Cuirtear ceisteanna ag brath ar réimse saineolais na ngairmithe lena mbaineann.
- Is iad na buntáistí a bhaineann le cur chuige sin an phainéil nach ndéanann daoine difriúla measúnú ar an iarratasóir ach uair amháin agus ní arís agus arís eile, rud a fhágann gur féidir teacht ar chonclúid ar bhealach níos tráthúla gan roinnt coinní a bheith ag cur moill ar an bpróiseas. Murab ionann agus measúnuithe duine le duine a dhéantar arís agus arís eile, cuireann modh an phainéil cosc ar dhúbailt freisin, toisc nach gá don iarratasóir a scéal a athrá arís agus arís eile do ghairmithe éagsúla. Nuair a chuirtear chun feidhme go híogair é, is féidir leis an bpainéal ildisciplíneach rogha mhalartach eile atá níos iomlánaíche, níos tráthúla agus níos íogaire ó thaobh leanaí de a thairiscint ar mheasúnuithe iomadúla nó ar scrúduithe leighis iomadúla. Is féidir leis na measúnóirí a dtuairimí a mhionléiriú agus a phlé lena chéile díreach tar éis an mheasúnaithe chun teacht ar chonclúid fhéideartha (deimhniú aoise nó gá le measúnú breise).
- Míbhuntáiste a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le painéal saineolaithe a úsáid is ea go bhféadfadh an t-iarratasóir a bheith faoi léigear trína bheith á cheistiú ag roinnt daoine ag an am céanna.



- **Measúnú ildisciplíneach arna dhéanamh ar leithligh ag gach saineolaí.** Déanann gairmithe a gcuid measúnuithe ar leithligh (e.g. síceolaí, oibrí sóisialta, péidiatraí) agus ansin buaileann siad le chéile chun a dtorthaí aonair a phlé. Cuirtear ceisteanna ag brath ar réimse saineolais na ngairmithe lena mbaineann. Leis an bhformáid sin, is féidir le saineolaithe torthaí a thriantánú, lamhálacha earráide a mhíniú, agus teacht ar chomhaontú maidir le tuairim chomhpháirteach gan an t-iarratasóir a nochtadh d'agallaimh fhorluiteacha iomadúla.
- Is é an buntáiste atá ann go mbuaileann an t-iarratasóir le gach gairmí ina n-aonar, rud a laghdaíonn an baol go mothódh an t-iarratasóir faoi léigear i dtimpeallacht ghrúpa. Is féidir le gach saineolaí díriú go mór ar a réimse sonrach saineolais agus caidreamh a chothú leis an iarratasóir, rud a bhféadfadh measúnú níos cruinne agus níos cothroime a bheith mar thoradh air. Leis an modh sin, tugtar solúbthacht maidir le sceidealú agus cinntítear leis go gcuirtear tuairimí gairmithe le chéile go neamhspleách roimh an bplé, rud a d'fhéadfadh oibiachtúlacht na conclúide comhpháirtí a fheabhsú.
- Is é an míbhuntáiste a bhaineann leis go bhféadfadh níos mó ama a bheith ag baint leis an bpróiseas ar an iomlán, ós rud é go bhfuil gá le roinnt coinní ar leithligh, rud a d'fhéadfadh moill a chur ar thabhairt i gcrích an mheasúnaithe. D'fhéadfadh sé go mbeadh ar an iarratasóir faisnéis áirithe a athrá le linn cruinnithe éagsúla, rud a d'fhéadfadh a bheith tuirsiúil nó ina ualach mothúchánach. Tá baol ann freisin go mbeidh léirmhínte neamhréireacha ann i measc na saineolaithe, má tá an comhordú nó an chumarsáid lag tar éis na measúnuithe aonair. 933

Ní mór an caomhnóir a chur ar an eolas roimh ré – le linn an chruinnithe ullmhúcháin – maidir leis an gcaoi a mbeidh saineolaithe iomadúla páirteach sa phróiseas measúnaithe aoise. Nuair a bhuaileann an t-iarratasóir leis na saineolaithe, ba cheart díriú ar atmaisféar muiníneach agus fáilteach a chruthú trí na saineolaithe a chur in aithne, agus a ról agus a bhfreagracht a leagan amach go soiléir. Cuidíonn sé sin le timpeallacht níos suaimhní a chruthú. Tá sé **fíorthábhachtach rúndacht na faisnéise nó na fianaise a roinntear le linn an mheasúnaithe a urramú**. Ní mór an **lamháil earráide**, go háirithe an ceann a bhaineann leis na modhanna liachta, **a mhíniú go trédhearcach**, go háirithe má tá na torthaí neamhchonclúideach (le raon a bhfuil forluí ann idir an óige agus an aosacht).

Nuair a dhéanann painéal saineolaithe ildisciplíneacha an measúnú aoise in aon seisiún amháin, tá sé tábhachtach nach mbeidh líon iomarcach daoine i láthair agus nach mothódh an t-iarratasóir faoi léigear mar gheall ar líon iomarcach daoine a bheith i láthair.

A luaithe a bheidh seisiún an phainéil tugtha chun críche, beidh an t-údarás cinntitheach ⁽⁹⁹⁾ freagrach as cinneadh a dhéanamh bunaithe ar thuairim agus ar mholtaí an phainéil.

I gcás torthaí neamhchonclúideacha tar éis an mheasúnaithe aoise ildisciplínigh, tá dhá rogha ag na húdaráis.

⁽⁹⁹⁾ Cé go leagtar amach sa Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta na Caighdeáin agus na Coimircí le haghaidh nósanna imeachta um measúnú aoise, ní chuirtear bac leis ar an bhféidearthacht go mbeadh údaráis náisiúnta, lena n-áirítear cúirteanna, páirteach i gcinneadh aoise. Dá bhrí sin, coinníonn na Ballstáit an lánrogha an measúnú aoise a sheachfhoinsiú agus údarás difriúil a ainmniú chun tuairim a eisiúint. Is féidir leis an údarás cinntitheach, a bhfuil an fhreagracht deiridh air as an gcinneadh aoise, an cinneadh a dhéanamh ansin bunaithe ar thoradh an mheasúnaithe aoise i gcomhréir lena chleachtas intíre agus lena ráthaíochtaí níos imeachta.





Rogha 1: is féidir leis na húdaráis deireadh a chur leis an measúnú agus sochar an amhrais a chur i bhfeidhm agus a mheas gur leanbh é an duine. Mar a shonraítear in aithris 37 agus in Airteagal 25(2) RCI, i gcás nach bhfuil toradh an mheasúnaithe dochloíte, níl sé d'oibleagáid ar na Ballstáit scrúdú leighis a iarraidh nó leanúint den mheasúnú mura gcuirfí deireadh leis an amhras atá fágtha le scrúdú den sórt sin.

Rogha 2: cinneann na húdaráis leanúint den mheasúnú aoise agus scrúdú leighis a iarraidh faoi choinníollacha dochta. Nuair a dhéantar scrúdú leighis, ní mór an scrúdú is lú ionracht agus is féidir a úsáid, agus dínit an duine aonair á hurramú go hiomlán.

3.3.2. Measúnú leighis: tús áite a thabhairt don scrúdú is lú ionracht

Is éard atá i gceist le scrúduithe leighis um measúnú aoise na scrúduithe sin a bhaineann le cleachtais leighis (e.g. ultrafhuaim, radaíocht). Níor cheart na modhanna sin a mheas ach amháin nuair a dhéantar na modhanna uile eile chun measúnú a dhéanamh ar an aois a thriail go neamhchonclúideach. Nuair a bhíonn an deis ann deireadh a chur leis an amhras faoi aois le scrúduithe leighis, ba cheart tús áite a thabhairt do **roghanna neamh-ionracha saor ó radaíocht**.

Níor cheart modhanna lena mbaineann radaíocht amhail X-ghathanna a úsáid ach amháin mar rogha dheireanach ⁽¹⁰⁰⁾, de réir an phrionsabal na neamhdhíobhála chomh maith leis an bprionsabal 'chomh híseal agus is indéanta le réasún' (ALARA) chun nochtadh don radaíocht a íoslaghdú.

Ní mór breithniú a dhéanamh leis an modh a úsáidtear freisin ar an gcaoi a ndéantar an scrúdú.

- Ba cheart an **lamháil earráide** is gné dhílis de gach modh a dhoiciméadú, go háirithe nuair a bhíonn na torthaí neamhchonclúideach, agus a chur i bhfeidhm i bhfabhar an iarratasóra i gcomhréir le prionsabal leas an linbh agus sochar an amhrais á dheonú dóibh. Ina theannta sin, ba cheart na modhanna a roghnú bunaithe ar an raon aoise atá i gceist agus ar inscne an duine a bhfuil measúnú á dhéanamh air, toisc go bhféadfadh éagsúlacht a bheith ann i ndáil le cruinneas.
- Seachain tuairisciú a dhéanamh ar aois mheánach amháin (e.g. 17.4 bliana d'aois). Ina ionad sin, **tuairiscigh an raon aoise iomlán** nó an aois íosta agus uasta is dóchúlacha laistigh den raon. Soláthraítear raonta aoise le go leor modhanna seachas aoiseanna beachta, agus mar sin má dhéantar aois mheánach a shannadh (e.g. a rá go bhfuil duine 18 mbliana d'aois bunaithe ar raon aoise 16-20), ní léiriú iomlán é sin ar neamhchinnteacht iomlán an mheasúnaithe. Gan é a bheith ar eolas cé chomh dóchúil is atá gach aois fhéideartha laistigh den raon (dáileadh dóchúlachta), d'fhéadfadh úsáid na haoise meánaí a bheith míthreorach. Mar shampla, má áirítear sa raon 18

⁽¹⁰⁰⁾ An Coiste um Chosaint Chearta na nOibrithe Imirceacha go léir agus Bhaill dá dTeaghlach, *Barúil ghinearálta chomhpháirteach Uimh. 4 (2017) ón gCoiste maidir le Cearta na nOibrithe Imirceacha uile agus Dhaoine dá dTeaghlach a chosaint agus Uimh. 23 (2017) ón gCoiste um Chearta an Linbh maidir le hoibleagáidí Stáit i ndáil le cearta daonna leanaí i gcomhthéacs na himirce idirnáisiúnta i dtíortha tionscnaimh, idirthurais, cinn scríbe agus fillte*, 2017, <https://documents.un.org/doc/undoc/gen/g17/343/65/pdf/g1734365.pdf>: 'Ba cheart do Stáit staonadh ó mhodhanna leighis a úsáid bunaithe, inter alia, ar anailís ar scrúduithe cnámh agus fiacloireachta, a d'fhéadfadh a bheith míchruinn, ar scrúduithe iad lena lamhálacha leathana earráide, agus a d'fhéadfadh a bheith trámach freisin agus a bhféadfadh próisis dhlíthiúla nach bhfuil gá leo a bheith mar thoradh orthu.'





mbliana d'aois (e.g. 16.4-22.3 bliain d'aois) agus má tá an meán idir an aois íosta agus an aois uasta sa raon os cionn 18 mbliana d'aois, d'fhéadfadh sé sin duine a chatagóiriú go héagórach mar dhuine fásta. D'fhéadfadh sé nach rachadh sé chun tairbhe don duine aonair neamhaird a thabhairt ar an lamháil earráide ⁽¹⁰¹⁾.

- I gcás ina soláthraítear le modhanna leighis um measúnú aoise raon aoise in éineacht le **meastachán dóchúlachta**, ba cheart an dóchúlacht go bhfuil an aois mheasúnaithe faoi bhun 18 mbliana d'aois nó os a chionn a léiriú go soiléir freisin. Ba cheart a chur san áireamh sa mheasúnú an leibhéal dóchúlachta a léirítear sa mheasúnú leighis, agus é á aithint gur léiriú iad torthaí den sórt sin ar dhóchúlachtaí seachas ar chinnteacht.
- Níor cheart iallach a chur ar dhuine dul faoi scrúdú riamh agus níos cheart scrúduithe a bheith míchuí ó thaobh cultúir de. Ní mór do ghairmithe a bheith ar an eolas faoi inscne agus íogaireacht chultúrtha agus ní mór dóibh gníomhú i gcomhréir lena saineolas i meastacháin ar aois. Níor cheart aon mhodh a bhaineann le lomnochtacht nó scrúduithe ar chodanna dlúthphearsanta den chorp a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar aois iarratasóra.



Pointí le cuimhneamh orthu

Níor cheart scrúduithe **lena mbaineann lomnochtacht** nó breathnóireacht ar bhaill choirp mar bhreathnóireacht ar aibíocht ghnéasach **a dhéanamh riamh**. Tá sé sin fíor-riachtanach chun meas ar dhínit an duine aonair a choinneáil ar bun agus tá sé thar a bheith tábhachtach i gcás iarratasóirí a bhféadfadh sé go ndearnadh mí-úsáid ghnéasach agus fhisiciúil agus dúshaothrú orthu ⁽¹⁰²⁾. Ar deireadh, tá lamháil leathan earráide ⁽¹⁰³⁾ ag baint le measúnú a dhéanamh ar thréithe fisiciúla chun meastachán a dhéanamh ar aois duine nuair a úsáidtear an cineál measúnaithe sin chun idirdhealú a dhéanamh idir ógánach agus duine fásta.

⁽¹⁰¹⁾ Schmelting, A., Schumacher, G. agus Rudolf, E., *Medical age assessment of juvenile migrants*, 2018, <https://data.europa.eu/doi/10.2760/47096>.

⁽¹⁰²⁾ Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, *R.Y.S. v an Spáinn*, 2021. Tá achoimre ar fáil i [mBunachar Sonraí Cásdlí EUAA](#). Chinn an Coiste um Chearta an Linbh 'go sáraíonn tástálacha lena mbaineann lomnochtacht nó scrúdú ar na baill ghiniúna nó ar chodanna dlúthphearsanta eile den chorp dínit, príobháideachas agus sláine choirp linbh agus gur cheart iad a thoirmeasc'.

⁽¹⁰³⁾ Leag an Coiste um Chearta an Linbh amach a dtuairimí sa ghearán maidir le sárúithe ar chearta in *R.Y.S. v an Spáinn*, *Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, an 4 Feabhra 2021*. Chinn an Coiste 'maidir le scrúduithe ar leanaí lena mbaineann lomnochtacht nó scrúdú ar na baill ghiniúna, is sárú iad ar a ndínit, a bpríobháideachas agus a sláine choirp agus gur cheart iad a chosc chun críche measúnaithe aoise.' Tá achoimre ar fáil i [mBunachar Sonraí Cásdlí EUAA](#).



Nuair a dhéantar scrúduithe leighis, déanfaidh na gairmithe leighis a bhfuil measúnú déanta acu ar an aois torthaí ón saineolaí/ó na saineolaithe a bhí páirteach roimhe seo a chomhtháthú, a dtuairim a mhíniú, a dtorthaí a mhíniú, an teicníc a úsáideadh mhíniú, agus teorainneacha agus lamháil earráide na teicníce a úsáideadh a mhíniú, rud a fhágfaidh gur féidir an toradh is iontaoifa a bhaint amach. Mar a fhoráiltear le hAirteagal 25(3) RCI ní mór **anailís a dhéanamh** ar thorthaí na **scrúduithe leighis sin i measúnú iomlánaíoch mar aon le torthaí eile** amhail, mar shampla, toradh na measúnuithe a rinne gairmithe eile (cur chuige ildisciplíneach), chun an toradh is iontaoifa a chinntiú.



Teorainneacha agus ábhair inní eiticiúla a bhaineann le measúnuithe aoise leighis

Maidir le scrúduithe ionracha leighis, amhail scrúduithe cnámh nó fiacloireachta, is féidir a bhrath gur scrúduithe cunóiracha iad, d'fhéadfaidís a bheith costasach, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le feistí sláinte a úsáid agus/nó d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le speisialtóirí nach bhfuil ach líon teoranta díobh ar fáil. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí an t-iarratasóir a thrámú a thuilleadh mar gheall orthu, go háirithe i gcás marthanóirí mí-úsáide agus foréigin inscnebhunaithe. Ina theannta sin, tá lamháil leathan earráide ag baint le modhanna den sórt sin agus is minic a sholáthraítear leo torthaí ina bhfuil raon leathan aoise. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag tosca eitneacha, socheacnamaíoch agus inscne ar na torthaí, agus ní bhíonn an iontaofacht níos mó ná mar a bhíonn i modhanna neamhleighis.

Chuir liachleachtóirí in iúl freisin go bhfuil drogall orthu scrúduithe leighis a úsáid chun críoch riaracháin, toisc go bhféadfadh na measúnuithe sin teacht salach ar a bpríomhdhualgas aire a thabhairt do leanaí. Ceistíodh go forleathan i dtaighde an úsáid a bhaintear as modhanna um measúnú aoise bitheolaíche ⁽¹⁰⁴⁾ chun measúnú a dhéanamh ar aois chróineolaíoch toisc nach féidir leis na modhanna sin ach raon leathan meastachán ar aois a thabhairt ⁽¹⁰⁵⁾.

Ar deireadh, mar a leagtar síos in aithris 37 RCI, má tá toradh an mheasúnaithe aoise neamhchonclúideach nó má théann an raon aoise faoi bhun 18 mbliana d'aois, **ba cheart do na Ballstáit glacadh leis gur leanbh é an t-iarratasóir**, agus prionsabail leas an linbh agus shochar an amhras á dtreisiú le linn an phróisis. Tá an prionsabal sin le tuiscint mar phrionsabal is infheidhme fiú i gcásanna ina maíonn duine gur duine fásta é ach go bhfuil amhras réasúnta ann go bhféadfadh sé gur mionaoiseach é.

⁽¹⁰⁴⁾ Is é sin modhanna leighis lena ndéantar measúnú ar aois bhitheolaíoch duine, nach gá a bheith ag teacht leis an aois chróineolaíoch

⁽¹⁰⁵⁾ Ráitis maidir le Seasmh BSPED ar Mheasúnú Aoise Péidiatraice, <https://www.bsped.org.uk/clinical-resources/position-statements/#link6>, luaigh [the British Dental Association \(BDA\)](https://www.bda.org.uk/) gur 'modh míchruinn chun aois a mheasúnú' é úsáid a bhaint as X-ghathanna fiacloireachta. Creideann BDA freisin go bhfuil sé míchuí agus mí-eiticiúil radagraif a ghlacadh de dhaoine nuair nach bhfuil aon tairbhe ann dá sláinte.





3.4. An cinneadh

Leagtar síos leis an Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta go bhfuil an **t-údarás cinntitheach** freagrach as measúnuithe aoise a thionscnamh agus gur cheart don údarás sin an cinneadh a dhéanamh i gcónaí an measúnú aoise a thionscnamh ⁽¹⁰⁶⁾ agus an cinneadh a dhéanamh bunaithe ar thoradh an mheasúnaithe aoise. Ní shonraítear ann, áfach, cén t-údarás/comhlacht ba cheart a bheith inniúil chun **an aois a chinneadh** tar éis an mheasúnaithe aoise. Is féidir an ghné sin a rialáil sa dlí náisiúnta.

Tar éis an mheasúnaithe aoise, tá an cinneadh maidir le haois an iarratasóra bunaithe ar **anailís chomhpháirteach ar na torthaí** ón measúnú ildisciplíneach agus, i gcás inarb infheidhme, ón scrúdú leighis. Déantar an cinneadh maidir le haois agus tuairimí na saineolaithe uile lena mbaineann á gcur san áireamh, ionas gur féidir an toradh is iontaofa a bhaint amach.

I gcásanna ina dtagann saineolaithe laistigh den fhoireann ildisciplíneach ar chonclúidí difriúla, nó i gcás nach mbíonn torthaí an mheasúnaithe ildisciplínigh agus an scrúdaithe leighis ag teacht le chéile, is é an t-údarás cinntitheach atá freagrach as an bhfianaise atá ar fáil a mheas agus teacht ar chonclúid chríochnaitheach. Ba cheart don údarás doiciméadú cúramach a dhéanamh ar an gcaoi ar breithníodh tuairimí éagsúla, lena n-áirítear an réasúnaíocht chun tosaíocht a thabhairt do shraith amháin torthaí thar shraith eile; ba cheart dó aon lamháil leanúnach earráide a léiriú go trédhearcach agus measúnú iomlánaíoch a dhéanamh. I gcás ina bhfuil neamhchinnteacht fós ann tar éis measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis uile atá ar fáil, ba cheart feidhm a bheith ag prionsabal shochar an amhrais, as a dtagann an toimhde mionaíse.

Ní mór an **cinneadh críochnaitheach** maidir leis an aois mheasta a **dhoiciméadú i scríbhinn agus a chur ar fáil don duine aonair lena mbaineann agus dá chaomhnóir**. Maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart an cinneadh críochnaitheach aoise a bheith i bhfoirm cinnidh riaracháin, tá sé sin ag brath go príomha ar an nós imeachta náisiúnta is infheidhme. Ceanglaítear leis an Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta agus leis an Treoir maidir le Dálaí Glactha (2024) go mbeidh aon chinneadh maidir le stádas an iarratasóra, lena n-áirítear cinní a dhéanann difear do rochtain ar choimircí (e.g. caomhnóir a cheapadh), réasúnaithe, faoi réir cheart an iarratasóra chun éisteacht a fháil, agus oscailte do leigheas éifeachtach. Sa chleachtas, ciallaíonn sé sin i gcás ina bhfuil iarmhairtí dlíthiúla ag toradh measúnaithe aoise nó fíoraithe aoise maidir leis an gcaoi a gcaitear leis an iarratasóir sa nós imeachta tearmainn nó glactha, gur cheart é a chur ar bhonn foirmiúil go ginearálta i ngníomh riaracháin nó i gcinneadh riaracháin.

Ba cheart a lua go soiléir sa litir chinnidh **cáilíochtaí na** saineolaithe a bhfuil baint acu leis an measúnú aoise, mar aon lena **dtuairim réasúnaithe** maidir le haois an iarratasóra. . Ina theannta sin, i gcás ina bhfuiltear ag brath go hiomlán ar an gcur chuige ildisciplíneach, ba cheart **an raon** aoise measta a léiriú. Ar an gcaoi chéanna, nuair a chuirtear modhanna leighis i bhfeidhm, ní mór an **lamháil earráide** a bhaineann leis na modhanna sin a shonrú.

I gcás ina soláthraítear le measúnuithe leighis nó measúnuithe comhcheangailte raon aoise in éineacht le **meastachán dóchúlachta**, ba cheart an leibhéal dóchúlachta go bhfuil an duine

⁽¹⁰⁶⁾ Airteagal 25(1) RCI.



faoi bhun 18 mbliana d'aois nó os a chionn a lua go sainráite, agus ba cheart a aithint sa chinneadh críochnaitheach gur léiriú iad measúnuithe den sórt sin ar dhóchúlachtaí seachas ar chinnteacht.

Ní mór an chúis leis an **gcinneadh a rinne an t-údarás cinntitheach** a lua sa litir chinnidh freisin. Ina theannta sin, ba cheart an fhaisnéis sin a mhíniú ó bhéal don iarratasóir ⁽¹⁰⁷⁾, agus **í a chur in oiriúint do leibhéal tuisceana an iarratasóra**. Ní mór an míniú a bheith sách beacht, iomlán agus inrochtana **chun go dtuigfidh an t-iarratasóir go hiomlán an réasúnaíocht** atá taobh thiar den chinneadh. Ba cheart an fhaisnéis uile is gá a thabhairt don iarratasóir chun a cheart chun **leighis éifeachtaigh** a fheidhmiú, agus chun rochtain a fháil ar chúnamh dlí chun achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh maidir le haois ⁽¹⁰⁸⁾.

I gcomhréir le hAirteagal 8 CRC, ní mór doiciméid aitheantais ina luaitear an aois deiridh a eisiúint chun **céannacht iomlán** an iarratasóra a athbhunú go pras ⁽¹⁰⁹⁾. Ba cheart a shoiléiriú nach suitear aois chróineolaíoch bheacht sa mheasúnú i gcónaí, ach go gcinntear cé acu a mheasfar nó nach measfar an t-iarratasóir a bheith ina mhionaoiseach nó ina dhuine fásta chun críocha an nós imeachta. I gcás nach soláthraítear ach raon aoise leis na torthaí nó ina mbíonn siad neamhchonclúideach fós, **ní mór feidhm a bheith ag prionsabal shochar an amhrais**, agus ba cheart déileáil leis an iarratasóir **mar mhionaoiseach** ⁽¹¹⁰⁾.

Ag an am céanna, níor cheart cosc a chur ar an iarratasóir mar gheall ar an gcinneadh sin a dháta breithe beacht a chruthú tráth níos déanaí. Más rud é, ag céim níos déanaí, go bhfuil an t-iarratasóir in ann doiciméadacht oifigiúil a fháil agus a chur i láthair ón tír thionscnaimh nó ó fhoinsí iontaofa eile, ba cheart a aois chláráithe a cheartú dá réir sin sna taifid oifigiúla.



Pointe le cuimhneamh air – Measúnú aoise agus RBTI

Foráiltear le hAirteagal 25(7) RCI go bhféadfaidh na Ballstáit **aitheantas a thabhairt do chinntí measúnaithe aoise a dhéanann Ballstáit eile** más rud é go ndearnadh an measúnú aoise i gcomhréir le dlí an Aontais. Chun an t-aitheantas a chumasú, féadfar a áireamh i dtorthaí comhroinnte na measúnuithe aoise tagairt do na modhanna a cuireadh i bhfeidhm agus don réasúnaíocht as ar tháinig an cinneadh, de mheon an dea-chomhair idir na Ballstáit. D'fhéadfaí an fhaisnéis a mhalartú, mar shampla, trí DubliNet.

⁽¹⁰⁷⁾ Cás *A.C. v. An Fhrainc* (op. cit., fn. 90) sular chuir an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine i dtábhacht gur cheart do na Ballstáit na ráthaíochtaí nós imeachta a sholáthar tar éis an mheasúnaithe aoise, lena n-áirítear an gá atá le torthaí na scrúduithe éagsúla a chur ar fáil don iarratasóir agus é a chur ar an eolas faoi na féidearthachtaí maidir le leigheasanna éifeachtacha.

⁽¹⁰⁸⁾ I gcás nach gcinntítear leibhéal leordhóthanach cruinnis agus beaichte sna cinntí uile a bhaineann le toradh measúnaithe aoise, d'fhéadfadh sárú ar oibleagáidí nós imeachta agus dícheall cuí a eascraíonn as Airteagal 8 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine a bheith i gceist, mar gheall ar staid leochaileachta leanaf.

⁽¹⁰⁹⁾ I gcomhréir le hAirteagal 8 CRC, ní mór doiciméid aitheantais ina luaitear an aois deiridh a eisiúint chun **céannacht iomlán** an iarratasóra a athbhunú go pras. Chun na críche céanna, más féidir leis an iarratasóir fianaise bhailí leordhóthanach a chur ar fáil maidir lena aois dhearbhaite, cé nár deimhníodh í le linn an mheasúnaithe aoise, ba cheart glacadh leis an aois sin agus í a cheartú go tapa i dtaifid oifigiúla.

⁽¹¹⁰⁾ Airteagal 25(2) RCI.





3.5. Agóid a dhéanamh in aghaidh an chinnidh maidir leis an aois

Ba cheart an deis a bheith ag an iarratasóir agóid a dhéanamh in aghaidh thorthaí an phróisis measúnaithe aoise, in achomharc ar leithligh nó mar chuid den achomharc in aghaidh an chinnidh céadchéime, ag brath ar an gcreat náisiúnta is infheidhme.

Rud atá tábhachtach, ba cheart an ceart chun achomhairc a bheith ar fáil **gan beann ar thoradh an nós imeachta tearmainn**. Ba cheart an deis a bheith ag leanaí a aicmítear go mícheart mar dhaoine fásta agus a ndéanfaítear cosaint idirnáisiúnta dóibh achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh measúnaithe aoise. D'fhéadfadh sé go gcaillfí coimircí a bhaineann go sonrach le leanbh mar thoradh ar mhí-aicmiú le linn an nós imeachta, amhail dálaí glactha iomchuí nó tacaíocht ó chaomhnóir; d'fhéadfadh sé difear a dhéanamh freisin do chur i bhfeidhm breithnithe ar éilimh linbh ar thearmann, amhail cineálacha géarleanúna a bhaineann go sonrach le leanaí, chomh maith le rochtain ar chearta tar éis an chinnidh maidir le stádas, e.g. tacaíocht leanúnach, an ceart chun oideachais, athaontú teaghlaigh.

Chun **díobháil dholeasaithe** a sheachaint, ba cheart nósanna imeachta achomhairc a dhéanamh gan mhoill, toisc go bhféadfadh sé go mbainfí cearta de leanaí, ar cearta iad a bhfuil siad ina dteideal, mar thoradh ar neamhchinnteacht fhada, mar shampla an ceart chun athaontaithe teaghlaigh thráthúil laistigh de na sprioc-amanna nós imeachta a leagtar amach i ndlí an Aontais agus sa dlí náisiúnta. Cé nach bhforchuirtear oibleagáid dhlíthiúil leis an Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta ceart achomhairc ar leithligh a sholáthar in aghaidh an chinnidh measúnaithe aoise, ní chuirtear bac air ach oiread leis. Tá an cur chuige sin ag teacht leis na prionsabail atá cumhdaithe i gCairt an Aontais Eorpaigh, go háirithe Airteagal 41 lena ráthaítear an ceart chun dea-riaracháin, agus Airteagal 47 lena n-áirithítear an ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach córa. Is é atá i gceist leis sin rochtain a bheith ag an iarratasóir ar an gcomhad agus ar fhaisnéis thráthúil maidir leis an bhféidearthacht achomharc nó agóid a dhéanamh in aghaidh an chinnidh, agus cúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil a fháil le linn an achomhairc agus na nósanna imeachta ina dhiaidh sin. ⁽¹¹¹⁾.

3.5.1. Athbhreithniú ar chinneadh measúnaithe aoise i bhfianaise fianaise nua

Ba cheart athbhreithniú *ex officio* ar an aois a suíodh sa chinneadh arna eisiúint ag an údarás cinntitheach a cheadú i gcónaí, má thagann fianaise nó faisnéis nua chun cinn tráth níos déanaí. Má shainaithnítear meastachán mícheart ar aois, ba cheart **an fhaisnéis a cheartú** le gníomhaíochtaí láithreacha sna bunachair sonraí ábhartha agus céannacht cheart an duine a athbhunú. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i gcás, mar shampla, ina bhfuil an t-iarratasóir in ann doiciméad aitheantais bailí ex post a sholáthar chun a chéannacht a chruthú, tar éis cinneadh maidir le haois.

⁽¹¹¹⁾ Airteagal 23(6)(b) RCI i gcomhar le hAirteagal 67(8) RCI.



4. Teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus teicneolaíochtaí nua

Tá tástáil déanta ag roinnt tíortha ar úsáid **tástálacha géiniteacha chun measúnú a dhéanamh ar aois bhitheolaíoch**. Leis na tástálacha sin, déantar tomhas ar mhodhnú ceimiceach ar DNA ar a dtugtar meitilíniú. Is próiseas bitheolaíoch é meitiliú DNA atá nasctha le haosú agus bhféadfadh tosca amhail caitheamh tobac, strus agus galar difear a dhéanamh dó. Is féidir DNA a bhaint as go leor foinsí, lena n-áirítear fuil agus seile. In athbhreithnithe ar staidéir ⁽¹¹²⁾ ina n-úsáidtear meitiliú DNA chun measúnú a dhéanamh ar aois i ndaoine de gach aois, tuairiscítear meánlamháil earráide idir 2 bhliain agus 5 bliana ⁽¹¹³⁾. Dhírigh formhór na staidéar ar fhothacar teoranta de dhaoine geala as Iarthar na hEorpa. Tá gá le tuilleadh taighde chun tuiscint a fháil ar an tionchar a bhíonn ag bunadh eitneach agus ag tosca eile ar mheitiliú DNA. Tá fianaise mhaith ann go méadaíonn tráma agus cruatan an aois eipiginiteach. Trí DNA a úsáid chun críoch riaracháin, ardaítear saincheistanna eiticiúla maidir le comhréireacht agus toiliú chomh maith le castachtaí maidir le príobháideachas a chosaint, samplaí a stóráil agus rochtain a fháil orthu.

Na staidéir ar chur i bhfeidhm **teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn** amhail an intleacht shaorga (IS) i mbainistíocht imirce agus tearmainn, is treocht iad sin atá ina tús agus a bhfuil tairbhí féideartha ag baint léi chomh maith le dúshláin shuntasacha agus rioscaí eiticiúla tábhachtacha. Mar thoradh air sin, i gcás úsáid na hintleachta saorga le haghaidh próisis imirce agus tearmainn chomh maith le sainaitheint bhithmhéadrach, cáilíodh an úsáid sin mar chuspóir ardriosca IS ⁽¹¹⁴⁾. Cé go léiríonn staidéir áirithe go bhféadfadh an mheaisínfhoghlaim tacú le meastachán níos cruinne ar aois, braitheann na torthaí ar cháilíocht na sonraí a úsáidtear agus ar chruinneas a gcatagóirithe agus an córas á oiliúint. Ina theannta sin, tá sé tábhachtach fós aitheantas a thabhairt don lamháil earráide a bhaineann le teicneolaíochtaí nua agus an chlaontacht a d'fhéadfadh a bheith ann.

I gcás ar bith, luaitear go sainráite sa Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta **nach mór do 'ghairmithe cáilithe'** measúnuithe aoise a dhéanamh. Tagraíonn an téarmaíocht sin do dhaoine aonair a bhfuil an saineolas agus an oiliúint is gá acu chun measúnuithe den sórt sin a dhéanamh i gcomhréir le modheolaíochtaí agus coimircí seanbhunaithe. **Ní thagann an intleacht shaorga faoin sainmhíniú sin.**

Gan tuiscint cheart ar na himpleachtaí féideartha a bhaineann le córais intleachta saorga, ní féidir **maoirseacht dhaonna ná neamhspleáchas an duine** a ráthú. Baineann ábhair imní atá chomh tábhachtach céanna maidir le cur chun úsáide na gcóras sin leis na **torthaí claonta agus idirdhealaitheacha a d'fhéadfadh a bheith ann, maidir le príobháideachas, trédhearcacht agus cuntasacht.**

⁽¹¹²⁾ Maulani, C. et al., *Age estimation using DNA methylation technique in forensics: a systematic review, 2020*. An Éigipt. J. Forensic Sci., Iml 10, 38.

⁽¹¹³⁾ Aliferi, A. et al., *Combining current knowledge on DNA methylation-based age estimation towards the development of a superior forensic DNA intelligence tool, 2022*. Forensic Sci. Int. Genet., Iml. 57, 102637.

⁽¹¹⁴⁾ Féach Comhairle na hEorpa, *Artificial Intelligence and Migration: Report of the Committee on Migration, Refugees and Displaced Persons* Intleacht Shaorga agus Imirce: Tuarascáil ón gCoiste um Imirce, Dídeanaithe agus Daoine Easáitithe], Rapóirtéir Mr Petri Honkonen (Eagrán sealadach, 2025), 5



Dá bhrí sin, ba cheart úsáid teicneolaíochtaí den sórt sin chun críoch measúnaithe aoise a sheachaint ach amháin má rinneadh bailíochtú eolaíoch orthu agus go dtí go ndéantar bailíochtú eolaíoch orthu agus gur cruthaíodh go bhfuil siad iontaofa agus éifeachtach go leor i suíomhanna éagsúla i gcomhréir le rialacháin eiticíúla ghaolmhara. Faoi láthair, **ní dhéantar foráil maidir le teicneolaíochtaí den sórt sin sa reachtaíocht** agus, dá bhrí sin, **ní féidir iad a mheas mar mhodh dleathach chun measúnú aoise a dhéanamh.**



5. Acmhainní breise

- [Nóta Teicniúil ó UNICEF maidir le measúnú aoise.](#)
- [Moladh ó Chomhairle na hEorpa CM/Rec\(2022\)22 ó Choiste na nAirí agus an Meabhrán Míniúcháin: Human rights principles and guidelines on age assessment in the context of migration](#) [Prionsabail agus treoirínte maidir le cearta an duine i ndáil le measúnú aoise i gcomhthéacs na himirce].
- [Separated Children in Europe Programme \(SCEP\) Position Paper on Age Assessment in the Context of Separated Children in Europe.](#)
- [Treoraíocht theicniúil ó UNHCR: Child Friendly Procedures.](#)
- [FRA, Age assessment and fingerprinting of children in asylum procedures – Minimum age requirements relating children’s rights in the EU \[Measúnú aoise agus méarlorgaireacht leanaí i nósanna imeachta tearmainn – Íoscheanglais aoise maidir le cearta leanaí san Aontas\], 2018.](#)
- [Nóta Dílíthiúil maidir le Measúnú Aoise san Eoraip ón gComhairle Eorpach um Dhídeanaithe agus um Dheoraithe \(ECRE\).](#)
- [Barúlacha ó Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe maidir le húsáid a bhaint as measúnuithe aoise chun leanaí scartha nó leanaí neamhthionlactha atá ag lorg tearmainn a shainaitint.](#)
- [Treoirínte 2021 ó UNHCR maidir leis an Nós Imeachta um Leas an Linbh.](#)
- [UNHCR/UNICEF, The Way Forward to Strengthened Policies and Practices for Unaccompanied and Separated Children in Europe.](#)
- [Beartas UNHCR maidir le Cosaint Leanaí.](#)
- [UNHCR, Guidelines on International Protection No. 8: Child Asylum Claims under Articles 1\(A\)2 and 1\(F\) of the 1951 Convention and/or 1967 Protocol relating to the Status of Refugees, HCR/GIP/09/08, an 22 Nollaig 2009](#)



Iarscríbhinní

Is é cuspóir na n-iarscríbhinní seo a leanas **tacú le measúnóirí le moltaí** maidir le gnéithe a d'fhéadfaí a scrúdú le linn an phróisis measúnaithe aoise. Is samplaí iad na ceisteanna a chuirtear ar fáil. Níl siad **saintreorach** agus níor cheart **iad a léamh os ard ná a chur i bhfeidhm go meicniúil**. Tá coinne leis go ndéanfaidh measúnóirí **a mbreithiúnas gairmiúil agus a saineolas gairmiúil a fheidhmiú** agus na moltaí a rinneadh á n-úsáid acu. Tá na ceisteanna samplacha atá beartaithe le cur in oiriúint do riachtanais na mBallstát. D'fhéadfadh sé nach mbeidís ábhartha i ngach cás agus, dá bhrí sin, ba cheart na ceisteanna a roghnú agus a úsáid ar bhonn cás ar chás chun ábharthacht a chinntiú.

Iarscríbhinn 1 – An t-agallamh um measúnú aoise

Is treoircheistneoir é an t-agallamh um measúnú aoise ⁽¹¹⁵⁾ ina n-úsáidtear ceisteanna oscailte chun plé a chumasú agus a spreagadh mar aon le cur chuige atá dírithe ar an leanbh agus a thacaíonn leis an bhféidearthacht a bhaineann le léiriú agus cumarsáid éifeachtach i gcomhréir le forbairt shícifhisiceach an duine. Ba cheart an t-agallamh a dhéanamh i spás tiomnaithe lena gcinntítear príobháideachas agus rúndacht. Ba cheart cur chuige atá oiriúnach do leanaí a leanúint agus ba cheart é a dhéanamh i gcónaí agus idirghabhálaí cultúrtha agus ateangaire i láthair. Ba cheart ceisteanna a chur ar bhealach oscailte, neamhbhreithiúnach agus neodrach. Le gach ceist, ba cheart dóthain ama a thabhairt chun freagairt a fhoirmiú agus níor cheart ceisteanna a chur i stíl imscrúdaitheach. Le ceisteanna i ndiaidh a chéile, ba cheart forbairt rannpháirtíochta an agallaimh a leanúint. Tá sé sin tábhachtach chun amlíne chróineolaíoch d'imeachtaí shuntasacha saoil an duine aonair a chur le chéile leis an iarratasóir ar mhaithe le meastachán a dhéanamh ar a aois.

D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist leis sin.

- Teicnící atá bunaithe ar 'cheisteanna faoin tréimhse roimh an imeacht agus ina dhiaidh' – ar a dtugtar 'ceisteanna ceapaire' freisin – arb é is aidhm dóibh dhá imeacht atá ar eolas a shainiú, ceann a tharla roimh dháta breithe an iarratasóra agus ceann ina dhiaidh sin, chun tacú leis an bpróiseas triantánaithe.
- Agallaimh le baill teaghlaigh nó le baill den phobal (nuair is féidir) a bhfuil aithne acu ar an iarratasóir, chun neastachán a dhéanamh ar an dáta breithe trí imeachtaí a dhaingniú in amlíne chróineolaíoch. Sa chás sin, tá sé tábhachtach leanúint ar aghaidh go cúramach toisc go bhféadfaí faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a chur ar fáil ar chúiseanna éagsúla, cuir i gcás, chun a chur ina luí ar an údarás gur mionaoiseach é an duine atá i gceist fiú más duine fásta é ⁽¹¹⁶⁾ nó chun dochar féideartha a dhéanamh do leasanna an linbh. Ba cheart don duine arb údar imní é toiliú a thabhairt. Tá sé tábhachtach freisin a bheith cúramach gan an duine a nochtadh in idirghníomhaíochtaí sóisialta.

⁽¹¹⁵⁾ Is modh bailithe sonraí cáilíochtúil é an treoircheistneoir ina gcomhcheanglaítear gnéithe d'agallaimh struchtúrtha agus neamhstruchtúrtha araon. Is éard atá i gceist leis sraith ullmhaithe ceisteanna oscailte, agus solúbthacht á tabhairt ag an am céanna don agallóir chun topaicí nua a thagann chun cinn le linn an chomhrá a fhiosrú.

⁽¹¹⁶⁾ Féach freisin an [bosca breithnithe praiticiúla](#) ina ndírítear ar gháinneáil ar dhaoine agus ar phósadh leanaí.





- Féilirí d'imeachtaí 'áitiúla' a fhorbairt agus a úsáid (féilire saincheaptha ina soláthraítear dátaí d'imeachtaí suntasacha do limistéar geografach ar leith) chun cabhrú leis na measúnóirí agus chun tacú leis an iarratasóir cuimhneamh orthu. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go mbeadh na daoine a dhéanann measúnú aoise ar an eolas faoi bhunadh an iarratasóra agus faoi na cineálacha éagsúla féilirí a úsáidtear ina réigiún (e.g. na féilirí [Hiondúcha](#), [Hijri/Ioslamacha](#), [Búdaíocha](#), [Iaránacha/Jalali](#), [Aetópacha/Ge'ez](#), agus [Igbo](#)).

Nuair is féidir, is féidir toradh níos iontaofa a fháil trí bheirt mheasúnóirí a bheith ann agus torthaí na hamlíne nó an chuimhnimh ar an saol a chur i gcomparáid lena chéile. Braitheann cruinneas na dtorthaí ar thaithí, ar inniúlacht chultúrtha agus ar scileanna na measúnóirí.

Feabhsaítear sláine an phróisis agallaimh nuair a bhíonn measúnóirí neamhspleách ar an údarás cinntitheach atá freagrach as cinntí a dhéanamh faoi na hiarratasóirí.

D'fhéadfadh breathnú ar chuma fhisiceach (e.g. airde, forbairt, castacht) a bheith ina thoisic bhreise atá le breithniú agus measúnú á dhéanamh ar aois. Mar sin féin, níor cheart cuma fhisiceach a ualú níos mó ná mar tháscaire amháin, ós rud é gur táscaire é atá neamhiontaofa agus amhrasach ó thaobh dlí.





Réimsí Fiosrúcháin	Samplaí de cheisteanna (liosta neamh-uileghabhálach – le cur in oiriúint do chomhthéacs agus d’imthosca pearsanta an iarratasóra)
<p>Comhdhéanamh agus stair an teaghlaigh lena n-áirítear</p> <ul style="list-style-type: none"> • ord beireatais agus aoiseanna siblíní, • aoiseanna na dtuismitheoirí, • imeachtaí suntasacha saoil. 	<ul style="list-style-type: none"> • <i>An féidir leat do dháta breithe, nó an lá agus an bhliain a rugadh tú, a chur in iúl dom? Má bhraitheann sé sin deacair, an féidir leat a chur in iúl dom cad a chuala tú ó dhaoine eile faoin am, faoin séasúr nó faoin mbliain inar rugadh tú?</i> • <i>Cé hiad na daoine i do dhlúththeaghlach, is é sin na daoine a raibh tú i do chónaí leo roimhe seo (e.g. tuismitheoirí, siblíní, seantuismitheoirí nó gaolta eile)?</i> • <i>Cé mhéad siblín atá agat? An bhfuil siad níos sine nó níos óige ná tusa? Inis dom faoin difríocht aoise idir tú féin agus do shiblíní.</i> • <i>An bhfuil a fhios agat cén aois a bhí do thuismitheoirí nuair a rugadh thú? Cén aois a bheidís anois?</i> • <i>An cuimhin leat aon cheiliúradh/imeacht teaghlaigh, mar shampla breith siblíní nó col ceathracha nó garghaolta, pósadh dlúthdhuine den teaghlach nó bás duine éigin? Cén aois a bhí tú nuair a tharla na rudaí sin? Cén bhliain a bhí ann?</i> • <i>Ar inis do theaghlach scéalta duit riamh faoi do bhlianta luathóige, mar shampla nuair a thosaigh tú ag siúl, nuair a dúirt tú do chéad fhocal, nuair a thosaigh tú ar an réamhscoil agus ar an mbunscoil, nuair a chaill tú do chéad fhiacail, etc.? Mínigh/roinn an méid is cuimhin leat ⁽¹¹⁷⁾.</i> • <i>An féidir leat a mhíniú conas is eol duit nó conas is cuimhin leat an bhliain/an mhí/an dáta cruinn (maidir le cuid de na himeachtaí/clocha míle thuasluaite) chomh maith sin? An raibh aon rud ag tarlú a chuidíonn leat cuimhneamh air?</i>

⁽¹¹⁷⁾ Ba cheart a bheith cúramach agus an cheist seo á cur, toisc go bhféadfadh leochaileachtaí nó anacair mhothúcháin ar leith teacht chun cinn dá barr.



Eispéiris aonair eile.
 Na chéad fhreagrachtaí
 sa bhaile lena
 n-áirítear obair íoctha.
 Athruithe suntasacha ar
 an saol nó gluaiseachtaí
 suntasacha saoil.
 Saincheisteanna sláinte.

- *Cén aois a bhí tú nuair a thosaigh tú do chéad phost íoctha? An ndearna tú aon obair eile roimhe sin, mar shampla, a bheith ag obair ar fheirm do theaghlach, etc.?*
- *Ar bhog tú riamh le do theaghlach chuig teach, réigiún, tír eile? An cuimhin leat cén aois a bhí tú?*
- *An cuimhin leat an bhliain agus an mhí nuair a d'fhág tú do thír bhaile? Cé chomh fada ó shin a bhí sé, agus cén aois a bhí tú?*
- *Ar fhan tú in aon cheann de na tíortha a ndeachaigh tú tríd sular tháinig tú anseo? An féidir leat cuimhneamh ar cá fhad a d'fhan tú ann?*
- *An raibh aon duine fásta, siblí níos sine nó baill teaghlach nó cairde eile ann a thaistil leat agus ar féidir leo cabhrú le d'aois a shoiléiriú? An féidir teagmháil a dhéanamh leo?*
- *An raibh aon fhadhb leighis agat riamh i do shaol, amhail obráidí nó galair eile? An cuimhin leat an cineál galair agus an bhliain nó cén aois a bhí tú?*
- *An féidir leat a mhíniú conas is eol duit an bhliain/an mhí/an dáta cruinn agus conas is cuimhin leat é sin chomh maith sin? An raibh aon rud eile ag tarlú le linn an ama sin a chabhraíonn leat cuimhneamh air (e.g. fadhb leighis áirithe, an bhliain dheireanach de phaindéim COVID-19, cluiche peile de Chorn an Domhain, etc.)?*
- *An bhfuil tú vacsaínithe? An bhfuil aon doiciméad sláinte i do sheilbh agat cosúil le cárta vacsaínithe nó taifid leighis?*
- *Dúirt tú gur thaistil tú trí thíortha eile agus gur fhan tú i gcuid acu le tamall anuas. An féidir leat cuimhneamh ar cá fhad a d'fhan tú sa champa dídeanaithe /i dtír X sular bhog tú ar aghaidh?*



Oideachas.

Aois nuair a thosaigh sé/ sí ar scoil.

Dul chun cinn trí na gráid. Imeachtaí scoile a bhfuil cuimhne orthu.

- An raibh deis agat riamh dul ar scoil?
- Cén aois a bhí tú nuair a thosaigh tú ar scoil den chéad uair?
- An féidir leat cuimhneamh ar an mbliain ar thosaigh tú?
- Nuair a thosaigh tú ag obair chun cabhrú le do theaghlach, an raibh tú fós in ann dul ar scoil? Cén grád ina raibh tú ag an am sin?
- Cé mhéad bliain den scolaíocht a chuir tú i gcrích? An raibh ort riamh aon cheann de na gráid a athdhéanamh? Má bhí, cad iad?
- Ar stop tú riamh de bheith ag freastal ar scoil agus, má stop, cén chúis a bhí leis sin?
- Cad é an grád is airde atá críochnaithe agat go dtí seo?
- An cuimhin leat cén bhliain ar chríochnaigh tú an grád sin nó cé chomh fada ó shin a bhí sé sin?
- An féidir leat a mhíniú cén chaoi a bhfuil a fhios/ cuimhne agat ar an mbliain/mí/dáta cruinn sin chomh maith sin? An raibh aon rud ag tarlú a chuidíonn leat cuimhneamh air?

Clocha míle cultúrtha agus reiligiúnacha. Searmanais teachta in inmhe. Deasghnátha reiligiúnacha agus traidisiúnta.

- Cén aois a gcuireann daoine óga tús le freagrachtaí daoine fásta i do thír nó i do chultúr de ghnáth? An raibh tú fós i do phobal nuair a bhí tú an aois sin ⁽¹¹⁸⁾?
- An eagraíonn do phobal deasghnátha ionadachta chun a léiriú go bhfuil aosacht bainte amach ag duine éigin nó chun ceiliúradh a dhéanamh air sin? Is éard a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin athrú ar stíl gruaige, ar na héadaí a chaitheann tú, etc. Ar ghlac tú páirt i searmanas nó i ndeasghnáth den sórt sin agus an cuimhin leat cé chomh fada agus a bhí sé sin?
- Cén aois a thosaigh tú ag cleachtadh do chreidimh go gníomhach (e.g. troscadh)?
- Cathain a thosaigh tú ag freastal ar sheirbhísí reiligiúnacha go neamhspleách? Cén aois a bhí tú?
- An féidir leat a mhíniú cén chaoi a bhfuil a fhios/ cuimhne agat ar an mbliain/mí/dáta cruinn sin chomh maith sin? An raibh aon rud ag tarlú a chuidíonn leat cuimhneamh air?

⁽¹¹⁸⁾ Ba cheart a bheith cúramach agus an cheist seo á cur, toisc go bhféadfadh leochaileachtaí nó anacair mhothúcháin ar leith teacht chun cinn dá barr.



Imeachtaí stairiúla.
Ceiliúrtha náisiúnta,
laethanta
neamhspleáchais,
athruithe polaitiúla,
imeachtaí spóirt nó
cultúrtha.
Tubaistí nádúrtha, tuilte,
creathanna talún, gorta
nó ganntanas bia.
Coinbhleachtaí,
gluaiseachtaí nó easáitiú
dídeanaithe,
comhaontuithe síochána
nó sosanna cogaidh.

- *An bhfuil aon cheiliúradh mór/lá saoire náisiúnta a ndéanann tú féin agus do phobal ceiliúradh air i do thír thionscnaimh? An cuimhin leat cén aois a bhí tú nuair a ghlac tú páirt go deireanach i gceiliúradh den sórt sin?*
- *D'inis tú dúinn gur as tír X thú. An cuimhin leat aon toghchán nó athrú ar an rialtas nuair a bhí tú sa bhaile? Cén aois a bhí tú ag an am sin? Nó an cuimhin leat an bhliain inar tharla sé?*
- *An cuimhin leat aon imeacht mór spóirt, cosúil le cluiche nó comórtas peile cáiliúil a ndearna daoine ceiliúradh air? Cén aois a bhí tú ag an am sin? Cén bhliain inar tharla sé?*
- *Ar tharla tubaiste nádúrtha duit féin, do do phobal nó do réigiún riamh, amhail tuile, triomach, crith talún etc.? Cén aois a bhí tú ag an am sin? Nó an cuimhin leat an bhliain inar tharla sé?*
- *An raibh cogadh nó coinbhleacht i do réigiún nó i do thír a bhfuil cuimhne agat air nó ar inis daoine duit faoi? Cén aois a bhí tú?*
- *An raibh aon cheiliúradh nó cruinniú pobail ann nuair a tháinig deireadh leis an troid nó nuair a fógraíodh an tsíocháin? Cén aois a bhí tú ag an am sin?*

An t-agallamh a ullmhú – Leideanna do na measúnóirí ⁽¹¹⁹⁾

- Cuir tú féin ar an eolas faoi shonraí a bhaineann go sonrath le tír ar leith agus faoi COI ⁽¹²⁰⁾ roimh an agallamh. Teastaíonn eolas maith ó mheasúnóirí ar na héagsúlachtaí cultúrtha i bhforbairt fhisiciúil, oideachas, eispéiris saoil agus cleachtas traidisiún i réigiún/tír thionscnaimh an iarratasóra chun go mbeidh siad in ann aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna sonracha a thioctaidh chun cinn le linn an agallaimh.
- Sraitheanna ceistanna **a ullmhú roimh ré** atá curtha in oiriúint don chás aonair maidir le clocha míle cultúrtha agus reiligiúnacha agus imeachtaí stairiúla, agus iad a chur in oiriúint do chomhthéacs áitiúil, gnáthchleachtas agus cleachtas reiligiúnacha an iarratasóra ach do riachtanais sonracha eile a d'fhéadfadh a bheith aige freisin.
- A luaithe a iarrann na húdaráis fhreagracha measúnú aoise, déan socrú maidir le hateangaire a labhraíonn teanga nó canúint an iarratasóra agus, i gcás inar féidir, idirghabhálaí cultúrtha atá oile sna cineálacha sin agallamh, chun cúnaimh a thabhairt le linn an agallaimh chun cuidiú leat tuiscint níos fearr a fháil ar an gcomhthéacs agus míthuiscintí a sheachaint.

⁽¹¹⁹⁾ BASW – An comhlachas gairmiúil um obair shóisialta agus oibríthe sóisialta, *Age Assessment: A Practice Guide*, 2023, <https://basw.co.uk/policy-and-practice/resources/age-assessment-basw-practice-guide>.

⁽¹²⁰⁾ Is féidir teacht ar COI ábhartha i [dTairseach na faisnéise faoin tír thionscnaimh EUAA](#) nó ag ecoi.net.





- **Féilire cuimsitheach d'imeachtaí** a chruthú a bhaineann le tír agus réigiún an duine.
- Suíomh compordach a eagrú (ina bhfuil bia, uisce, rochtain ar leithreas agus sosanna rialta, gach 1.5 uair an chloig ar a mhéad nó de réir mar is gá ag an iarratasóir, agus riachtanais speisialta á gcur san áireamh).
- An cruinniú a sceidealú ag brath ar an gcaomhnóir agus ar an gcomhairleoir dlí a bheith ar fáil.
- Freastal, nuair is féidir, ar roghanna inscne an iarratasóra maidir leis na gairmithe a bheidh páirteach sa mheasúnú.

An t-agallamh a dhéanamh – Leideanna do na measúnoirí

- **Mínigh** cuspóir an agallaimh, ról an ghairmí/na ngairmithe atá páirteach agus atá i láthair (lena n-áirítear an t-ateangaire nó an t-idirghabhálaí cultúrtha) agus na cúiseanna a bhfuil amhras ann faoin aois dhearbhaithhe.
- Cuir an t-iarratasóir ar an eolas maidir le fad an agallaimh agus maidir leis an bhféidearthacht go mbeadh gá le **seisiún iolracha**.
- Déan cros-seiceáil go tráthrialta ar **thuiscint** an iarratasóra ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil.
- Cuir roinnt ceisteanna ginearálta tosaigh agus cuir uisce ar fáil chun **atmaisféar níos suaimhní** a chruthú.
- Bain úsáid as **cur chuige croineolaíoch**, ach ní gá go mbeadh sé in ord seicheamhach. Bain úsáid as teicníc cheistiúcháin chiorclach, ina bpléitear arís topaicí áirithe chun **comhsheasmhacht a sheiceáil** agus ina dtugtar deis don iarratasóir aon neamhréireacht le linn an agallaimh a shoiléiriú. Mar shampla: *'Sílím go bhfuil sé curtha in iúl duit go bhfuil tú 17 mbliana d'aois anois agus gur thóg do thuras chun na tíre seo 2 bhliain. Ag pointe amháin inár bplé, dúirt tú go raibh tú 16 bliana d'aois nuair a d'fhág tú do thír féin. An bhféadfá é sin a mhíniú a thuilleadh?'*
- Iarr **foinsí na faisnéise**. Chuige sin, is féidir leat 'ceisteanna deimhnithe' a úsáid amhail *'Cén chaoi a bhfuil a fhios agat sin?'*, *'An féidir leat a mhíniú conas is cuimhin leat an bhliain/an mhí/an dáta cruinn sin chomh maith sin? An raibh aon rud ag tarlú a chuidíonn leat cuimhneamh air?'*
- Chun atrámú a sheachaint, ná déan mórphointí plé d'eispéiris thrámacha (e.g. iarratasóir a chonaic marú tuismitheora) san agallamh um measúnú aoise. Más rud é go roinnfear eispéireas den sórt sin le linn an agallaimh um measúnú den chéad uair, déan deimhin de go bhfuil rochtain ag an iarratasóir ar thacaíocht leantach i gcás inar gá.
- Cuimhnigh go n-athraíonn cuimhní ar imeachtaí roimhe seo bunaithe ar aois nó staid intinne an duine aonair, an uair a tharla an t-eispéireas agus cineál na n-imeachtaí. Mar shampla, d'fhéadfadh cuimhní suaiteacha nó trámacha an tuiscint ar am a shaobhadh: d'fhéadfaí cuimhneamh orthu mar chuimhní a mhaireann ar feadh tréimhse éiginnte nó, os a choinne sin, d'fhéadfadh sé gur ar éigean a chuimhnítear orthu. D'fhéadfadh sé go ndéanfaí imeachtaí lúcháireacha a thabhairt chun cuimhne go mionsonrach, agus go mbeadh an chuma orthu go bhfuil siad níos suntasaí anois ná mar a bhí siad ag an am.



- Coimeád nótaí mionsonraithe i scríbhinn nó taifeadtaí de na hagallaimh.
- Iarr aon chineál fianaise tacaíochta má tá sí ar fáil (e.g. pictiúir a roinn an t-iarratasóir dá dheoin féin ina léirítear ceiliúradh imeachtaí scoile nó teaghlaigh). Is féidir le doiciméid amhail taifid scoile, cártaí vacsaínithe teaghlaigh nó taifid leighis eile, fiú gan an aois a bheith iontu, faisnéis a sholáthar maidir le neas-aois an iarratasóra.
- Tabhair aird ar na nithe seo a leanas:
 - an leibhéal tuirse, imní, teannais san iarratasóir agus sna gairmithe atá páirteach sa mheasúnú;
 - stair shóisialta agus comhdhéanamh teaghlaigh (bí airdeallach ar chásanna cosúil le comhdhéanamh teaghlaigh polagamach ina bhféadfadh máithreacha nó aithreacha éagsúla a bheith ag siblíní, nó ar chomhshamhlú cultúrtha teaghlach sínte le teaghlaigh núicléacha);
 - oideachas, leibhéal neamhspleáchais agus féinchúram an iarratasóra (i.e. faisnéis a bhailiú faoi na cineálacha gníomhaíochtaí a raibh baint ag an duine leo sular tháinig sé chun na hEorpa);
 - d'fhéadfadh sé a bheith deacair cuimhneamh ar eispéiris saoil, imeachtaí suaiteacha agus trámacha a bhféadfadh sé go raibh tionchar acu ar an bpróiseas aosaithe, nó d'fhéadfadh sé sin a bheith ina chúis le tuilleadh tráma.
- Bain úsáid as ceisteanna oscailte agus seachain foirmlíú ceisteach nó fiosrúcháinach.
- Tabhair deis don iarratasóir ceisteanna a shoiléiriú agus/nó neamhréireachtaí ina chuid freagraí a shoiléiriú.

Deireadh a chur leis an agallamh – Breithnithe do na measúnóirí

- Cuir deireadh leis an agallamh ar bhealach a fhágann go mbraitheann an t-iarratasóir go bhfuil éacht déanta aige agus mínigh na chéad chéimeanna eile sa phróiseas.
- Mura bhfuil na torthaí dochloíte nó má tá amhras ann go fóill tar éis phróiseas an agallaimh um measúnú aoise, is féidir leat leanúint de **shochar an amhrais** a chur i bhfeidhm maidir leis an duine a ndearnadh measúnú air.

Féilire d'imeachtaí – Teicníc

- Sainaithe cén cineál féilire a úsáidtear i gcultúr an iarratasóra agus cuir eolas air ⁽¹²⁾.
- Tabhair an féilire d'imeachtaí cothrom le dáta go tráthrialta leis an bhfaisnéis is déanaí atá ábhartha do réigiúin agus do chultúir éagsúla.
- Cruthaigh amlíne amhairc trí úsáid a bhaint as páipéar mór nó as uirlis dhigiteach nó as tábla.
- Cuir imeachtaí stairiúla atá ar eolas agus a bhaineann lena réigiún leis.
- Sainaithe clocha míle cultúrtha agus reiligiúnacha an iarratasóra agus cuir eolas orthu.

⁽¹²⁾ Tá tuilleadh eolais le fáil in Longstaff, A., [Calendars-from-around-the-world](#), 2005.



- Cuir marc le himeachtaí pearsanta suntasacha atá luaite ag an iarratasóir agus cuir isteach an bhliain atá le húsáid mar thagairt. Is féidir leat an amlíne a líonadh i gcomhar leis an iarratasóir (trí úsáid a bhaint as uirlisí amhail, mar shampla, Léarscáileanna Saoil ⁽¹²²⁾).
- Bain úsáid as dathchódú le haghaidh cineálacha imeachtaí ar leith (deimhnithe, freagairt dhébhríoch etc.).
- Sula gcuirfidh tú deireadh le bailiú na faisnéise atá nasctha leis an amlíne a mhéid a bhaineann sí le clocha míle agus imeachtaí áirithe, déan cros-seiceáil le feiceáil an bhfuil aon neamhréireacht shoiléir ann agus tabhair deis don iarratasóir soiléiriú/ceartú a dhéanamh.

Tábla 3. Sampla praiticiúilden teicníc ‘Féilire na n-imeachtaí’

An t-imeacht a roinn an t-iarratasóir	Nótaí tráchta ón measúnóir
An bhliain bhreithe a mhaítear: 2001.	Tá féilire na hAetóipe (Ge’ez) 7 mbliana ‘taobh thiar’ den fhéilire Ghréagóra a úsáidtear sa chuid is mó den domhan. Dá bhrí sin, is dócha gur rugadh an t-iarratasóir in 2008.
Ceiliúradh an 13ú breithlá san Éigipt le cara in 2014 nuair a toghadh an Príomh-Aire Abiy Ahmed.	Toghadh Abiy in 2021 (agus na blianta á ríomh trí úsáid a bhaint as féilire Ghréagóra); dheimhneofaí leis an gceiliúradh ar an 13ú breithlá a thug an t-iarratasóir chun cuimhne go bhféadfadh an t-iarratasóir a bheith 16 bliana d’aois in 2024.

Tuairim a cheapadh

Déanann an measúnóir/na measúnóirí an fhaisnéis a fhaightear ón iarratasóir a thriantánú le himeachtaí atá ar eolas agus déanann sé/siad breithniú ar thosca cultúrtha a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar bhraistint aoise nó ar thabhairt chun cuimhne imeachtaí.

- Tar éis fianaise a bhailiú, lena n-áirítear ábhar le haghaidh an agallaimh agus foinsí eile faisnéise agus breathnóireachta, ba cheart don mheasúnóir/do na measúnóirí staidéar a dhéanamh ar chomhsheasmhacht na hamlíne agus contrárthachtaí a shainaithint, más ann dóibh. Má tá neamhréireachtaí soiléire ann, tá sé fíor-riachtanach a chinneadh go cúramach cén fhianaise a bhfuil níos mó tábhachta ag baint léi agus míniú a thabhairt ar na cúiseanna a bhaineann le tosaíocht a thabhairt do ghnéithe áirithe. Is éard atá i gceist leis an bpróiseas sin, ar a dtugtar ‘**an fhianaise a mheas**’ gnéithe éagsúla a chothromú, agus breithniú a dhéanamh ar pheirspictíocht amháin i gcomparáid le peirspictíocht eile. Príomhghné de mheasúnú aoise a dhoiciméadú is ea idirdhealú soiléir a dhéanamh idir an fhianaise féin agus a léirmhíniú, rud a chinntíonn go ndéantar **fórais** a dheighilt ó **thuairimí**.

⁽¹²²⁾ Féach mar shampla [Life Maps | Leeds Protecting Children Partnership](#).





Dea-chleachtas – an cruinniú ‘faoina bhfuil beartaithe’ ⁽¹²³⁾

Tar éis dóibh teacht ar chonclúid tosaigh faoi aois an iarratasóra, beidh cruinniú ‘faoina bhfuil beartaithe’ ag na measúnóirí leis an iarratasóir, leis an gcaomhnóir agus, nuair is infheidhme, leis an gcomhairleoir dlí, agus an cuspóir seo a leanas leis:

- an chonclúid eatramhach maidir leis an aois mheasúnaithe a chur i láthair;
- ligean don iarratasóir freagra a thabhairt, go háirithe má tá an chonclúid contrártha leis an méid a raibh coinne leis;
- a chinntiú nach ndearnadh aon fhaisnéis a mhíthuisceant, nach ndearnadh léirmhíniú mícheart ar aon fhaisnéis ná nach ndearnadh neamhaird ar aon fhaisnéis;
- deis a thabhairt don iarratasóir aon sonraí suntasacha breise a roinnt.

Déanann na measúnóirí ionchur an duine óig a mheas go cúramach agus déanann siad an measúnú a choigeartú má thagann faisnéis nua chun cinn. Ní hamháin gur céim phraiticiúil é an cruinniú sin chun sonraí nua a fhíorú agus chun bheith oscailte do shonraí nua ach is cosaint dhlíthiúil é freisin. I gcásanna nach raibh cruinniú den sórt sin ann, d'éirigh le hathbhreithnithe breithiúnacha ina ndearnadh agóid in aghaidh measúnuithe aoise.

An tuairim maidir leis an tuarascáil mheasúnachta, arna foirmliú agus a bheidh le roinnt leis an údarás cinntitheach, ba cheart na nithe seo a leanas a bheith inti:

- achoimre ar na gníomhaíochtaí ullmhúcháin a rinneadh chun agallamh fóinteach leis an iarratasóir a chinntiú;
- dáta, suíomh, leagan amach agus amlíne na n-idirghníomhaíochtaí leis an duine óg (ón gcur in aithne go dtí deireadh an mheasúnaithe aoise);
- an tacaíocht a cuireadh ar fáil don iarratasóir roimh an agallamh um measúnú aoise, lena linn agus ina dhiaidh;
- an modh/an fhormaid a úsáideadh chun measúnú a dhéanamh ar aois, mar aon le lamhálacha earráide agus an chaoi ar cuireadh i bhfeidhm iad;
- ainm /uimhir aitheantais agus ról/saineolas an ghairmí cháilithe/na ngairmithe cáilithe a bhí páirteach agus aon duine eile a bhí i láthair (e.g. ateangaire nó idirghabhálaí cultúrtha);
- na foinsí faisnéise a úsáideadh chun measúnú a dhéanamh ar aois (tuarascálacha COI, ráitis eile etc.);
- an fhianaise a bailíodh agus an fáth agus an chaoi a ndearnadh í a mheas;
- an chaoi a ndearnadh measúnú agus breithniú ar leas an linbh;
- achoimre ar na fíorais agus ar na barúlacha agus míniú ar an gcaoi ar úsáideadh iad chun an tuairim maidir leis an tuarascáil mheasúnachta a fhoirmliú;
- síniú gach duine de na measúnóirí, agus léiriú ar an aois / dáta breithe measta.

⁽¹²³⁾ BASW – An comhlachas gairmiúil um obair shóisialta agus oibríthe sóisialta, *Age Assessment: A Practice Guide, 2023*, <https://basw.co.uk/policy-and-practice/resources/age-assessment-basw-practice-guide>.



Má tá na torthaí soiléir, má tá comhdhearcadh i measc na measúnóirí agus má chuirtear deireadh leis an amhras ar fad, cuirtear deireadh leis an measúnú aoise agus eisítear cinneadh. Má tá **amhras ann fós, leanann tarchur chuig an gcéad mhodh neamhleighis eile.**

Ba cheart an réasúnaíocht leis na moltaí a dhéantar agus leis an tuairim arna foirmlíú sa tuarascáil a bheith soiléir agus ba cheart don chaomhnóir agus do phríomhpháirtithe leasmhara eile amhail breithiúna iad a leanúint freisin.

Gheobhaidh an t-iarratasóir an cinneadh i scríbhinn. Áireofar ann faisnéis maidir le hachomharc de réir an chreata náisiúnta agus faisnéis maidir leis na chéad chéimeanna eile.

Ní mór an doiciméadacht ábhartha a shábháil i gcomhad an iarratasóra agus a roinnt leis an duine lárnach den phainéal measúnóirí (más ann dó) chun cur in iúl an chinnidh leis an iarratasóir/leis an gcaomhnóir agus le húdaráis ábhartha eile a chomhordú. Ba cheart rochtain a bheith ag an gcaomhnóir ar an gcomhad.





Iarscríbhinn 2 – Measúnú síceasóisialta

Déantar tagairt in Airteagal 25(1) RCI don mheasúnú síceasóisialta. D'fhéadfaí a áireamh i measúnú den sórt sin ceisteanna cosúil leis na ceisteanna a léirítear thuas faoi [Iarscríbhinn 1: Agallamh um measúnú aoise](#). Mar sin féin, déantar scrúdú níos doimhne chun tuiscint a fháil ar thosca breise riosca agus cosanta a bhaineann le forbairt an iarratasóra a bhfuil measúnú á dhéanamh air.

Is féidir sonraí déimeagrafacha áirithe, má tá siad ar fáil, a dheimhniú trí roinnt ceisteanna neamhbhalbha a chur. In aon chás, níor cheart don duine a dhéanann an measúnú síceasóisialta ceisteanna a chur a bhfuil faisnéis ar fáil cheana féin ina leith. Moltar cros-seiceáil a dhéanamh leis na sonraí déimeagrafacha atá ar fáil mar réamhchleachtadh agus an t-am a úsáid chun caidreamh a chothú, mar shampla: *'Feicim gur as X thú agus gur tháinig tú anseo cúpla seachtain ó shin. An bhfuil sé sin ceart?'*, *'Ar éirigh leat cheana eolas a chur ar an áit píosa beag?'*

Seo thíos teimpléad samplach le haghaidh treoraíocht maidir leis an méid a d'fhéadfadh a bheith tábhachtach a chumhdach

Dáta an mheasúnaithe	
Am istigh /Am amuigh	
Uimhir mheasúnaithe	
Ainm/ainmneacha an mheasúnóra/na measúnóirí	
Ainm/sonraí teagmhála/cód an ateangaire (más infheidhme)	
Ainm/sonraí teagmhála an chaomhnóra (shealadaigh) nó an duine fásta atá freagrach	
Ainm/sonraí teagmhála aon duine eile atá i láthair (e.g. idirghabhálaí cultúrtha, gaolta)	





Réimsí fiosrúcháin	
Ainm agus sloinne an duine. Fiafraigh an bhfuil leasainm orthu freisin.	
Áit chónaithe reatha	
Uimhir aitheantais	
Inscne	F/B/T
An dáta breithe /an aois dhearbhaithe	
Reiligiún/creideamh	
Máthairtheanga	
Teangacha eile a labhraítear	
Cumas léamh/scríobh in aon cheann de na teangacha	Tá/níl Má tá, sonraigh é:
Náisiúntacht/eitneachas/ treibh	
Áit bhreithe (cathair/sráidbhaile/ réigiún)	
Gan stát	Tá/níl
Blianta oideachais fhoirmiúil atá curtha i gcrích	
Aon doiciméad atá ar fáil (doiciméad bunaidh agus/nó cóip de) is féidir a aisghabháil chun cuidiú le meastachán a dhéanamh ar an aois.	<ul style="list-style-type: none"> • Teastas breithe • Pas • Cárta aitheantais • Tuarascálacha scoile nó a leithéid • Doiciméad baiste /doiciméid reiligiúnacha eile ina léirítear an t-ainm agus an aois • Doiciméid a bhaineann leis an tsláinte (tuarascálacha leighis /cártaí vacsaíne etc.) • Eile (sonraigh)
Aon doiciméad nach bhfuil ar fáil tráth an mheasúnaithe aoise, ach is féidir a fháil agus a chur isteach tráth níos déanaí ⁽¹²⁴⁾ .	<ul style="list-style-type: none"> • Mar an gcéanna leis an ról thuas.

⁽¹²⁴⁾ Ba cheart a chur in iúl don iarratasóir le linn chéim an tsoláthair faisnéise gur cheart dó aon doiciméadacht úsáideach a sholáthar a d'fhéadfadh tacú le haon mhaíomh a dhéantar, lena n-áirítear a mhéid bhaineann sí le haois.





- Comhdhéanamh teaghlaigh agus ceisteanna samplacha a bhaineann leis an stair shóisialta

Ainm na dtuismitheoirí.	
Aois (mheasta) na beirte tuismitheoirí.	
Stádas sibhialta na dtuismitheoirí fola.	<ul style="list-style-type: none">• Neamhphósta• Pósta• Colscartha• Scartha• Athphósta• Baintreach• Éagtha
Tuismitheoirí, siblíní agus an áit a bhfuil siad.	<p>Cruthaigh amlíne leis an líon siblíní a chuireann an t-iarratasóir in iúl agus féach ar an suíomh ina gcuirtear an t-iarratasóir san ord (e.g. an chéad leanbh, an leanbh deireanach nó an leanbh sa lár).</p> <p>Tarraing craobh ghinealaigh shiombalach, lena n-áirítear aoiseanna na ndaoine suntasacha a luann an t-iarratasóir (e.g. tuismitheoirí, siblíní, seanmháthair, aintín, uncail), chun cuidiú le hamlíne a chruthú agus forléargas a thabhairt ar chomhdhéanamh teaghlaigh. Fiafraigh an bhfuil an mháthair agus/nó an t-athair céanna ag gach siblín, an raibh duine de na tuismitheoirí pósta níos mó ná uair amháin (mar shampla, mná céile iolracha), agus cá bhfuil na baill teaghlaigh lonnaithe faoi láthair.</p> <p>Is féidir an cur chuige sin a úsáid freisin chun a chinneadh an raibh an t-iarratasóir ina chónaí le haon duine de na daoine thuasluaite sular fhág sé an tír thionscnaimh.</p>
Pósadh/caidreamh an iarratasóra.	Rud atá tábhachtach, aon tagairt do phósadh linbh /do phósadh éigeantais agus do leanaí cleithiúnacha d'fhéadfadh a bheith ag an iarratasóir a dhoiciméadú (lena n-áirítear toircheas i measc déagóirí i gcás cailíní).





Oideachas, obair agus/nó dualgais eile.

Topaicí atá le cumhdach sa mheasúnú:

- an bhliain inar thosaigh an t-iarratasóir ar oideachas foirmiúil (lena n-áirítear scoileanna reiligiúnacha);
- ainmneacha agus suíomhanna na scoileanna ar fhreastail sé orthu;
- ainmneacha na múinteoirí;
- cé mhéad grád ar fhreastail an t-iarratasóir orthu;
- an t-achar idir an scoil agus an baile;
- na hábhair is fearr leis agus, i gcás inar fhág an t-iarratasóir an scoil go luath:
 - tabhair mionsonraí faoi chúiseanna sonracha leis an luathfhágáil (e.g. chun cur le hioncam an teaghlaigh);
 - aois an iarratasóra agus nuair a d'fhág sé an scoil.
- má bhí an t-iarratasóir ag gabháil do mhiontrádáil, d'obair feirme, d'obair tí, ag tabhairt aire do shiblíní níos óige, d'obair eile agus é fós ar scoil.

Is féidir an fhaisnéis sin a úsáid chun amlíne a chruthú agus léargas a thabhairt ag an am céanna chun forbairt an iarratasóra a chinneadh agus chun a chinneadh cén fáth a bhféadfadh cuma níos sine a bheith ar leanbh ná an aois chroineolaíoch atá aige, e.g. mar gheall ar ghlacadh luath le freagrachtaí móra.





Leid phraiticiúil

I gcásanna ina bhféadfadh pósadh leanaí /toircheas i measc déagóirí a bheith i gceist, ní mór aghaidh a thabhairt ar riachtanais bhreise chosanta nó ar riachtanais a bhaineann le cúram sláinte (cleithiúnaithe san áireamh).

Ceisteanna samplacha: *‘An féidir liom a fhiafraí díot an bhfuil clann agat cheana féin?’*, *‘An athair/máthair thú féin cheana féin?’* Más ea – *‘An bhfuil a fhios agat cá bhfuil d’fhear céile/do bhean chéile nó do pháirtí faoi láthair? An bhfuil do leanbh in éineacht leat nó an bhfuil duine éigin eile ag cabhrú leat aire a thabhairt don leanbh?’*.

I gcás iarratasóir baineann, lean ar aghaidh leis na ceisteanna thíos agus fóraigh go hachomair an bhfuil aon riachtanas breise práinneach eile a d’fhéadfadh a bheith ann ina leith sin.

‘An féidir liom a fhiafraí díot an raibh tú torrach roimhe seo nó an bhfuil tú torrach faoi láthair? Más amhlaidh atá, an bhfaca tú dochtúir cheana féin chun do shláinte /sláinte do linbh a sheiceáil?’

Is féidir é a bheith an-íogair ceist a chur ar mhná/ar chailíní faoi pósadh agus faoi thoircheas. D’fhéadfadh sé gur tharla an caidreamh agus/nó an toircheas gan toiliú an duine (e.g. pósadh éigeantais /toircheas mar thoradh ar theacht i dtír gnéasach nó ar fhoréigean gnéasach). Dá bhrí sin, ní mór don mheasúnóir a chuireann ceisteanna den sórt sin a bheith ar an eolas faoi íogaireacht an ábhair agus, sula dtosaíonn sé ag plé riachtanais fhéideartha ar bhealach níos mionsonraithe, ní mór dó a chinntiú go bhfuil roghanna maidir le tarchur le haghaidh cúram leighis agus tacaíocht shíceasóisialta inrochtana.

I gcás tarchuir, mínigh don iarratasóir agus don chaomhnóir na cúiseanna a bhfuil an tarchur sin tairbheach agus riachtanach. Cuir i dtábhacht go ndéileálfar leis an bhfaisnéis a roinntear go rúnda. Cuimhnigh go bhfuil toiliú le fáil sula ndéanfar an tarchur.



- Ceisteanna samplacha a bhaineann le **turas** an iarratasóra chun cabhrú le hamlíne a chruthú

Faisnéis faoin turas agus faoin tsláinte.

An féidir leat a mhíniú dom cén fáth ar chinn tú ar do thír féin a fhágáil?

An cuimhin leat cathain (bliain/mí/séasúr) a d'fhág tú do thír bhaile?

Cad í an chéad tír ar bhog tú chuici?

An cuimhin leat na tíortha agus/nó na réigiúin a ndeachaigh tú tríothu sular shroich tú an tír seo (más infheidhme)?

Cén príomh-mhodh iompair a bhí agat? Bus, carr, siúl, bád, eitleán, modhanna éagsúla?

Ar stop tú in aon cheann de na tíortha sin (i gcás inarb infheidhme) ar feadh tréimhsí níos faide? Má stop, an féidir leat a chur in iúl dom cá fhad a d'fhan tú i ngach ceann de na tíortha agus cad a rinne tú ansin?99

Ar thaistil tú an bealach ar fad leat féin, le do theaghlach nó le grúpa?

Conas a d'éirigh leat tú féin a chothú le linn an turais? An raibh tú ag obair? Cá fhad?

Ar chabhraigh duine ar bith leat íoc as an turas? Conas a d'íoc tú as d'iompar?

Ar tharla aon eachtra speisialta nuair a d'fhág tú do thír féin agus sna tíortha a ndeachaigh tú tríothu – mar shampla, an fóimhar, féilte, Ramadan, aimsir is dual do shéasúr áirithe, toghchán nó tubaiste nádúrtha?





Leid phraiticiúil

Má shainnítear táscairí maidir le dúshaothrú féideartha agus gáinneáil fhéideartha ar dhaoine le linn an mheasúnaithe shíceasóisialta, féadfaidh tú na ceisteanna thíos a chur chun tuilleadh a fhoghlaim faoi na himthosca, faoin gcaoi ar éirigh leis an leanbh toimhdithe a thuras agus an staid reatha ina bhfuil sé.

Samplaí de cheisteanna: *‘An féidir liom a fhiafraí díot conas a d’eagraigh tú do thuras?’; ‘An raibh ort airgead a fháil ar iasacht ó dhuine nó an bhfuil airgead le híoc agat le duine ar bith as do thuras?’; ‘Nuair a tháinig tú anseo, an raibh tú ag súil le bualadh le duine éigin chun cabhrú leat socrú?’; ‘Ar gheall aon duine go mbeidh obair ar fáil duit nó ar thug aon duine fón nó uimhir theileafóin duit le glaoch nuair a tháinig tú?’; ‘Cén plan a bhí agat nuair a bhain tú an áit seo amach i dtaobh fanacht sa tír?’; ‘An bhfuil aithne agat ar aon duine anseo? Cén duine a raibh sé ar intinn agat a bheith i do chónaí leis?’; ‘An bhfuil aon duine ag coinneáil aon cheann de do pháipéir ar do shon amhail cárta aitheantais, pas nó doiciméid eile, nó ar thóg aon duine doiciméid den sórt sin uait?’; ‘Ar iarr aon duine ort oibriú nó gníomhaíochtaí eile a dhéanamh ós rud é go bhfuil tú anseo – lena n-áirítear gníomhaíochtaí/obair nach mbraitheann tú compordach a dhéanamh?’*

I gcásanna tatúnna **infheicthe** (nár cheart a mheascadh suas le tatúnna treibhe), cuir roinnt ceisteanna ar an iarratasóir fúthu. **Ná spreag daoine chun éadaí a bhaint chun na tatúnna a thaispeáint.** Go ginearálta, d’fhéadfadh tatúnna léargas nó léiriú éigin a thabhairt atá nasctha le húinéireacht (sclábhaíocht/gáinneáil) nó a bhaineann le bheith páirteach i ndronganna/mílístí áirithe.

Má shainnítear táscairí ina leith sin, beidh ort an t-iarratasóir a tharchur chuig na húdaráis fhreagracha chun a shoiléiriú an bhfuil an duine ina íospartach de gháinneáil ar dhaoine go deimhin, chun cosaint a chinntiú agus chun an baol go bhféadfaí dúshaothrú leanúnach a dhéanamh air a laghdú/deireadh a chur leis. Ba cheart tarchur den sórt sin a phlé leis an gcaomhnóir. Ba cheart leas an linbh agus cosaint an linbh a bheith i gcoilár na mbreithnithe.

Samplaí de cheisteanna: *‘Thug mé faoi deara an tatú ar do ghéag; an bhfuil brí ar leith ag an tatú?’; ‘Cá fhad atá an tatú agat?’; ‘Cá bhfuair tú é /cé a rinne an tatú?’; ‘Ar roghnaigh tú féin an chúis leis nó ar thug aon duine comhairle/cabhair duit é a roghnú?’*





- **Gnéithe breise** nach mór a bheith ag faire amach dóibh le linn measúnú síceasóisialta (breathnóireacht ar **chuma fhisiceach / forbairt / teanga** etc.)

Breathnóireachtaí amháin

- **Cuma fhisiceach/stádas cothaitheach:** bocht (e.g. mílíteach, tanaí, murtallach) / sláintiúil (e.g. láidir, aclaí, meánach).
- **Sláinteachas pearsanta:** éadaí/gruaig/fiacla – néata nó ligthe i bhfaillí (agus imthosca maireachtála an iarratasóra á gcur san áireamh).
- **Gruaig/craiceann:** blagaid a bheith ag teacht ar fhear, gruaig i gcluasa/srón, gruaig aghaidhe, roic timpeall na súl/an bhéil/an éadain/an mhuiníl, aicne etc.
- **Eile:** lámha rocacha, úll na brád infheicthe (buachaillí le linn caithreachais), tatúnna infheicthe, coilm/gortuithe, polladh etc.
- **Guth agus stór focal a úsáidtear:** guth cosúil le leanaí, airde an ghutha, freagraí gearra/simplí a thabhairt, stór focal ilchasta, eolas ginearálta, ráitis neamhleanúnacha etc.
- **Cumarsáid neamhbhriathartha:** cúthail, imníoch, corraithe seachas a bheith measartha réchúiseach, ina shuí go díreach, agus breathnú iomchuí sa tsúil (agus cultúr á chur san áireamh); an bhfuil an t-iarratasóir ag stánadh/ag tabhairt súil fhiata, etc.?
- **Iompar:** indíríteach/eisdíríteach, doicheallach, seachantach, comhoibritheach, cúthail, etc.

Tabhair faoi deara. Is **breathnóireachtaí amháin** iad na nithe thuas. Ba cheart do na measúnóirí a bhreacadh síos an méid a d'fhéadfadh a bheith ábhartha chun cabhrú le meastachán a dhéanamh ar aois an iarratasóra mar aon le haon ábhar imní a bhaineann le leochaileachtaí trasnacha eile a d'fhéadfadh a bheith ann. Ní mór na gnéithe uile sin a dhoiciméadú agus d'fhéadfadh tarchur a bheith mar thoradh orthu i gcás inarb infheidhme (e.g. i gcás gáinneáil ar dhaoine, toircheas i measc déagóirí, etc.).





Pointe le cuimhneamh air

Níor cheart an measúnú aoise a bheith bunaithe go hiomlán ar chuma fhisiceach nó ar iompar an iarratasóra.

- D'fhéadfadh difríocht shuntasach a bheith idir an airde agus an chuma fhisiceach ag brath ar an áit arb as do dhuine, (e.g. tá baill de threibheanna Afracacha áirithe níos airde agus níos caoile ná an meán).
- D'fhéadfadh eispéiris saoil difear a dhéanamh don chaoi a gcuireann an t-iarratasóir é féin i láthair agus don chuma atá air. D'fhéadfadh sé go mbeadh cuma níos sine ar leanaí a raibh orthu aire a thabhairt dóibh féin ó aois óg, a raibh taithí acu ar theagmhais shuaiteacha lena n-áirítear tráma, agus/nó a rinne obair chrua fhisiciúil (lena n-áirítear an chuma fhisiceach atá orthu, an chaoi a labhraíonn siad agus an teanga a d'fhéadfaidís a úsáid). Os a choinne sin, d'fhéadfadh daoine eile dul ar gcúl i dtaca leis an gcaoí a n-iompraíonn siad iad féin, a labhraíonn siad agus a ngníomhaíonn siad.

Ba cheart bailiú táscairí a dhéantar a chur i gcomparáid agus a chomhtháthú lena chéile a bheith mar thoradh ar bhreathnóireacht. Ní hionann táscaire amháin agus amhras réasúnta.

Deireadh a chur leis an measúnú síceasóisialta

- Tabhair deis amháin eile don iarratasóir ceisteanna a chur /aon rud a roinn sé a shoiléiriú, sula gcuirtear deireadh leis an measúnú go hoifigiúil. Ag an bpointe ama sin, d'fhéadfaí tarchur chuig soláthraithe seirbhísí eile a phlé i gcás inar sainithníodh leochaileachtaí trasnacha / riachtanais shonracha. Iarr ar an iarratasóir toiliú a thabhairt chun é sin a dhéanamh.
- Cuir an t-iarratasóir ar an eolas faoi na chéad chéimeanna eile, mar a dhéantar sa sampla thíos.
 - *Chuir tú in iúl inniu go measann tú go bhfuil tú X bliain d'aois.*
 - *Déanfar anailís anois ar an bhfaisnéis uile atá roinnte agat. Gheobhaidh tú fógra i scríbhinn faoin gcinneadh maidir le d'aois laistigh de [X lá/seachtain, ag brath ar an tráthchlár náisiúnta]. Idir an dá linn, fanfaidh tú ag [sonraigh an socrú cóiríochta nó cúraim, e.g. saoráid ghlactha do leanaí/iarrthóirí ar thearmann], áit a leanfaidh tú de thacaíocht agus de chúnamh a fháil go dtí go ndéanfar an cinneadh.*

Anailís a dhéanamh agus an tuairim a fhoirmlíú

- Déanann an measúnóir/na measúnóirí tuairim a thabhairt chun críche agus a ullmhú, láithreach nó in am trátha (ag brath ar na himthosca). Ní mór do gach duine de na measúnóirí an tuairim a shíniú, más infheidhme, agus aois /dáta breithe an mheastacháin a léiriú.





- Má tá na torthaí soiléir, má tá comhdhearcadh i measc na measúnóirí agus **má chuirtear deireadh leis an amhras ar fad**, cuirtear deireadh leis an measúnú aoise agus eisítear cinneadh.
- Má tá amhras ann fós, **leanann tarchur chuig an gcéad mhodh neamhleighis eile.**

Ní mór an doiciméadacht ábhartha a shábháil i gcomhad an iarratasóra agus a roinnt leis an duine lárnach den phainéal measúnóirí (más ann dó) chun cur in iúl an chinnidh leis an iarratasóir/leis an gcaomhnóir agus le húdaráis ábhartha eile a chomhordú.



Iarscríbhinn 3 – Seicliostaí – Caighdeáin is infheidhme, Soláthar faisnéise, Cúram agus sábháilteacht



Na caighdeáin is infheidhme

Leagtar síos an méid seo a leanas i gcreataí dlíthiúla idirnáisiúnta agus i gcreataí dlíthiúla Eorpacha araon.

- Má chailítear iad, ní mór doiciméid lena bhfíoraítear an chéannacht a athbhunú.
- Breithnítear leas an iarratasóra ón tráth a bhí amhras ann go raibh iarratasóir faoi bhun 18 mbliana d’aois (mionaoiseach), le linn an mheasúnaithe, agus go dtí go gcruthófar a mhalairt le torthaí dochloíte.
- Cuirtear sochar an amhrais i bhfeidhm i gcás inarb infheidhme.
- Tá rochtain láithreach ag an iarratasóir ar chaomhnóir sealadach (scagadh) agus/nó ar chaomhnóir cáilithe, neamhspleách, a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an iarratasóra, a chosnaíonn folláine ghinearálta an iarratasóra agus a fheidhmíonn an inniúlacht dhlíthiúil ar fud na conaire tearmainn agus glactha.
- Tá soláthar faisnéise faighte ag an iarratasóir ar bhealach atá oiriúnach do leanaí, tuigeann agus deimhníonn an t-iarratasóir an fhaisnéis a thugtar. Bhí deis ag an iarratasóir soiléirithe a iarraidh agus ceisteanna a chur.
- Cuirtear comhairleoir dlí ar fáil.
- Fuair an t-iarratasóir faisnéis atá oiriúnach ó thaobh aoise de maidir leis an nós imeachta tearmainn i dteanga a thuigeann sé, lena n-áirítear faisnéis maidir leis an bpróiseas measúnaithe aoise i gcás inarb infheidhme.
- Sa nós imeachta tearmainn agus in aon phróiseas eile, an measúnú aoise san áireamh, is príomhphrionsabail iad an neamhchlaontacht, meas ar dhínt agus an neamh-idirdhealú nach mór seasamh leo
- Ghlac an t-iarratasóir páirt sa phróiseas agus éisteadh lena thuairimí agus breithníodh iad de réir aois agus aibíocht an duine.
- Faigheann an t-iarratasóir tacaíocht ón gcaomhnóir agus tugtar an deis dó toiliú páirt a ghlacadh sa phróiseas agus/nó diúltú páirt a ghlacadh ann. (féach [Iarscríbhinn 4 – Foirm thoilithe shamplach chun páirt a ghlacadh i measúnú aoise](#)).
- Nuair a thagann an aois laistigh den raon a chinneann na daoine a dhéanann an measúnú aoise, glactar le haois dhearbhaithe an iarratasóra. Seachas sin, ba cheart an aois is ísle (laistigh den raon) a roghnú mar thoradh air sin.
- Ba cheart an t-iarratasóir agus a chaomhnóir agus a chomhairleoir dlí a chur ar an eolas faoi amlínte agus módúlachtaí na mbealaí chun agóid a dhéanamh in aghaidh cinneadh maidir leis an aois mheasta i gcás inarb infheidhme.
- Cuirtear cúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce ar fáil chun rochtain ar leigheas éifeachtach a chinntiú i gcás inarb infheidhme.



- Is gairmithe atá cáilithe i réimse an mheasúnaithe ar aois agus atá ar an eolas faoi na saintréithe cultúrtha agus eitneacha a rinne an measúnú aoise.
- Tá rochtain láithreach ag an mionaoiseach ar ionad glactha tiomnaithe, go dtí go gcuirfear an nós imeachta um measúnú aoise i gcrích.
- Cuireadh an cur chuige ildisciplíneach agus cascáide i bhfeidhm: ba é sin an próiseas is lú ionracht (modhanna ildisciplíneacha a chur chun feidhme de réir a chéile), bhí an próiseas oiriúnach ó thaobh inscne agus cultúir de.





Faisnéis agus cur in aithne

Tá na gníomhartha agus na gnéithe seo a leanas le breithniú chun atmaisféar compordach a chruthú agus chun muinín agus comhoibriú a chothú. Tá na míreanna thíos ábhartha le linn aon cheann de mhodhanna an mheasúnaithe.

- Fáilte.** Tosaigh trína fhiafraí den iarratasóir conas atá sé, an bhfuil deoch uisce nó rud éigin ag teastáil uaidh, etc. chun dea-chaidreamh a chothú. Cuir na daoine go léir atá i láthair in aithne, lena n-áirítear ateangairí agus comhaltaí den phainéal, agus tabhair deis don iarratasóir agus dá chaomhnóir agus dá chomhairleoir dlí iad féin a chur in aithne.
- Cuspóir an mheasúnaithe aoise.** Míneigh cuspóir an mheasúnaithe i dtéarmaí simplí, agus béim á leagan ar an ngá atá le haois a fhíorú nuair atá amhras ann (e.g. easpa aitheantais nó doiciméid eile). Cuir an t-iarratasóir agus an caomhnóir ar an eolas faoi fhad measta an mheasúnaithe chun ionchais a bhainistiú.
- An t-agallamh um measúnú aoise/an próiseas measúnaithe a mhíniú.** Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a leanfar ar aghaidh leis an agallamh /leis an measúnú, go háirithe más rud é go mbeidh níos mó ná speisialtóir amháin i láthair (e.g. socrú painéil) agus tabhair míniú ar ról na ndaoine atá i láthair.
- Neamhspleáchas.** Cuir in iúl nach bhfuil an duine/na daoine a dhéanann an t-agallamh/an measúnú freagrach as cinntí maidir le tearmann nó stádas dlíthiúil, ná nach bhfuil baint aige/acu le forfheidhmiú an dlí. Ag brath ar an tír, d'fhéadfadh sé go mbeadh baint ag na daoine sin atá páirteach sa measúnú ar aois leis na húdaráis ghlactha agus/nó leis na húdaráis sláinte / na húdaráis leasa shóisialaigh agus cosanta leanaí. In aon chás, níor cheart aon choinbhleacht leasa a bheith ag na measúnóirí.
- Tuiscint a dheimhniú.** Iarr ar an iarratasóir a mhíniú cad a tharlóidh ina bhfocail féin agus míneigh gur féidir ceisteanna a chur nó sosanna a iarraidh tráth ar bith. Cuir am i leataobh chun deis a thabhairt don chaomhnóir agus don chomhairleoir dlí ceisteanna a chur nó soiléirithe a thabhairt.
- Rúndacht.** Cuir in iúl go bhfuil an duine/na daoine a dhéanann an t-agallamh/an measúnú faoi cheangal rúndachta.
- Toiliú a lorg.** Mura bhfuil sé déanta roimhe seo, faigh toiliú anois ón iarratasóir/ón gcaomhnóir sula dtéann tú ar aghaidh leis an agallamh/measúnú iarbhír, agus déan deimhin de go dtuigeann siad an próiseas sula síníonn siad an fhoirm toilithe. (féach [larscríbhinn 4 – Foirm thoilithe shamplach chun páirt a ghlacadh i measúnú aoise](#)).
- Doiciméadacht.** Soiléirigh an cuspóir a bhaineann le nótaí a ghlacadh/taifeadadh chun trédhearcacht a chinntiú.
- Cinneadh maidir leis an aois mheasta.** Cuir an t-iarratasóir/an caomhnóir ar an eolas faoin amlíne chun **litir chinnidh** a fháil agus mol dó an fógra /an litir chinnidh a chaomhnú in áit shábháilte agus inrochtana.





- Achomharc.** Cuir an t-iarratasóir/an caomhnóir ar an eolas faoi na roghanna maidir le conas achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh maidir leis an aois mheasta, agus an tráthchlár chun é sin a dhéanamh agus an cás ina mbaineann achomharc den sórt sin le hachomharc a dhéanamh in aghaidh cinneadh diúltach maidir leis an iarratas ar thearmann. Déan deimhin de go bhfuil a fhios ag an gcaomhnóir agus ag an iarratasóir conas rochtain a fháil ar chúnamh dlí saor in aisce agus ar ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce ionas go mbeidh siad in ann leigheas éifeachtach a lorg.
- Deireadh.** Cuir am i leataobh chun deis a thabhairt don iarratasóir, don chaomhnóir, don aeangaire agus do chomhaltaí an phainéil slán a fhágáil go measúil.



Cúram agus sábháilteacht

- Má tá amhras ort gur íospartach gáinneála ar dhaoine é an t-iarratasóir, moltar coinne leantach le speisialtóir.
- Má chaitheann an t-iarratasóir éadaí/bróga stróicthe, fiafraigh de go cineálta an bhfuil éadaí/bróga eile acu. Mura bhfuil, déan deimhin de go ndéantar iad a tharchur chuig duine ag an tsaoráid ghlactha a fhéadfaidh tacú leis an ábhar.
- Má tá boladh ón iarratasóir, féach an bhfuil a dhóthain gallúnaí agus uisce á cur ar fáil le haghaidh sláinteachas rialta san áit ina gcónaíonn an t-iarratasóir agus tarchuir chuig an gcomhghleacaí agus chuig an gcaomhnóir ábhartha (e.g. oibrí sóisialta nó comhordaitheoir an ionaid). Tá sé sin ábhartha go háirithe do chailíní a d'fhéadfadh a bheith tosaithe de bheith ag míostrú.
- Má tá cuma míchothaithe ar an iarratasóir agus/nó má tá cóir leighis de dhíth air, moltar é a tharchur chuig dochtúir teaghlaigh.
- Dá bhféadfadh amhras a bheith ann faoi thoircheas, cuir tús le tarchur i gcomhar leis an gcaomhnóir agus ar choinníoll gur thug an t-iarratasóir toiliú.

I gcás aon chineál eile riachtanas cosanta a shainaithnítear i dtéarmaí an tsocraithe tithíochta reatha, féach an bhféadfadh sé go mbeadh gá le tarchur chuig ionad dídine sábháilte.





Iarscríbhinn 4 – Foirm thoilthe shamplach chun páirt a ghlacadh i measúnú aoise

Is é cuspóir na foirme toilthe samplaí seo a chinntiú go bhfuil tuiscint iomlán ag leanaí (toimhdithe) agus a gcaomhnóirí ar an bpróiseas measúnaithe aoise sula dtugann siad toiliú. Léirítear inti conas is féidir faisnéis a chur i láthair ar bhealach soiléir atá oiriúnach do leanaí, agus cumhdaítear na céimeanna, na cearta agus na coimircí éagsúla. Níl san fhoirm seo ach sampla: is féidir agus ba cheart í a oiriúnú don chomhthéacs náisiúnta, do na nósanna imeachta agus don reachtaíocht is infheidhme, chomh maith le cás aonair an iarratasóra.

Ní mór an fhaisnéis uile a bhaineann le toiliú agus diúltú dó a thabhairt i dteanga atá oiriúnach do leanaí. Ba cheart an fhoirm thoilthe a bheith ar fáil i dteangacha éagsúla.

Is mise: _____

Is í an aois dhearbhaithe atá luaite agam: _____

Is í m'uimhir aitheantais: _____

Is as an tír seo a leanas dom ó dhúchas: _____

Tríd an bhfoirm seo a shíniú, aontaím páirt a ghlacadh sa phróiseas measúnaithe aoise. Tuigim agus aontaím leis na pointí thíos.

- Ní mór dom dul trí mheasúnú aoise toisc nach bhfuil m'aois dhearbhaithe deimhnithe ag na húdaráis
- Cuireadh in iúl dom na cúiseanna a bhfuil amhras ar na húdaráis maidir le m'aois
- Beidh orm labhairt leis an speisialtóir/na speisialtóirí measúnaithe aoise chun go mbeidh siad in ann meastachán a dhéanamh ar m'aois.
- Tá mo chaomhnóir, an comhairleoir dlí agus an t-idirghabhálaí cultúrtha in éineacht liom.
- D'fhéadfadh an fhoireann measúnaithe aoise na bealaí seo a leanas a úsáid chun meastachán a dhéanamh ar m'aois:
 - Ceisteanna a chur orm, i dteanga a thuigim, faoi mo shaol, mo theaghlach, mo scoil, na rudaí is maith liom agus atá déanta agam.
 - Féachaint ar mo dhoiciméid (pas nó teastais scoile, mar shampla), ar doiciméid iad a bhféadfainn a bheith in ann iad a roinnt i bhfoirm grianghraf chun a fháil amach cad a luaitear iontu faoi m'aois.
 - Mura leor an fhaisnéis a chuir mé ar fáil ag an tús, d'fhéadfaidís iarraidh orm gairmithe eile a fheiceáil tar éis an chéad agallaimh um measúnú aoise. D'fhéadfadh síceolaí nó dochtúir do leanaí a bheith i gceist leo sin, ionas gur féidir leo a fheiceáil conas a d'fhás mé agus meastachán a dhéanamh ar m'aois.
- Cuireadh in iúl dom nach ndéanfar seiceálacha leighis lena mbaineann X-ghathanna ach mar rogha dheireanach. Is éard is X-gha ann pictiúr de mo chnámha (fiacra, lámha, dealracháin); níl sé pianmhar. Más mian leo X-gha a ghlacadh díom, caithfidh siad gach rud a mhíniú dom agus na ceisteanna go léir a d'fhéadfadh a bheith agam a fhreagairt. Níor cheart a iarraidh roinnt X-ghathanna a ghlacadh díom toisc go bhféadfadh sé difear a dhéanamh do mo shláinte san fhadtéarma.





- Is cuma cén modh atá i gceist, tá sé de cheart agam stop a chur leis an bpróiseas aon uair is mian liom.
- Tar éis cúpla seachtain, gheobhaidh mé litir ina mbeidh cinneadh na foirne maidir le m'aois.
- Mura n-aontaím lena gcinneadh, is féidir liom agóid a dhéanamh ina aghaidh. Míneoidh siad dom conas é sin a dhéanamh de réir an chleachtais náisiúnta sa tír.
- Ní roinnfidh an fhoireann ach sonraí bunúsacha, cosúil le toradh mo mheasúnaithe aoise, leis na húdaráis atá ag obair ar m'iarratas ar thearmann.
- Beidh mo chuid faisnéise pearsanta príobháideach i gcónaí agus coinneofar faoi rún í.
 - Is é an t-aon eisceacht atá ann má cheapann an fhoireann go bhféadfainn mé féin nó daoine eile a ghortú. Sa chás sin, féadfaidh siad mo chuid faisnéise a roinnt chun daoine eile agus mé féin a chosaint.
- D'fhéadfaí cuid de mo chuid faisnéise (ní m'ainm) a úsáid le haghaidh taighde nó staidrimh.

Dáta an lae inniu: _____

Síniú an duine a mhíníonn an méid thuas (murab é an caomhnóir é): _____

Síniú mo chaomhnóra/m'ionadaí/mo thuismitheora (i gcás inarb infheidhme):

Síniú an idirghabhálaí chultúrtha (i gcás inarb infheidhme): _____

Síniú mo chomhairleora dlí (i gcás inarb infheidhme): _____

Mo shíniú: _____





Iarscríbhinn 5 – Forléargas ar na modhanna measúnaithe aoise ó [eagrán 2018 den treoirleabhar](#)


Aicmítear na modhanna atá in úsáid faoi láthair mar mhodhanna leighis agus neamhleighis ag brath ar cé acu is gá nó nach gá liachleachtóir a bheith páirteach iontu. Faoi mhodhanna leighis, rinneadh idirdhealú idir modhanna atá saor ó radaíocht agus modhanna lena mbaineann radaíocht.

Léirítear an t-aicmiú sin agus úsáid na modhanna de réir a chéile chun scrúduithe neamhriachtanacha a chosc leis an tsreabhchairt seo a leanas. Ní dhéantar aon tagairt do choimircí agus do chearta an phróisis ós rud é go ndearnadh anailís orthu sa chaibidil roimhe seo agus i sreabhchairt an phróisis measúnaithe aoise araon.





Fíor 3. Sreabhchart na modhanna



Treoraíocht maidir le modhanna a chur chun feidhme de réir a chéile

A luaithe a chuireann na hiarratasóirí in iúl gur mian leo iarratas a dhéanamh ar chosaint idirnáisiúnta, bíonn siad i dteideal cearta áirithe (chun fanacht sa chríoch, chun dálaí glactha bunúsacha ábhartha agus chun a riachtanais speisialta a shainiú nó measúnú a dhéanamh orthu). I gcás leanbh féideartha, is tosaíocht iad riachtanais speisialta nós imeachta a shainiú agus dálaí glactha speisialta a sholáthar mar gheall ar a leochaileacht bhunúsach. I gcomhréir le hAirteagal 25(5) de Threoir 2013/32/AE, d'fhéadfaid an fhianaise ar fad a





fhaightear cabhrú le haois an linbh a shuí agus/nó deireadh a chur leis an ngá atá le measúnuithe breise ar aois a dhéanamh nó an gá sin a mhaolú; dá bhrí sin, ba cheart an bailiú fianaise a bheith ina thúsphointe sula ndéanfaí cinneadh i dtaobh an bhfuil gá le measúnú aoise nó nach bhfuil.

Anailís ar an bhfianaise atá ar fáil agus ar na chéad mheastacháin

Mar a luaitear in Airteagal 24 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla ⁽¹²⁵⁾ agus in Airteagal 7 CRC: ‘Clárófar gach leanbh díreach tar éis breithe agus beidh sé de cheart aige náisiúntacht a fháil.’

Is éard is teastas breithe ann an doiciméad a thugann fianaise ar bhreith an duine, ar an dáta, ar an áit, ar an ngnéas agus ar na tuismitheoirí. Is é príomhchuspóir an chláraithe sibhialta doiciméad dlíthiúil a chruthú ar féidir é a úsáid chun cearta an duine aonair a bhunú agus a chosaint.

Mar atá thuasluaite, ní chláraíonn roinnt tíortha teagmhais bheatha a saoránach nó a gcónaitheoirí (breitheanna, póstaí agus básanna) go córasach agus déantar iad a chlárú go fíorannamh nó go déanach i dtíortha áirithe. Dá bhrí sin, d’fhéadfadh sé nach gcomhlíonfadh clárú den sórt sin caighdeáin na dtaifead poiblí do na húdaráis i stáit AE+ (rud a chuirfeadh cosc ar chlárú dúbailte an teagmhais chéanna, ar bhearnaí nó neamhréireachtaí sna taifid, etc.). Thairis sin, mar gheall ar theagmhais a tharla ina dtír thionscnaimh nó in imthosca a dteite (coinbhleachtaí armtha nó géarleanúint agus/nó idirdhealú ó na húdaráis náisiúnta, etc.), d’fhéadfadh sé nach mbeadh na doiciméid dhlíthiúla sin ar fáil do dhaoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu agus, dá bhrí sin, ní bheidh siad in ann cruthúnas bailí ná deimhnithe iontaofa ar a gcéannacht a sholáthar.

Agus na himthosca thuasluaite agus iarrachtaí an iarratasóra an fhaisnéis uile atá ar fáil dó a chur isteach á gcur san áireamh, ba cheart do na húdaráis glacadh leis na doiciméid seo a leanas, i measc nithe eile, mar fhianaise thacaíochta:

- pasanna,
- doiciméid aitheantais,
- cártaí cónaithe,
- doiciméid taistil amhail na cinn a sholáthair UNHCR,
- deimhnithe (reiligiúnacha nó sibhialta) tíortha eile ina léirítear stádas sibhialta (pósadh, breitheanna, leabhrán teaghlaigh) an iarratasóra nó aon duine den teaghlach agus ina ndéantar aon tagairt d’aois an iarratasóra.

Seachas na doiciméid sin, d’fhéadfadh faisnéis maidir le haois an iarratasóra a bheith i bhfoinsí faisnéise úsáideacha amhail bunachair sonraí choiteanna (mar shampla Córas Faisnéise

⁽¹²⁵⁾ Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, na Náisiún Aontaithe, Sraith na gConarthaí, iml. 999, Ich. 171, an 16 Nollaig 1966, <https://www.refworld.org/legal/agreements/unqa/1966/en/17703>.





Schengen ⁽¹²⁶⁾, Eurodac nó bunachar sonraí Interpol i ndáil le Doiciméid Taistil atá Goidte agus Cailte ⁽¹²⁷⁾.

Ar an gcaoi chéanna, is féidir ráitis nó doiciméid atá ar fáil i gcomhad bhail teaghlaigh nó ghaolta an iarratasóra a úsáid chun an aois dhearbhaithe a shoiléiriú agus/nó a dheimhniú gan gá le tuilleadh measúnaithe. Ionas nach gcuirfear an leanbh nó an teaghlach i mbaol, ní mór a bheith cúramach go háirithe agus an cineál sin sonraí á bhailiú. Is amhlaidh atá sé sin go háirithe i gcomhthéacs na cosanta idirnáisiúnta.

Nuair is baill foirne a bhfuil taithí acu ar bheith ag obair le leanaí a dhéanann iad, is féidir roinnt de na chéad mheastacháin atá bunaithe ar chuma fhisiceach a úsáid chun an anailís tosaigh a threisiú. Nuair a úsáidtear iad i gcomhar le faisnéis eile atá ar fáil, is féidir iad sin a úsáid ansin chun tacú le torthaí réamhscagtha.

Mar sin féin, ós rud é nach bhfuil an meastachán bunaithe ach ar shaintréithe fisiceacha agus gur féidir, dá bhrí sin, torthaí treallacha, suibiachtúla agus míchruinne teacht as go héasca, ní mór a bheith an-chúramach agus breithnithe den sórt sin á meas. Ar an gcúis sin, ní féidir breathnú ar chuma fhisiceach mar mhodh measúnaithe aoise ann féin, ná ní féidir é a úsáid ina aonar ós rud é nach féidir aon aois chróineolaíoch shonrach a sholáthar leis go cinnte.

D'fhéadfaí breathnú ar chuma fhisiceach chun na cásanna follasacha (daoine a bhfuil saintréithe daoine fásta nó leanaí acu gan amhras) a dheighilt nó idirdhealú a dhéanamh eatarthu, ach níor cheart é a úsáid i gcásanna déagóirí atá amach sna déaga nó aosaigh óga. Sna cásanna sin, beidh feidhm ag sochar an amhrais (an aois dhearbhaithe a dheimhniú nó tarchur chuig measúnú cuí ar aois) go dtí go mbeidh torthaí dochloíte ann.

Tugann an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce agus Saineolaithe eile rabhadh go bhféadfadh tionchar a bheith ag eispéiris saoil leanaí ar a bhforbairt. Chiallódh sé sin go bhféadfaidís a bheith ar gcúl i ngnéithe áirithe agus go bhféadfaidís a bheith níos forbartha i ngnéithe eile. Léiríonn taighde sa réimse go bhféadfadh neamhord struis iarthrámaigh a bheith ina chúis le haosú bitheolaíoch roimh am idir 5 bliana agus 10 mbliana d'aois ⁽¹²⁸⁾.

Ós rud é go bhféadfadh measúnú mícheart ar aois nó meastachán mícheart ar aois a bheith mar thoradh ar theorainneacha ar mhodhanna atá i bhfeidhm faoi láthair, ní mór sásra athbhreithnithe a bheith i bhfeidhm chun aois a cuireadh isteach go mícheart sa chóras a cheartú. A luaithe a shainithnítear go bhfuil measúnú aoise mícheart, ba cheart bearta iomchuí a dhéanamh láithreach (athrú cóiríochta, caomhnóir a cheapadh má fhaightear amach gur leanbh é an t-iarratasóir, etc.).

⁽¹²⁶⁾ CFS: córas faisnéise mórcála a thacaíonn le rialú ag teorainneacha seachtracha agus le comhar i réimse fhorfheidhmiú an dlí i limistéar Schengen.

⁽¹²⁷⁾ SLTD: bunachar sonraí ina bhfuil taifid ar dhoiciméid taistil atá goidte, atá cailte nó atá cúlghairthe amhail pasanna, cártaí aitheantais, laissez-passer na Náisiún Aontaithe nó stampaí víosa.

⁽¹²⁸⁾ Ladwig, K-H., Brockhaus, A.C., Baumert, J. et al., *Post-traumatic stress disorder and not depression is associated with shorter leukocyte telomere length: findings from 3 000 participants in the population-based KORA F4 study*, Ouellette, M.M. (ed.), PLOS ONE, 2013, 8(7), e64762. doi:10.1371/journal.pone.0064762.



An Ghearmáin – Caighdeáin is infheidhme

1. agallamh (beirt bhall foirne atá cáilithe agus a bhfuil taithí acu), tuiscint fhoriomlán ar fhorbairt lena n-áirítear amharc-chigireacht cháilithe;
2. i gcás amhrais, scrúdú leighis — an modh lena mbaineann an tionchar is ísle ar shláinte an linbh.

An Iorua — I ngach cás nach bhfuil doiciméad aitheantais bailí a bhfuil ardchlú air curtha i láthair ag leanbh neamhthionlactha, is gá imscrúdú breise a dhéanamh ar chéannacht an iarratasóra lena n-áirítear, i measc nithe eile, measúnú aoise. Is é bunús an mheasúnaithe sin ar aois an fhaisnéis a fhaightear faoi aois an iarratasóra le linn an phróisis tearmainn, i.e.:

- faisnéis an iarratasóra féin faoina aois nó faoina haois;
- doiciméid aitheantais;
- faisnéis aitheantais ó Bhallstáit eile (más rud é gur sainaithníodh an t-iarratasóir i dtíortha eile);
- aitheantas an iarratasóra a fhíorú ina tír thionscnaimh nó ina tír thionscnaimh;
- ráiteas nó barúil maidir le haois an iarratasóra ó ghníomhaithe eile amhail caomhnóir dlíthiúil, dlíodóir, seirbhís shóisialta nó oibríthe sláinte;
- ráiteas nó barúil maidir le haois an iarratasóra ó na póilíní inimirce (a dhéanann iarratasóirí a chlárú) agus ó úinéir cáis a dhéanann an t-agallamh tearmainn;
- scrúdú aoise leighis;
- measúnú aoise leighis.

I gcásanna ina ndéantar scrúdú aoise leighis, déanfar an measúnú aoise leighis a mheas i ndáil le faisnéis eile sa chás. Tugtar treoraíocht sa treoir bheartais maidir le conas na gnéithe éagsúla a phléitear thuas a chur san áireamh.

Tá amhras ann faoin aois dhearbhaithe: b'fhéidir go bhfuil gá le measúnú aoise

Nuair a bhíonn amhras réasúnta ann faoi aois dhearbhaithe an iarratasóra (tá amhras ann faoin aois dhearbhaithe, níl an fhianaise atá ar fáil ag tacú léi nó tá an fhianaise sin ag teacht salach léi), d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le measúnú aoise. I gcásanna den sórt sin, ní mór do na húdaráis an modh nó na modhanna atá le húsáid chun na críche sin a roghnú.

Tá athbhreithniú foriomlán ar na modhanna atá in úsáid faoi láthair, mar aon le cur síos gairid ar an bpróiseas lena mbaineann, le fáil sa chéad roinn eile. Roinntear na modhanna ina modhanna 'leighis' agus 'neamhleighis' ag brath ar cé acu atá nó nach bhfuil cliniceoir páirteach iontu. Aicmítear modhanna leighis freisin ag brath ar cé acu a úsáidtear nó nach n-úsáidtear radaíocht iontu.


Luaitear i mBarúil Ghinearálta Uimh. 6 ó Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh go n-áirítear measúnú aoise i sainaithint linbh mar leanbh neamhthionlactha nó mar leanbh scartha, ar measúnú é ar cheart nach amháin cuma fhisiciúil, ach aibíocht shíceolaíoch a chur san áireamh ann freisin.



(a) Modhanna neamhleighis

Measúnú breise ar fhianaise

I gcás nach n-áirítear aon tagairt d'aois sna doiciméid a bailíodh ar dtús nó san fhaisnéis atá ar fáil, d'fhéadfadh sé gur ghá do na hoifigigh tearmainn nó imirce measúnú breise a dhéanamh ar dhoiciméid eile. Is féidir le roinnt doiciméad, fiú gan an aois a bheith iontu, roinnt faisnéise a sholáthar maidir le haois mheasta an iarratasóra, i.e. taifid scoile, cártaí vacsaínithe teaghlaigh nó taifid leighis eile. Mar shampla, d'fhéadfadh duine a bheith ar an eolas go bhfaigheann naíonán roinnt vacsaínithe ag aois nó lamháil aoise áirithe agus gur eisíodh an cárta ag am ar leith, ionas gur féidir meastachán a dhéanamh ar neas-aois an úinéara.



Agallamh um measúnú aoise

Is éard atá i gceist leis an modh seo an cuntas a thugann an duine aonair a bhfuil a aois á díospóid a bhailiú agus anailís a dhéanamh ar an gcuntas sin.

Is iad na príomhdhifríochtaí idir modhanna measúnaithe síceasóisialta cúlra agus saineolas sonrach an duine a dhéanann an measúnú chomh maith leis na réimsí fiosrúcháin. Cé gurb iad saineolaithe sa tsíceolaíocht leanaí nó i bhforbairt leanaí a dhéanadh an measúnú síceolaíoch, is iad oifigigh a fhóin do na húdaráis tearmainn nó imirce den chuid is mó a dhéanadh an t-agallamh um measúnú aoise agus bheadh taithí acu ar leanaí a chur faoi agallamh sa nós imeachta tearmainn.

Le linn an agallaimh um measúnú aoise, déanann an t-agallóir iarracht seicheamh croineolaíoch d'imeachtaí saoil a athchruthú inar féidir teacht ar chonclúid maidir le haois an duine nó meastachán a dhéanamh uirthi. Is féidir le féilire áitiúil d'imeachtaí ⁽¹²⁹⁾ (féilire saincheaptha ina soláthraítear dátaí tábhachtacha d'imeachtaí le haghaidh limistéar geografach ar leith) in éineacht le ceisteanna 'faoin tréimhse roimh an imeacht agus ina

⁽¹²⁹⁾ Tá tuilleadh eolais le fáil i dTreoirínite na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta maidir le meastachán a dhéanamh ar mhí agus bliain bhreithe leanaí óga (2008).





dhiaidh' (¹³⁰) (atá dírithe ar dhá imeacht atá ar eolas a shainnithint, imeacht amháin a tharla roimhe dháta breithe an linbh agus imeacht eile a tharla ina dhiaidh sin — tugtar 'ceisteanna ceapaire' ar na ceisteanna sin freisin) a bheith ina n-uirlisí úsáideacha chun cabhrú leis na hoifigigh, leis an iarratasóir nó le baill an teaghlaigh neastachán a dhéanamh ar dháta breithe an linbh.

- Chun na tuairimí a bhailiú ar bhealach atá oiriúnach do leanaí agus chun an leanbh a spreagadh chun faisnéis a chur ar fáil, ba cheart oiliúint a chur ar oifigigh a dhéileálann go díreach leis an leanbh maidir le **teicnící agallaimh atá oiriúnach do leanaí** (¹³¹) a úsáid. Nuair is féidir, ba cheart go mbeadh cur amach ag an ateangaire ar leanaí a chur faoi agallamh.
- Tá sé fíor-riachtanach faisnéis leormhaith a chur ar fáil don iarratasóir sula gcuirfear tús leis an agallamh chun rannpháirtíocht an duine a ráthú, chun dearcadh comhoibríoch a fhorbairt agus chun muinín a chothú idir na gníomhaithe lena mbaineann. Ní mór don agallóir faisnéis ábhartha a sholáthar i dtéarmaí simplí (cuspóir an agallaimh, ról na ndaoine atá páirteach agus atá i láthair, agus na cúiseanna a bhfuil amhras ann faoin aois dhearbhaithé), ní mór dó a chinntiú go dtuigeann an t-iarratasóir an fhaisnéis agus an t-ateangaire araon agus ní mór dó a chinntiú go gcomhlíontar riachtanais an iarratasóra a mhéid is féidir (inscne an agallóra agus inscne an ateangaire, na socrúithe is gá don agallamh, etc.). Tá sé chomh tábhachtach céanna go dtugtar an deis don iarratasóir aon neamhréireacht a shoiléiriú le linn an agallaimh.
- Agus cinneadh á dhéanamh tabhairt faoin bpróiseas measúnaithe aoise, ba cheart a ráthú go n-aistrefar an dualgas cruthúnais chuig na húdaráis i gcás leanaí. Ní féidir le leanaí rudaí a mhíniú ar an mbealach céanna agus is féidir le daoine fásta agus tá an teorannú sin le feiceáil go háirithe nuair a labhraítear le leanaí a bhfuil cúlra cultúrtha difriúil acu agus nuair a d'fhéadfadh sé nach mbeadh aois chomh hábhartha agus atá sí i gcultúir an Iarthair (mar shampla, úsáidtear féilirí éagsúla i gcultúir éagsúla). Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé go mbraithfidís gur daoine fásta iad féin nó go measfaí mar dhaoine fásta ina bpobail féin.
- Ní mór don agallóir a bheith eolach ar fhaisnéis faoin tír thionscnaimh chun go mbeidh sé in ann saincheisteanna ábhartha a bhrath le linn an phlé (¹³²).
- I ndeireadh na dála, má tá conclúid an mheasúnaithe díobhálach don iarratasóir, ní mór na cúiseanna a mhíniú go soiléir trí úsáid a bhaint as ateangaire agus i láthair chaomhnóir an linbh. Ba cheart an t-iarratasóir a chur ar an eolas ó bhéal agus i scríbhinn araon faoin bhféidearthacht agus faoin nós imeachta atá ann chun agóid a dhéanamh in aghaidh an chinnidh.

⁽¹³⁰⁾ Tá tuilleadh eolais le fáil i dTreoirínte na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta maidir le meastachán a dhéanamh ar mhí agus bliain bhreithe leanaí óga (2008).

⁽¹³¹⁾ Tá tuilleadh eolais faoi mhodúl oiliúna EASO maidir le 'Leanaí a chur faoi agallamh' le fáil ag <https://euaa.europa.eu/training-catalogue/interviewing-children-0>

⁽¹³²⁾ Féach [tairseach na faisnéise faoin tír thionscnaimh EUAA](#).






Samplaí ón gcleachtas

Éire – Má mhaíonn duine go bhfuil sé faoi bhun 18 mbliana d’aois ach is cosúil go bhfuil sé níos sine ag an Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta, déanfaidh ball foirne a bhfuil taithí aige (le cúnaimh ateangaire más gá) agallamh neamhfhoirmiúil chun iarracht a dhéanamh teacht ar thuairim réasúnach i dtaobh an mionaoiseach é an duine agus an gá é a tharchur chuig TUSLA, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Áirítear san agallamh ceisteanna maidir le mionsonraí ón luath-óige, oideachas agus aoiseanna na mball teaghlaigh eile. Má tá aon neamhchinnteacht ann tar éis an agallaimh, cuirtear sochar an amhrais i bhfeidhm i bhfabhar an iarratasóra agus déantar an tarchur chuig TUSLA.

Málta — Is é an chéad chéim agallamh laistigh de 10 lá oibre leis an bpainéal measúnaithe aoise. Má bhíonn an aois fós faoi dhóspóid, beidh gairmithe eile páirteach, lena n-áirítear tarchur chuig rannóg raideolaíochta le haghaidh X-ghathanna láimhe agus rosta. Is éard atá i gceist leis an nós imeachta atá i bhfeidhm faoi láthair iarracht ildisciplíneach lena gcuimsítear údarais phóilíneachta, gairmithe ó na gairmeacha cúraim agus gairmithe leighis. Maidir leis an agallamh, atá ar cheann de na príomhuirlisí a úsáidtear le haghaidh measúnú den sórt sin, is féidir a mheas go bhfuil sé iomlánaíoch sa mhéid is go bhfuil sé d’aidhm aige próifíl shistéamach chomh hiomlán agus is féidir den mhionaoiseach líomhnaithe a ghabháil. Déantar breithniú ar thorthaí na modhanna a roghnaíonn an fhoireann measúnaithe aoise ina dhiaidh sin i dteannta a chéile



Measúnú síceasóisialta

Is é cuspóir an mhodha seo measúnú a dhéanamh ar aosú meabhrach seachas aosú fisiciúil. Le teicnící measúnaithe, baintear úsáid as breithmheas cognaíoch agus iompraíochta agus measúnú síceolaíoch ar an iarratasóir chun measúnú a dhéanamh ar a aois nó a haois. Dá bhrí sin, ní mór don mheasúinóir saineolas ar leith a bheith aige sa tsíceolaíocht nó i gcéimeanna forbartha leanaí agus aosach óg.



Is é bunús an mhodha seo treoircheistneoir ina ndéanann measúnóir oilte ag a bhfuil taithí (oibrí sóisialta nó síceolaí de ghnáth) iniúchadh ar réimsí de scéal beatha an duine. Le linn an agallaimh nó na n-agallamh, dhéanfaidh an measúnóir measúnú ar aibíocht shíceolaíoch an duine i gcomhar le breithmheas iompraíochta. D'fhéadfadh roinnt meastachán bunaithe ar chuma fhisiceach a bheith le feiceáil sna torthaí freisin.

Chun a bheith éifeachtach, tá sé fíor-riachtanach muinín a bheith ann idir an measúnóir agus an duine a bhfuil scrúdú á dhéanamh air. Ar an gcúis sin, ba cheart an measúnú a dhéanamh thar thréimhse ama agus ba cheart gairmithe eile a bhíonn i dteagmháil leis an duine a bhfuil measúnú á dhéanamh air, amhail an fhoireann ghlactha nó múinteoirí, a bheith páirteach ann. Soláthraíodh roinnt tásca ábhartha ina leith sin sa chásdlí tagarmhairc ó Ard-Chúirt Bhreithiúnais na Ríochta Aontaithe, breithiúnas Merton ⁽¹³³⁾. Sa bhreithiúnas sin, tugtar 'treoraíocht maidir leis na ceanglais a bhaineann le measúnú dleathach ag údarás áitiúil ar aois iarratasóra óig ar thearmann a mhaíonn go bhfuil sé faoi bhun 18 mbliana d'aois'. I bhfianaise bhreithiúnas Merton, ceanglaítear ar gach údarás (áitiúil) a chinntiú go bhfuil a measúnuithe iomlán agus cuimsitheach agus go bhfuil an próiseas chun measúnú a dhéanamh ar aois soiléir, trédhearcach agus cothrom.

Is iondúil go n-áireofar i measúnú a chomhlíonann breithiúnas Merton cruinniú 'duine le duine' leis an duine óg, ina leagfar amach cúlra ginearálta an iarratasóra agus ina gclofear le caighdeáin na cothroime ⁽¹³⁴⁾. Breithniú ábhartha a bheadh sa mhéid seo a leanas.

Tá sé tábhachtach a bheith aireach ar an 'gcóitseáil' a d'fhéadfadh a bheith ag an iarrthóir ar tearmainn roimh an agallamh, maidir le conas é féin a iompar agus cad atá le rá. Tar éis ról na seirbhísí sóisialta a shoiléiriú, tá sé tábhachtach dul i dteagmháil leis an duine agus an oiread muiníne agus is féidir leis na himthosca a bhunú. Tugtar 'páirt a ghlacadh' (joining) ar an bpróiseas sin uaireanta.

Leagtar béim i gcásdlí ábhartha ar roinnt gnéithe tábhachtacha atá le comhlíonadh agus an measúnú á dhéanamh:

- nuair is féidir, ba cheart beirt mheasúnóirí a bheith páirteach sa phróiseas;
- ba cheart faisnéis faoi ról an mheasúnóra/na measúnóirí agus an ateangaire a sholáthar de réir leibhéal oideachais agus aibíochta an duine;
- ba cheart aird a thabhairt freisin ar leibhéal tuirse, tráma, tnáite agus imní an duine a bhfuil measúnú á dhéanamh air;
- ní mór eitneachas, cultúr agus nósanna an duine a bhfuil measúnú á dhéanamh air a urramú le linn an mheasúnaithe – d'fhéadfadh an fhaisnéis faoin tír thionscnaimh a bheith ina cuidiú maidir leis sin chun aird a tharraingt ar ábhair ábhartha atá le plé;
- agus an measúnú á dhéanamh ag an measúnóir, ba cheart dó ceisteanna oscailte agus neamhthreoracha a chur;

⁽¹³³⁾ B v. London Borough of Merton (2003) EWHC 1689 (admin), inar thug an Breitheamh Stanley Burnton breithiúnas san Ard-Chúirt an 14 Iúil 2003.

⁽¹³⁴⁾ Is minic a úsáidtear an téarma 'a chomhlíonann breithiúnas Merton' chun cur síos a dhéanamh i dtaobh cé acu atá nó nach bhfuil measúnú aoise i gcomhréir leis an gcásdlí. Níl aon bhealach forordaithe ann ina bhfuil sé d'oibleagáid ar údarás áitiúla measúnuithe aoise a dhéanamh; thug na cúirteanna treoir d'údarás áitiúla, áfach, i gcás a bhain le Comhairle Merton (B v. London Borough of Merton (2003) EW HC 1689 (admin)). Ní mór gach measúnú aoise a dhéanamh údarás áitiúla a bheith i gcomhréir le cásdlí Merton agus leis an gcásdlí atá ann ó rinneadh an breithiúnas sin.



- d'fhéadfadh an measúnóir uirlisí éagsúla a úsáid chun cuntas an duine a éascú (líníochtaí, uirlisí eispriseacha).

Agus an t-agallamh á dhéanamh, d'fhéadfadh na gnéithe seo a leanas faisnéis úsáideach a sholáthar chun meastachán a dhéanamh ar aois:

- cuma fhisiceach agus cuma fhoriomlán an iarratasóra, breathnóireacht ar dhinimic grúpaí (gníomhaíochtaí le piaraí);
- an dóigh a n-idirghníomhaíonn an t-iarratasóir leis an measúnóir;
- stair shóisialta agus comhdhéanamh teaghlaigh; ■ breithnithe forbartha (i.e. faisnéis faoi na cineálacha gníomhaíochtaí a raibh baint ag an duine leo sular tháinig sé chun na hEorpa);
- oideachas, leibhéal neamhspleáchais agus féinchúraim; ■ measúnú sláinte agus leighis;
- eispéiris saoil agus eachtraí trámacha a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an bpróiseas aosaithe.


Ba cheart an fhaisnéis sin a mheas in éineacht leis an bhfaisnéis a fhaightear ón anailís ar fhianaise eile agus ansin í a úsáid chun teacht ar chonclúid ón measúnú. Ní mór conclúid an mheasúnaithe a chur ar fáil i scríbhinn agus ba cheart na gnéithe thuasluaite a chur san áireamh sa tuarascáil, maille le breithnithe breise nó faisnéis bhreise chun obair leantach a dhéanamh ina leith. Tá sé fíor-riachtanach saineolas agus taithí leasa óige an mheasúnóra/na measúnóirí a chinntiú.

Nuair a bhíonn conclúid an mheasúnaithe díobhálach don iarratasóir, ní mór na cúiseanna a mhíniú go soiléir trí úsáid a bhaint as ateangaire agus i láthair chaomhnóir an linbh. Ba cheart an t-iarratasóir a chur ar an eolas ó bhéal agus i scríbhinn araon faoin bhféidearthacht agus faoin nós imeachta atá ann chun agóid a dhéanamh in aghaidh an chinnidh.



An Ríocht Aontaithe — Treoirínte maidir le conas measúnú a dhéanamh i gcomhréir leis na rialuithe ginearálta. Ní mór dóibh siúd a bhfuil measúnú á dhéanamh acu ar aois an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. cuspóir an agallaimh a mhíniú don éilitheoir, mar a shonraítear in Merton, mír 55;
2. iarracht a dhéanamh cúlra ginearálta an éilitheora a fháil amach, lena n-áirítear imthosca teaghlaigh agus stair agus cúlra oideachais an éilitheora agus gníomhaíochtaí an éilitheora le linn na mblianta beaga roimhe sin — d'fhéadfadh faisnéis eitneach agus chultúrtha a bheith tábhachtach freisin — mar a shonraítear in Merton, mír 37;
3. measúnú a dhéanamh ar chreidiúnacht an éilitheora agus ceisteanna a chur chun creidiúnacht an éilitheora a thástáil má tá cúis ann le bheith in amhras faoi ráiteas an éilitheora maidir lena aois, mar a shonraítear in Merton, mír 37;
4. deis a thabhairt don éilitheoir aon neamhréireacht ina gcuntas nó aon rud ar dócha go mbeidh torthaí díobhálacha creidiúnachta mar thoradh air a mhíniú — is fearr a dhéantar é sin a luaithe is féidir, nuair a bhíonn 'cuimhne mhaith' ar chúrsaí, mar a shonraítear sna nithe seo a leanas: a Merton, mír 55,
 - R (FZ) v London Borough of Croydon (2011) Civ 59, mír 20,
 - R (NA) v London Borough of Croydon (2009) EWHC 2357 (admin), mír 52;
5. cuimhnigh go n-athraíonn cásanna agus go bhféadfadh sé nach mbeadh gá leis an leibhéal fiosrúcháin is gá i gcás amháin i gcás eile, mar a shonraítear in Merton, mír 50. D'fhormhuinigh The Association of Directors of Children's Services (ADCS) sa Ríocht Aontaithe an treoraíocht seo a leanas d'oibríthe sóisialta agus measúnuithe aoise á ndéanamh acu. http://adcs.org.uk/assets/documentation/Age_Assessment_Guidance_2015_Final.pdf http://adcs.org.uk/assets/documentation/information_sharing_proforma_april_2015.doc.






(b) Modhanna leighis (saor ó radaíocht)

Breathnóireacht fhiaclóireachta

Is é atá i gceist leis an modh sin, amharc-chigireacht a dhéanamh chun aibíocht fiacla a chinneadh agus ní dhéantar X-gha mar chuid de. Déanann fiaclóir oilte forbairt fiacla an iarratasóra a chur i gcomparáid le sraith céimeanna forbartha mar atá leagtha amach i gcairteacha brúchta nó i luachanna tagartha seanbhunaithe agus suíonn sé raon aoiseanna féideartha. Is iondúil go gcumhdaítear le staidéir forbairt fiacla leanaí don aoisghrúpa 3-16 bliana d'aois nó forbairt na bhfiacla eagna san aoisghrúpa 15-23 bliana ⁽¹³⁵⁾.



Íomháu athshondais mhaighnéadaigh (MRI)

Le MRI, nó MR, comhcheanglaítear úsáid maighnéid chumhachtaigh le hardchóras ríomhaireachta agus radathonnta chun pictiúir mhionsonraithe chruinne a tháirgeadh d'orgáin agus d'fhíocháin, de chnámhanna agus de struchtúir inmheánacha eile an choirp. Murab ionann agus X-ghathanna nó scanacháin CT/CAT (tomagrafaíocht ríomhchuidithe, ar a dtugtar tomagrafaíocht aiseach ríomhchuidithe freisin), tá meaisíní MRI saor ó radaíocht.

Tugtar 'neart réimse' ar neart maighnéid MRI agus tomhaistear é in aonaid ar a dtugtar 'Tesla' nó 'T'. Tá dhá chineál scanóra ann: Scanóirí 1 T. agus 1.5 T. (a bhíonn ar fáil go forleathan ar chostas níos ísle de ghnáth) agus scanóirí 3 T. (níos costasaí agus, dá bhrí sin, ní bhíonn siad ar fáil go forleathan). Ciallaíonn neart réimse níos airde go bhfuil maighnéad níos láidre ag an scanóir agus go bhfuil an cumas aige íomhánna níos mionsonraithe a tháirgeadh i dtréimhse ama níos giorra. Ag brath ar roinnt tosca, amhail an cineál íomhánna atá le fáil (trasghearrthacha nó 'slisní' den chorp), an cineál teicneolaíochta a úsáidtear (íomháu

⁽¹³⁵⁾ Le haghaidh tuilleadh eolais: UNICEF, Age assessment practices: a literature review and annotated bibliography (2010); SCEP, Position paper on age assessment in the context of separated children in Europe (2012); INorwegian Computing Centre, Age estimation in youths and young adults (2012), le fáil ag <https://nr.no/en/publication/976408/>; Baccetti, T., Franchi, L. agus McNamara, J.A. (Jr), 'The cervical vertebral maturation (CVM) method for the assessment of optimal treatment timing in Dentofacial orthopaedics', ScienceDirect, (2005), Iml. 11, Eagrán 3, Igh. 119-129; Cameriere, R., Ferrante, L. agus Cingolani, M., 'Age estimation in children by measurement of open apices in teeth', PubMed, (2005), Iml. 120, Eagrán 1, Igh. 49-52.



athshondais mhaighnéadaigh ardréimse i gcomparáid le íomháú athshondais mhaighnéadaigh oscailte nó oscailte ingearach), toradh beartaithe an íomháithe athshondais mhaighnéadaigh agus má bhogann an t-othar, is féidir scanadh MRI a mhaireachtáil idir níos lú ná 10 nóiméad agus 1 uair an chloig de ghnáth.

De réir George et al. ⁽¹³⁶⁾, is cosúil go bhfuil an méid comhleá cnámh ag céim níos forbartha in íomhánna ó X-ghathanna ná in íomhánna MRI. Dá bhrí sin, thabharfadh na torthaí ó MRI meastachán beagán níos lú ar aois ná na torthaí ó radagraf simplí. Tá an toradh sin inghlactha toisc nach ndéanfaidh sé dochar don iarratasóir.

Ní mór nós imeachta réamhscagtha a leanúint. D'fhéadfadh sé nach mbeadh scanacháin MRI oiriúnach do gach othar, amhail iarratasóirí a bhfuil séadairí cairdiacha, tatúnna agus ionchlannáin mhiotail acu nó a bhfuil réamhchúraimí speisialta eile de dhíth orthu mar gheall ar a réimse maighnéadach.

Ós rud é go gcaithfidh iarratasóirí fanacht gan chorraí ar bhord crua ar feadh tréimhse fhada ama agus go dtagann cnagarnach ard as an meaisín, is iondúil go dtagann imní ar othair a bhfuil clástrafóibe orthu agus ar leanaí agus an gnáthamh ar siúl i scanóir cró traidisiúnta. Is féidir an fhadhb sin a réiteach trí scanóirí MRI oscailte a úsáid.

Lámh/rosta: tá an cur chuige traidisiúnta bunaithe ar mheasúnú aoise ó íomhánna X-ghathaithe; mar sin féin, rinneadh turgnaimh ina n-úsáidtear módúlachtaí malartacha amhail MRI a dhéanamh ar an rosta (mar shampla i meastachán aoise imreoirí peile i gcomórtais a bhaineann le haois). Dearadh córas sé ghrád le haghaidh comhleá (Dvorak, 2007) ⁽¹³⁷⁾. I staidéar eile ar imreoirí peile a rinne Fédération Internationale de Football Association, rinneadh imscrúdú ar íomhánna MRI agus X-ghathaithe den rosta a fuarthas ón duine céanna ar an lá céanna chun comparáid a dhéanamh ⁽¹³⁸⁾.

Deimhníodh i staidéir a rinneadh le déanaí luach an scrúdaithe seo agus léirítear leo comhghaol láidir idir céimeanna íomháithe athshondais mhaighnéadaigh agus an aois chróineolaíoch; mar sin féin, moltar freisin úsáid íomháithe athshondais mhaighnéadaigh a chomhcheangal le teicnící eile chun cruinneas na dtorthaí a mhéadú ⁽¹³⁹⁾

Ós rud é go bhféadfadh tionchar a bheith ag inscne an duine atá faoi réir an mheasúnaithe ar lamháil earráide an mhodha ⁽¹⁴⁰⁾, is fachtóir é inscne an iarratasóra nach mór a chur san áireamh agus an modh á roghnú.

Tugann forbairtí a rinneadh le déanaí aghaidh ar an úsáid a bhaintear as cinneadh uathoibríoch maidir le haois cnáimhe. Tá na cinntí sin bunaithe ar fhís ríomhaireachta leighis agus ar mheaisínfhoghlaim. Mar gheall ar na forbairtí sin, tá sé níos éasca na híomhánna a

⁽¹³⁶⁾ George, J., Nagendran, J. and Azmi, K., 'Comparison study of growth plate fusion using MRI versus plain radiographs as used in age determination for exclusion of overaged football players', Br J Sports Med, (2012), Iml. 46, Eagrán 4, Igh. 273-278, doi:10.1136/bjism.2010.074948.

⁽¹³⁷⁾ Dvorak, J. agus George, J., 'Age decision by magnetic athshondas imaging of the wrist in young male football players', British Journal of Sports Medicine, (2007), Iml. 41, Uimh. 1, Igh. 45-52.

⁽¹³⁸⁾ Dvorak, J. agus George, J., 'Age decision by magnetic athshondas imaging of the wrist in young male football players', British Journal of Sports Medicine, (2007), Iml. 41, Uimh. 1, Igh. 45-52.

⁽¹³⁹⁾ Serin, J., Rérolle, C., Pucheux, J., Dedouit, F., Telmon, N., Savall, F., and Saint-Martin, P., 'Contribution of magnetic resonance imaging of the wrist and hand to forensic age assessment', International Journal of Legal Medicine, (2016).

⁽¹⁴⁰⁾ Tscholl, P.M., Junge, A., Dvorak, J. agus Zubler, V., 'MRI of the wrist is not recommended for age determination in female football players of U-16/U-17 competitions', Scand J Med Sci Sports, (2015), doi:10.1111/sms.12461.



aicmiú sna céimeanna agus tá an neamhréireacht idirbhreathnóra agus ionbhreathnóra laghdaithe acu (sainmhínithe in Iarscríbhinn 1, Gluais).

Glúine: bunaithe ar chomhleá an phláta fáis in aibiú na glúine.

Forbraíodh an córas céimnithe MRI don ghlúin (Dedouit, 2012) ⁽¹⁴¹⁾. Rinneadh meastóireacht ar a hiontaofacht agus a bhailíocht le haghaidh measúnú aoise san aoisghrúpa 10-30 bliain agus tá sé bunaithe ar chóras cúig chéim. Léirítear sa tuarascáil comhghaol ard idir aois agus neamhréireacht mhaith idirbhreathnóra agus ionbhreathnóra, ach tá gá le staidéir bhreise chun an cur chuige a fhíorú.

Sampla ón gcleachtas

An tSualainn — Tá íomháú athshondais mhaighnéadaigh na n-alt glúine á úsáid ag an tSualainn faoi láthair, mar aon le X-ghathanna de na fiacla forais, don nós imeachta um measúnú aoise le haghaidh leanaí neamhthionlactha. Is é Bord Náisiúnta na Sualainne um Leigheas Fóirínseach a dhéanann an measúnú ar aois leighis agus tá dhá scrúdú éagsúil i gceist leis. Is é atá sa chéad cheann X-ghathú lánléargais d'fhiacail forais agus is MRI de na glúine atá sa dara ceann. Tá an dá scrúdú dírithe ar an teorainn 18 mbliana. Déanfaidh beirt fhiaclóirí neamhspleácha nó beirt raideolaithe neamhspleácha anailís ar na híomhánna agus ba cheart dóibh siúd teacht ar chomhaontú frithpháirteach maidir le leibhéal na haibíochta sa chrios fáis ionas go mbeidh an anailís ina bonn sásúil do mheasúnú aoise deiridh an scrúdaitheora leighis. Is sásra cosanta comhtháite é seo agus is léiriú é ar phrionsabal shochar an amhrais.


Chun measúnú a dhéanamh go bhfuil iarratasóir os cionn 18 mbliana d'aois, ní mór don fhréamh fiacail a bheith lánfhásta freisin, cé go dtagann an leibhéal forbartha seo 1-2 bliana tar éis na teorann 18 mbliana. Déantar staidéar ar an leibhéal céanna aibíochta sa chrios fáis (1-2 bliana tar éis na teorann 18 mbliana) nuair a bhaineann sé le MRI na glúine. Is coimircí breise iad seo chun freagairt ar bhealach níos fearr don ghá a bhaineann le sochar an amhrais a choimeád nuair a iarrtar é sin.

Dealrachán: rinneadh turgnaimh trí úsáid a bhaint as córas grádaithe ceithre chéim don dealrachán. Léirigh siad sin go bhfuil meastachán aoise indéanta ach go bhfuil gá le staidéir thagartha a bhaineann go sonrach le MRI. Léiríodh i dtaighde a rinneadh le déanaí comhghaol dearfach idir céimeanna MRI agus aois chróineolaíoch ⁽¹⁴²⁾. Mar sin féin, bheadh breathnóirí a bhfuil níos mó taithí acu ag teastáil don bhreathnóireacht ná mar a bheadh i gcás modhanna eile, ós rud é go bhféadfadh sé a bheith deacair idirdhealú a dhéanamh idir na céimeanna tosaigh agus na céimeanna is déanaí den chnámhú.

⁽¹⁴¹⁾ Dedouit, F. and Auriol, 'Age assessment by magnetic resonance imaging of the knee: a pre-study', *Forensic Science International*, (2012), Igh. 217-232.

⁽¹⁴²⁾ 1. Hillewig, E., Degroote, J., Van der Paelt, T., Visscher, A., Vandemaele, P., Lutin, B., D'Hooghe, L., Vandriessche, V., Piette, M. agus Verstraete, K., 'Magnetic resonance imaging of the sternal extremity of the clavicle in forensic age estimation: towards more sound age estimates', *Int J Legal Med.*, (2013), Iml. 127, Eagrán 3, Igh. 677-689, doi:10.1007/s00414-012-0798-z.
2. Hillewig, E., De Tobel, J., Cuhe, O., Vandemaele, P., Piette, M. agus Verstraete, K., 'Magnetic resonance imaging of the medial extremity of the clavicle in forensic bone age determination: a new four-minute approach', *Eur Radiol.*, (2011), Iml. 21, Eagrán 4, Igh. 757-767, doi:10.1007/s00330-010-1978-1.





Ultrafhuaim

Is teicníc íomháithe dhiagnóisigh é scrúdú ultrafhuaime leighis (ar a dtugtar sonagrafaíocht dhiagnóiseach nó ultrasonagrafaíocht freisin) atá bunaithe ar ultrafhuaim a úsáid chun struchtúir inmheánacha an choirp a fheiceáil amhail teannáin, matáin, ailt, soithí agus orgáin inmheánacha.

Is ionann ultrafhuaim agus fuaimthonnta le minicíochtaí atá níos airde ná iad siúd atá inchloiste do dhaoine (> 20 000 Hz). Déantar íomhánna ultrasonacha, ar a dtugtar sonograim freisin, trí fhrithbhualadh ultrafhuaime a chur isteach i bhfíochán trí úsáid a bhaint as tóireadóir. Baineann an fíochán macalla as an bhfuaim, agus frithchaitheann fíocháin éagsúla céimeanna éagsúla fuaime. Déantar na macallaí sin a thaifeadadh agus a thaispeáint mar íomhá don oibreoir. Rinneadh tástáil ar an modh seo atá saor ó radaíocht le haghaidh meastachán aoise ar an lámh agus ar chaol na láimhe ⁽¹⁴³⁾, ar an ndealachán ⁽¹⁴⁴⁾ agus ar an gcírín iliaich ⁽¹⁴⁵⁾.


Thángthas ar an gconclúid sna staidéir nár cheart measúnú trí **ultrafhuaim a bhreithníú mar rogha mhalartach bhailí fós ar mheasúnú aoise cnámh** ós rud é nach ndéantar na céimeanna fáis a léirshamhlú i gcónaí.

⁽¹⁴³⁾ Mentzel, H.J., Viiser, C., Eulenstein, M., Schwartz, T., Vogt, S., Böttcher, J., Yaniv, I., Tsolef, L., Kauf, E. and Kaiser, W.A., 'Assessment of skeletal age at the wrist in children with a new ultrasound device', *Pediatr Radiol*, (2005), *Iml. 35*, Eagrán 4, lgh. 429-433; Khan, K.M., Miller, B.S., Hoggard, E., Somani, A. agus Sarafoglou, K., 'Application of ultrasound for bone age estimation in clinical practice', *J Pediatr*, (2009), *Iml. 152*, Eagrán 2, lgh. 243/247, doi:10.1016/j.jpeds.2008.08.018.

⁽¹⁴⁴⁾ Quirnbach, F., Ramsthaler, F. agus Verhoff, M.A., 'Evaluation of the ossification of the medial clavicular epiphysis with a digital ultrasonach system to determine the age threshold of 21 years', *Int J Legal Med.*, (2009), *Iml. 123*, Eagrán 3, lgh. 241-245, doi:10.1007/s00414-009-0335-x.; Schulz, R., Zwiesigk, P., Schiborr, M., Schmidt, S. agus Schmeling, A., 'Ultrasound studies on the time course of clavicular ossification', *Int J Legal Med.*, (2008), *Iml. 122*, Eagrán 2, lgh. 163-167, doi:10.1007/s00414-007-0220-4.

⁽¹⁴⁵⁾ Schmidt, S., Schmeling, A., Zwiesigk, P., Pfeiffer, H. agus Schulz, R. 'Sonographic evaluation of apophyseal ossification of the iliac crest in forensic age diagnostics in living individuals', *Int J Legal Med.*, (2011), *Iml. 125*, Eagrán 2, lgh. 271-276, doi:10.1007/s00414-011-0554-9.





Measúnú ar fhorbairt fhisiciúil

Áirítear sa mheasúnú ar fhorbairt fhisiciúil comparáid idir rátáil airde, meáchain agus craicinn i measc daoine aonair nó daonraí i ndáil le sraith luachanna tagartha. Ag brath ar chleachtas stáit an Aontais+, d'fhéadfadh scrúdú fisiceach ginearálta a bheith mar chuid den mheasúnú ar fhorbairt fhisiciúil chun cur síos a dhéanamh ar aon chomharthaí de bhail a d'fhéadfadh cur isteach ar an ráta aibithe.

Nuair a bhaineann sé le comharthaí infheicthe d'aibíocht ghnéasach a thomhas agus measúnú a dhéanamh orthu, tugtar **breathnóireacht ar aibiú gnéasach** air freisin.


- Maidir le buachaillí, tá an scrúdú bunaithe ar fhorbairt phéinis agus uiríoch, ar chaithir, ar ghruaig ascaille, ar fhás féasóige agus ar fheiceálacht laraingeach.
- Maidir le cailíní, tá an scrúdú dírithe ar fhorbairt chíce, ar chaithir, ar ghruaig ascaille agus ar chruth an chromáin. Ar an meán, tagann cailíní i lánaibíocht ghnéis ag 16 bliana d'aois agus tagann buachaillí i lánaibíocht ghnéis ag 17 mbliana d'aois ⁽¹⁴⁶⁾.

Ag brath ar an gcleachtas agus ar na scrúduithe a dhéantar i stáit shonracha an Aontais+, seachas péidiatraithe, d'fhéadfadh lianna eile amhail gíniceolaí a bheith páirteach ann.



Mar a léirítear sna moltaí deiridh agus tríd an treoir, measann an Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn nár cheart úsáid a bhaint as aon mhodh ina bhfuil nochtacht nó scrúdú ar na baill ghiniúna i gceist mar bhealach chun aibíocht ghnéis a bhreathnú in imthosca ar bith.

⁽¹⁴⁶⁾ Le haghaidh tuilleadh eolais: SCEP, Páipéar seasaimh maidir le measúnú aoise i gcomhthéacs leanaí scartha san Eoraip (2012); UNICEF, Cleachtais mheasúnaithe aoise: athbhreithniú litríochta agus leabharliosta anótáilte; Schmeling et al., 'Forensic age estimation in unaccompanied minors and young living adults' in Forensic medicine — From old problems to new challenges (2011); Schmeling et al., 'Age estimation of unaccompanied minors — Part 1. General considerations', Forensic Science International, (2006). Cinneann an Choláiste Ríoga Péidiatraice agus Sláinte Leanaí 'ar an iomlán, ní féidir aois duine aonair a thuar ó aon bheart antrapaiméadrach, agus níor cheart iarracht a dhéanamh é sin a dhéanamh' (Ciste an Rí agus an Coláiste Ríoga Péidiatraice agus Sláinte Leanaí, 1999:40).



Modhanna leighis (baintear úsáid as radaíocht)

X-ghathú

Úsáideann x-ghathú, ar a dtugtar 'radagrafaíocht' freisin, radaíocht theoranta (ar a dtugtar tonnta leictreamaighnéadacha) chun íomhánna den taobh istigh den chorp a ghiniúint i n-imreacha éagsúla den dubh agus bán. Is amhlaidh atá toisc go n-ionsúnn fíocháin éagsúla méideanna éagsúla radaíochta. Lonsúonn cailciam i gcnámha an méid is mó X-ghathanna, mar sin bíonn cuma bhán ar chnámha. Lonsúnn saill agus fíocháin bhoga eile níos lú agus bíonn cuma liath orthu. Lonsúnn an t-aer an méid is lú, mar sin bíonn cuma dhubh ar na scamhóga.

Cinntear an aois chnámharlaigh ó chéim forbartha na gcnámha. Sna scrúduithe sin, déantar meastachán ar na céimeanna forbartha bunaithe ar chomhleá/aibiú chnámha sonracha. I measc na bpríomh-mhodhanna de X-ghathú tá carpasach, dealracháin, fiacla nó cromáin. Cé go mbaineann go leor stát an Aontais+ úsáid as na modhanna sin, ní chuireann siad i bhfeidhm iad ar an mbealach céanna agus is minic a úsáideann siad meascáin éagsúla agus/nó ord éagsúil. Is é is cúis leis an éagsúlacht cleachtas sin, den chuid is mó, go bhfuil nósanna



imeachta measúnaithe aoise fós á gcinneadh, den chuid is mó, leis an reachtaíocht náisiúnta agus go bhfuil nósanna imeachta ag teacht chun cinn trí dhlí-eolaíocht náisiúnta.

X-ghathú Carpasach (lámh/rosta)

Is éard atá i gceist leis sin meastóireacht a dhéanamh ar an riocht, ar mhéid na ngnéithe cnáimhe agus ar an méid cnámhú eifiséala trí radagraif láimhe. Cuirtear íomhá i gcomparáid leis an méid seo a leanas.

1. Atlas radagrafach, atá comhdhéanta d'íomhánna caighdeánacha den aois agus den ghnéas ábhartha chun céim na forbartha a chinneadh. Maidir leis an gcur chuige sin, is é atlas Greulich agus Pyle an tagairt chaighdeánach anois. Tháinig an modh seo chun cinn mar thoradh ar staidéar a rinneadh in 1935 a raibh sé mar aidhm leis measúnú a dhéanamh ar aibíocht chnámharlaigh seachas aois a mheas, agus níor cuireadh difríochtaí idirchiníocha nó socheacnamaíocha san áireamh.
2. Cnámha aonair (modh na gcnámh aonair) ina gcinntear leibhéal aibíochta na gcnámh aonair agus a chuirtear le chéile chun leibhéal aibíochta fhoriomlán a mheas. Maidir leis an gcur chuige sin, is é cur chuige Tanner-Whitehouse (atá ann i dtrí eagrán) an phríomhthagairt. Tá an dara heagrán bunaithe ar mheasúnú ar aibíocht chnámharlaigh agus ar thuar ar airde aosach. Déantar comparáid idir gach ceann den 20 cnámh sa lámh le sraith pictiúr d'fhorbairt an chnámh áirithe sin. Bunaíodh caighdeáin tagartha sna 1950idí agus sna 1960idí. Ar an meán, tá forbairt chnámharlaigh na gcnámha láimhe críochnaithe ag 17 mbliana d'aois i gcailíní agus ag 18 mbliana d'aois i mbuachaillí ⁽¹⁴⁷⁾.

Cé nach mbíonn tionchar suntasach ag bunadh eitneach ar rátaí cnámhaithe, is príomhfhachtóir é stádas socheacnamaíoch a théann i bhfeidhm ar an ráta cnámhaithe. Cuireann stádas ard socheacnamaíoch dlús le rátaí cnámhaithe, ach cuireann stádas íseal socheacnamaíoch moill ar chnámhú. Dá bhrí sin, má chuirtear caighdeáin X-ghathanna i bhfeidhm ar dhaoine aonair a bhfuil stádas socheacnamaíoch níos ísle acu, meastar go bhfuil an duine níos óige ná mar atá. Meastar go bhfuil sé seo inghlactha toisc nach mbeadh drochthionchar aige ar an duine a scrúdaíodh ⁽¹⁴⁸⁾

X-ghathú dealracháin

Is éard atá i gceist leis an modh seo measúnú a dhéanamh ar chomhtháthú an dealracháin. Chun a chinneadh gur duine fásta atá ann, ní mór an dá dealrachán de chuid an duine aonair a bheith comhtháthaithe. Déanann córais aicmithe thraidisiúnta idirdhealú idir ceithre chéim forbartha; tá an chéim dheireanach roinnte ina dhá chéim bhreise anois. (Má tá an comhtháthú críochnaithe agus má tá colm le feiceáil, is féidir glacadh leis i gcás na mban go bhfuil an duine 20 bliain d'aois ar a laghad, agus i gcás na bhfear go bhfuil an duine 21 bliain d'aois ar a

⁽¹⁴⁷⁾ Le haghaidh tuilleadh faisnéise: Tanner, J.M. et al., 'Reliability and validity of computer-assisted estimates of Tanner-Whitehouse skeletal maturity (CASAS): comparison with the manual method', Karger, (1994), Iml. 42, Uimh. 6; Frisch, H. et al., 'Computer-aided estimation of skeletal age and comparison with bone age evaluations by the method of Greulich-Pyle and Tanner-Whitehouse', Raideolaíocht Phéidiatraiceach, (1996), Iml. 26, Eagrán 3, Igh. 226-231; Gertych, A. et al., 'Bone age assessment of children using a digital hand atlas', Íomháú Leighis Ríomhairithe agus Grafaicí, (2007), Iml. 31, Eagrán 4-5, Igh. 322-331.

⁽¹⁴⁸⁾ Schmelting, A., Garamendi, P.M., Prieto, J.L. agus Landa, M. I., "Forensic age estimation in unaccompanied minors and young living adults", in Forensic medicine — From old problems to new challenges, Professor Duarte Nuno Vieira (Ed.), InTech, (2011), le fáil ag <http://cdn.intechopen.com/pdfs-wm/19163.pdf>.





laghad.) Tugadh faoi deara comhtháthú iomlán an dealracháin gan cholm le feiceáil a thuilleadh den chéad uair sa dá ghnéas ag aois 26 bliana ar a luaithe ⁽¹⁴⁹⁾.

X-ghathú fiacla

Is éard atá i gceist leis an modh seo staidéar a dhéanamh ar X-gha fiacla, ar a dtugtar ortopantomagram. Déantar forbairt chnámharlaigh a thomhas trí athruithe seicheamhacha ar bhrúchtadh agus ar struchtúr na bhfiacla le linn fás na hóige. Faoi 16-20 bliain d'aois, tá na fiacla go léir seachas an tríú sraith de chúilfhiacla (fiacla forais) forbartha go hiomlán. Ag an gcéim seo, tá raon leathan d'fhás choróin agus d'fhréamh na bhfiacla forais le feiceáil.

Is iad seo a leanas an dá phríomh-mhodh:

1. Déanann Gleiser agus Hunt (1955) ⁽¹⁵⁰⁾ cur síos ar fhorbairt fiacla i 15 chéim;
2. Déanann Demirjian (1973) ⁽¹⁵¹⁾ cur síos ar fhorbairt na bhfiacla in ocht gcéim, ina dtugtar scór do gach céim d'fhás na bhfiacla de réir samhail staitistiúil ⁽¹⁵²⁾.

Maidir le gearradh agus mianrú an tríú cúlfiacail, fuarthas amach go léiríonn Afracaigh ghorma forbairt luathaithe i gcomparáid le hEorpaigh; i gcodarsnacht leis sin, is féidir moilliú coibhneasta san fhorbairt a thaifeadadh i gcás na nÁiseach. Ar an gcúis sin, ba cheart staidéir thagartha a bhaineann leis an pobal ar leith a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar fhorbairt tríú cúlfiacail sa chleachtas a bhaineann le meastachán aoise ⁽¹⁵³⁾.

In ainneoin a héagsúlachta leathana, d'éiligh staidéir éagsúla gur dócha gurb é forbairt an tríú cúlfiacail an bealach is fearr chun idirdhealú a dhéanamh idir duine fásta agus leanbh agus ba cheart go mbeadh sé ar cheann de na nósanna imeachta measúnaithe aoise is mó a úsáidtear do dhaoine atá sna déaga déanacha.

X-ghathú chnámh pheilbhígh

De réir mar a athraíonn áit na gcnámha agus duine ag dul i dtreo an aois fásta ⁽¹⁵⁴⁾, is féidir aois chnámharlaigh a chinneadh tríd an chumas atá ar chnámha áirithe den pheilbhígh.

⁽¹⁴⁹⁾ Le haghaidh tuilleadh eolais: Schmeling, A. et al., 'Studies on the time-frame for ossification of the medial clavicular epiphyseal cartilage in radiography traidisiúnta', International Journal of Legal Medicine, (2004), Iml. 118, Eagrán 1, lgh. 5-8.

⁽¹⁵⁰⁾ Gleiser, I. agus Hunt, E. E. 'The permanent mandibular first molar: its calcification, eruption and decay', Am. J. Phys. Anthropol., (1955), Iml. 13, lgh. 253-283, doi:10.1002/ajpa.1330130206.


⁽¹⁵¹⁾ Demirjian, A., Goldstein, H. agus Tanner, J. M., 'A new system of dental age assessment', Human Biology, (1973), Iml. 45, Uimh. 2, lgh. 211-227, le fáil ag <http://www.bristol.ac.uk/media-library/sites/cmm/migrated/documents/dental-age-assessment.pdf>.

⁽¹⁵²⁾ Le haghaidh tuilleadh eolais: (al n.d.), 'Assessment of dental maturity of Brazilian children age 6 to 14 years using Demirjian's method', Int J Paediatr Dent, (2002), Iml. 12, Uimh. 6, lgh. 423-428; Liversidge, H.M., 'The assessment and interpretation of Demirjian, Goldstein and Tanner's dental maturity', Ann Hum Biol., (2012), Iml. 39, Eagrán 5, lgh. 412-431, doi:10.3109/03014460.2012.716080.

⁽¹⁵³⁾ Olze, A., Schmeling, A., Taniguchi, M., Maeda, H., van Niekerk, P., Wernecke, K-D. agus Geserick, G., 'Forensic age estimation in living subjects: the ethnic factor in wisdom tooth mineralization', Int J Legal Med, (2004), Iml. 118, lgh. 170-173; Olze, A., van Niekerk, P., Ishikawa, T., Zhu, B.L., Schulz, R., Maeda, H. agus Schmeling, A., 'Comparative study on the effect of ethnicity on wisdom tooth eruption', Int J Legal Med, (2007), Iml. 121, lgh. 445-448.

⁽¹⁵⁴⁾ Le haghaidh tuilleadh faisnéise: Schmeling, A. et al., 'Age estimation of unaccompanied minors — Part 1. General considerations', Forensic Science International, (2006); Schmidt, S. et al., 'Sonographic evaluation of apophyseal ossification of the iliac crest in forensic age diagnostics in living individuals', International Journal of Legal Medicine, (2011).





Samplaí ón gcleachtas

An Fhionlainn – Déanann an Roinn Míochaine Fóiréinsí in Ollscoil Heilsincí measúnú aoise leighis chun aois iarratasóra a shuí arna iarraidh sin do na póilíní, don Gharda Teorann nó do Sheirbhís Inimirce na Fionlainne. Is iad na modhanna a úsáidtear breathnóireacht fiaclóireachta, X-ghathú carpasach agus X-ghathú fiacla. Déanfaidh beirt saineolaithe comhmheasúnú. Beidh duine amháin ar a laghad de na saineolaithe ina fhostaí de chuid na Roinne Leighis Fóiréinseach in Ollscoil Heilsincí. Féadfaidh saineolaí a bheith ina lia-chleachtóir ceadaithe nó ina fhiaclóir ceadaithe a bhfuil an cumas riachtanach acu.

An Ísiltír — Ní dhéantar iarracht sa mheasúnú aoise leighis aois an iarratasóra a shuí, ach níl sé i gceist leis ach idirdhealú a dhéanamh idir aosacht agus mionaois fhéideartha. I bhfianaise an mhéid sin, déantar anailís ar X-ghathú láimhe/rosta. Mura bhfuil an rosta comhleáite go hiomlán, cuirtear deireadh ar an scrúdú agus meastar gur mionaoiseach é an t-iarratasóir. Má tá sé comhtháthaithe go hiomlán, déanfar trí X-ghathú dealrachain sa bhreis. Ní mór do bheirt raideolaithe neamhspleácha teacht ar an gconclúid ar leithligh go bhfuil an dá dealrachán comhtháthaithe. Déanfaidh saineolaí breise (antraipeolaí fóiréinseach), tar éis dó conclúidí an dá raideolaithe a bhailiú, cinneadh bunaithe ar a gcuid torthaí. I gcás torthaí neamhchonclúideacha nó easaontas idir tuarascálacha na raideolaithe, meastar gur mionaoiseach é an t-iarratasóir. Is féidir achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh.

(c) Roinnt breithnithe breise

Is teicnící éagsúla iad MRI, X-ghathú agus tomagrafaíocht ríomhchuidithe (CT/CAT) a úsáidtear chun íomhá an fháis cnáimhe a ghabháil. Déanfar na híomhánna seo a chur i gcomparáid le staidéir thagartha chun an chéim den fhorbairt fáis a chomhfhreagraíonn don íomhá a bhunú agus, ar deireadh, chun an raon aoise a bhaineann leis an gcéim fáis seo a dheimhniú.





MRI nó MR

- Comhcheanglaíonn siad maighnéad cumhachtach le hardchóras ríomhaireachta agus le radathonnta chun pictiúir chruinne, mhionsonraithe d'orgáin agus d'fhíocháin, de chnámha agus de struchtúir inmheánacha eile an choirp a chur ar fáil. Chun an t-íomháú trasghearrthach a tháirgeadh, úsáideann MRI réimsí maighnéadacha agus radamhinicíochtaí.
- Oiriúnach d'íomhá a chruthú d'orgáin, d'fhíochán bog agus de struchtúir inmheánacha.
- Saor ó radaíocht.

X-ghathú

- Úsáideann X-ghathú méid teoranta radaíochta a théann tríd an gcorp chun íomhá amháin d'anatamaíocht an scrúdaí a ghabháil.
- Cuireann rudaí dlútha, cosúil le cnámha, bac ar an radaíocht agus bíonn cuma bhán orthu ar an bpictiúr X-ghathú.
- Tá radaíocht i gceist leis.

CT/CAT

- Scrúdú ina gcomhcheanglaítear X-ghathanna le ríomhairí chun radhairc thrasghearrthacha 360 céim den chorp a dhéanamh trí x-ghathanna iolracha a thógtar ar uillinneacha éagsúla.
- Oiriúnach d'íomhá a chruthú de chnámh, d'fhíochán bog agus d'fhuileadán go léir ag an am céanna. Cuireann sé sonraí ar fáil don raideolaí maidir le struchtúir chnámha nó le gortuithe. Mar gheall ar an nochtadh don radaíocht, ní mholtar CT do mhná atá ag iompar ná do leanaí mura bhfuil sé fíor-riachtanach.

Gné thábhachtach eile atá le cur san áireamh is ea na forbairtí is déanaí maidir le húsáid léirmhínte ríomhchuidithe ar íomhánna X-ghathaithe nó ar íomhánna MRI. Is é cuspóir na mbogearraí seo an diall laistigh den ionbhreathnóir agus idirbhreathnóra a laghdú (ar a dtugtar idir-rátála), mar sin déantar an íomhá chéanna a chatagóiriú ar an mbealach céanna in ainneoin earráidí a d'fhéadfadh a bheith ann leis an ionbhreathnóir (an breathnóir céanna a dhéanann meastóireacht ar an íomhá chéanna ag amanna éagsúla) nó leis an n-idirbhreathnóir (breathnóirí éagsúla a dhéanann meastóireacht ar an íomhá chéanna).





Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh

